

Tuaraścáil Bhliantúil Ghrúpa CIE 2015



*Ceangal idir Daoine –
Ceangal idir Áiteanna*

*Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ
An Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2015*



Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin 2015



Ioncam

€1,153.0m 2015

€1,120.0m 2014



+6.5m

Aistir chustaiméirí le Grúpa CIÉ

241.0m 2015

234.5m 2014



+1.9m

Aistir chustaiméirí le hIarnród Éireann

39.7m 2015

37.8m 2014



+0.7m

Aistir chustaiméirí le Bus Éireann (gan iompar Scoile san áireamh)

37.9m 2015

37.2m 2014



+3.8m

Aistir chustaiméirí le mBus Átha Cliath

122.4m 2015

118.6m 2014



+0.1m

Aistir chustaiméirí Iompair Scoile

41.0m 2015

40.9m 2014

Clár na nÁbhar

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Athbhreithniú Airgeadais 2015	5
Athbhreithniú ar Oibríochtaí 2015	13
Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa	28
Coistí an Bhoird	29
Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann	30
Ráiteas Rialachais Chorparáidigh	33
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	36
Tuarascáil na nIníochóirí Neamhspleácha	37
Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta	39
Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais	49
Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach	50
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	51
Clár Comhardaithe an Eintitis	52
Ráiteas Comhdhlúite um Athruithe ar Chothromas	53
Ráiteas um Athruithe ar Chothromas i gcás Eintiteas ClÉ	54
Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid	55
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	56

Buaicphointí

Ráiteas an Chathaoirligh

Athbhreithniú

Ráitis Airgeadais



Is mian le Córas Iompair Éireann aitheantas a thabhairt don chistiú a rinne Rialtas na hÉireann ar mhórtionscadail faoi choimirce AE, agus don chistiú faoi chuimsiú chreat Meán-Téarmach an Státchiste um Bonneagar agus Infheistíocht Chaipitiúil 2012-2016.

Ráiteas an Chathaoirligh



Tá áthas orm a thuairisciú gur lean CIÉ ar aghaidh in 2015 ag cur le líon na n-aistear custaiméirí ar fud a sheirbhísí. Bhí méadú 6.5 milliún (2.8%) i gceist, as ar eascair méadú €20.9 milliún (2.5%) ar ioncam táillí an Ghrúpa.

Is é ár gcuspóir é tacú le fás gheilleagar na hÉireann, agus leis an gcomhtháthú sóisialta, trí sheirbhísí iompair phoiblí tarraingteacha a chur ar fáil. Déanaimid an méid sin trí riachtanais taistil ár gcustaiméirí a chomhlíonadh agus seirbhís níos fearr a sholáthar ná mar a bhfuil súil acu léi, rud a spreagann éileamh méadaithe.

Rinne gach ceann de na trí chuideachta oibríochta dul chun cinn ceart i dtaobh cháilíocht a gcuid seirbhísí. Is mian liom aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne ár lucht bainistíochta agus ár bhfoireann i dtaobh seirbhísí iompair phoiblí den scoth a chur ar fáil, agus buíochas a ghabhail leo.

Is mór ag CIÉ feidhmíocht láidir Bhus Átha Cliath, ar éirigh go geal leis sa bhliain atá faoi thrácht ó thaobh custaiméirí agus cúrsaí airgeadais araon. Tá dúshlán fúinn ina leith sin anois; is é sin leanúint ar aghaidh ag freastal ar an méadú ar éileamh ar bhealach éifeachtúil.

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh ag soláthar seirbhísí iarnróid sábháilte, iontaofa in 2015. Is iad an deaphoncúlacht, raon cuimsitheach tionscnamh sábháilteachta agus infheistíochtaí tábhachtacha nua a fheabhsóidh amanna aistir do chustaiméirí na bloic thógála chun leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn mór a rinneadh maidir le forbairt an ghnó in 2015.

Chuir Bus Éireann le líon na bpaisinéirí ar fud gach seirbhíse dá chuid. Tá timpeallacht oibríochta dhúshlánach ag bagairt air, áfach. Cuireadh le déine na hiomaíochta i gcás Expressway i rith na bliana. Cuireadh deireadh leis an laghdú pá 19 mí caibidlithe ag tús na bliana 2015, as ar tháinig méadú ar chostais oibriúcháin don bhliain. D'fhág laghdú ar ioncam conartha go ndearnadh cailteanas as an ngnó Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) don bhliain 2015.

Chonacthas meath ar an líon custaiméirí agus ar an gcorrlach i gcás CIÉ Tours in 2015. Mar gheall ar mheon diúltach na dtomhaltóirí tríd is tríd i leith taistil san Eoraip le linn na príomhthréimhse áirithinte, laghdaíodh líon na dturas, agus d'fhág an méadú ar an iomaíocht i gcomhair líon ní ba lú custaiméirí go raibh an corrlach faoi bhrú. Mar sin féin, rinne CIÉ Tours brabús arís in 2015.

Ó 2012, táimid ag díriú ar fheabhas a chur ar staid leachtachta ghearrthéarnamh an Ghrúpa, agus ár seirbhísí ardchaighdeán á gcothabháil againn. Idir mhéadú ar líon na bpaisinéirí agus thionscnaimh laghdaithe costais, chomh maith le cistiú breise i gcomhair na cothabhála rialta atá riachtanach, tá dul chun cinn maith déanta ag Grúpa CIÉ agus aghaidh á thabhairt aige ar a chuid riachtanas leachtachta sa ghearrthéimhse. Bhog an Grúpa ar aghaidh ó ghlanfhiach €18.6 milliún ag deireadh na bliana 2014 go dtí iarmhéid airgid ghlan €5.1 milliún ag deireadh na bliana 2015. Mar sin féin, tá cobhsaíocht airgeadais agus leachtacht an Ghrúpa sa mheántréimhse fós ina ndúshlán.

Tá tacaíocht ón Státchiste le haghaidh an iompair phoiblí ríthábhachtach go fóill i dtaobh inmharthanacht fhadtéarmach airgeadais an Ghrúpa. Chuir an Státchiste cistiú forlíontach ar fáil do chothabháil riachtanach in 2014 agus in 2015 araon. Faoi Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis AE, áfach, d'fhéadfaí srian a chur amach anseo ar an acmhainn cistithe don chaiteachas riachtanach tríd an sásra sin.

Tháinig méadú ar an gcistiú foriomlán ón Státchiste in 2015. Mar sin féin, is mó go fóill iad na costais bhunriachtanacha agus an infheistíocht is gá chun raon feidhme na seirbhísí iompair phoiblí a choimeád ar bun ná an cistiú atá ar fáil. In 2014, aithníodh an méid sin mar fhadhb mhór san Athbheithniú Iarnróid a rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair i gcomhar le hiarnród Éireann.



In 2015, d'infheistigh an Grúpa €16.8 milliún níos mó i gcothabháil riachtanach a bhonneagair iarnróid ná mar a cuireadh ar fáil ó Státchiste. Bhí drochtionchar ar fheidhmíocht EBITDA an Ghrúpa sa bhliain sin de bharr na hinfeistíochta riachtanaí sin. Ní mór cur chuige tiomanta, ilbhliantúil a fhorbairt i leith cistiú a dhéanamh ar chothabháil an bhonneagair iompair phoiblí. Tá an méid sin ríthábhachtach chun inbhuanine airgeadais Ghrúpa CIÉ san fhadtréimhse a áirithiú.

Tá bearna cistithe tagtha chun cinn arís i dtaobh seirbhísí bus OSP a sholáthar lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Príomhábhar imní de chuid Bhord CIÉ go fóill is ea fáil a bheith ar chistiú ilbhliantúil, chun a áirithiú go soláthrófar seirbhísí iompair atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais agus ó thaobh oibriúcháin araon. Tá CIÉ lán-tiomanta d'oibriú lena pháirtithe leasmhara chun plean fadtéarmach a fhorbairt ina mbainfear cothromaíocht amach idir riachtanais soláthair seirbhíse agus an cuspóir i dtaobh inbhuanaitheacht cistithe a bhaint amach.

Cé gur éirigh go geal le trádáil Ghrúpa CIÉ i gcoitinne i rith 2015, is léir go bhfuil dúshlán mhóra le sárú aige fós. Is iad na cinn is suntasaí díobh sin:

Straitéis i leith Fhorbairt Inbhuanaithe an Iompair Phoiblí. Is é an sainchúram atá ar CIÉ ná iompar ar iarnróid agus ar bhusanna atá riachtanach don tsochaí a chur ar fáil ar bhealach comhtháite, dea-fheidhmiúil. Chun seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar, tá gá le spriocanna cuí pleanála meántréimhsí ina sainaitheannar cuspóirí soiléire. Caitheann forbairt agus soláthar leanúnach seirbhísí a chur i gcomhthéacs an chistithe atá ar fáil. Déanfaimid tacaíocht a lorg ionas go ndéanfar gealltanais cistithe ar bhonn ilbhliantúil, toisc go gcuirfidh sé sin ar ár gcumas dúinn torthaí atá éifeachtach ó thaobh costais a bhaint amach don phobal taistil, agus cur le forbairt chothrom réigiúnach agus gheilleagrach ar chostas réasúnta.

Brú leanúnach ar an Státchiste. Léiríodh san athbheithniú a rinneadh i mbliana ar an gconradh OSP go bhfuil méadú €5 mhiliún tagtha ar easnamh carnach an tsoláthair OSP in 2015, go dtí €208 milliún. In 2014, chuir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in iúl go raibh infheistíocht fhorlíontach €51 mhiliún le déanamh in Iarnród Éireann, infheistíocht a úsáideadh den chuid ba mhó chun Mórchothabháil an fhliú rothstóic a chistiú le linn 2015. Ar an gcaoi chéanna, sa ráithe deiridh de 2015, cuireadh €38 milliún ar fáil ar bhonn forlíontach, a chabhróidh le riachtanais Mhórchothabhála na bliana 2016 a chistiú.

Tá fáilte mhór roimh an gcistiú sin toisc gur fheabhsaigh sé an acmhainn atá againn chun seirbhísí ardcháilíochta iompair ar iarnród a choinneáil ar bun, agus toisc gur fheabhsaigh sé staid leachtachta an Ghrúpa ó bhliain go bliain. Mar sin féin, de bharr gur gá cothabháil leanúnach a dhéanamh ar an bhflíú rothstóic, tá sé fíor-riachtanach go mbeadh gealltanais ann i dtaobh chistiú bliantúil na cothabhála sin.

Mar atá cur síos air sa dréacht-doiciméad i leith Chreat Straitéiseach na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt don Infheistíocht in Iompar ar Tír 2014, aontaíonn an Scairshealbhóir, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, CIÉ agus Iarnród Éireann go bhfuil an gréasán iarnróid tearc-chistithe de mhéid nach beag i bhfiannaise a scála agus na seirbhísí atá le soláthar againn de réir conartha. Is den tábhacht é gur léir todhchaí inbhuanaithe a bheith ann d'Iarnród Éireann, d'fhonn a chinntiú go bhfuil ar a chumas gréasán agus seirbhísí a sholáthar a rachaidh chun tairbhe an gheilleagair.

Ráiteas an Chathaoirligh (ar lean)



Cúiteamh Oiriúnach OSP do Bhus Éireann. Thabhaigh Bus Éireann cailteanas ar chostas na seirbhísí OSP a chuir sé ar fáil in 2015. Ba léir le linn 2015 go raibh conradh OSP Bhus Éireann tearc-chistithe de €6 mhilliún nó mar sin. Faoi dheireadh na bliana bhí an fhadhb sin réitithe sa deireadh. Mar gheall ar an uair agus an gcaoi a thángthas ar réiteach, bhí an-chuid éiginnteachta ann i rith na bliana, rud a d'fhág go raibh mórdhúslán gnó leanúnach le sárú ag Bus Éireann.

Expressway. Tá seirbhís tráchtála Expressway ag feidhmiú i margadh an-dúshlánach ina n-éilítear go gcuirfí chun feidhme clár athraithe chun an chuideachta a chur i riocht inar féidir léi dul i mbun iomaíochta go héifeachtach.

An Luas Traschathrach ag cur isteach ar Oibríochtaí. Chuir an Luas Traschathrach bac dúshlánach ó thaobh lóistíochta ar oibríochtaí Bhus Átha Cliath in 2015. Beifear fós ag cur isteach orthu in 2016, agus leanfaidh Bus Átha Cliath ar aghaidh ag tabhairt faoin dúshlán sin. Tá an méid sin le feiceáil sa bhorradh láidir atá faoi úsáid na seirbhísí ainneoin an cur isteach. Ba mhaith linn aird a dhíriú ar éifeachtacht na bpleananna bainistíochta tráchta a cuireadh i bhfeidhm i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus An Garda Síochána chun an cur isteach a íoslaghdú.

Buíochas

Tá Grúpa CIÉ fós ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Tríd an rannpháirtíocht chomhoibríoch, is féidir linn dúinn a bheith ag obair leis an Údarás chun réitigh a chur ar fáil a thugann fíorluach do chustaiméirí. Sampla suntasach de sin is ea an rath a bhí ar LEAP, an Córas Ticeadaithe Chomhtháite. Tacaíonn CIÉ go gníomhach le breis úsáide na gcustaiméirí as LEAP, cé go bhfágann sé sin nach bhfuil an t-ioncam ag fás ag an ráta céanna le líon na n-aistear custaiméirí.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Uasal Paschal Donohoe, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus le Ann Phelan Uasal, an tAire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le Freagracht ar Leith as Forbairt Gheilleagrach na Tuaithe. Tugaimid aitheantas dá dtacaíocht do Ghrúpa CIÉ i rith na bliana agus is mór againn an tacaíocht sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na hoifigigh sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus san Údarás Náisiúnta Iompair as an gcúnamh a thugann siad dúinn.

Tá sé d'ádh ar CIÉ a bheith in ann leas a bhaint as an ionchur óna chuid Comhaltaí Boird, a chuireann saineolas agus taithe luachmhar ar fáil chun cabhrú le rialú na heagraíochta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord as a chuid seirbhíse i rith na bliana agus, go háirithe, aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne an tOllamh P.J. Drudy agus Frances Meenan Uasal a chuaigh ar scor ón mBord i rith na bliana. Tá áthas orm go bhfuil an tUasal Aebhrich McGibney fós ar an mBord, tar éis don Aire é a athcheapadh le linn na bliana, agus cuirim fáilte roimh Christine Moran Uasal, an tUasal Ruairí O'Flynn agus Niamh Walsh Uasal chuig an mBord.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis na Comhaltaí Boird agus le stiúrthóirí na bhfochuideachtaí go léir as cúnamh a thabhairt do na fochuideachtaí agus CIÉ agus tacú leo, agus as a gcuid ama a chur ar leataobh chun a bheith ar an mBord agus ar na coistí agus na grúpaí comhairleacha éagsúla ríthábhachtacha laistigh de Ghrúpa CIÉ.

Vivienne Jupp
Cathaoirleach

Athbhreithniú Airgeadais 2015

EBITDA

Léiríonn torthaí oibriúcháin Ghrúpa CIÉ i leith na bliana 2015 tuilleamh €48.3 milliún roimh ús, cánachas, dímhéas agus amúchadh agus roimh chostais eisceachtúla agus brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta (EBITDA).

Ioncam agus EBITDA

	2015	2014	Athrú
	€m	€m	€m
Ioncam ó tháillí agus ioncam tráchtála	846.0	825.1	20.9
Ioncam eile			
Ioncam ó na conarthaí OSP	189.6	211.8	(22.2)
Deontais Stáit eile	117.4	83.1	34.3
	307.0	294.9	12.1
Ioncam iomlán	1,153.0	1,120.0	33.0
Párolla roimh choigeartú pinsin	(556.5)	(545.8)	(10.7)
Coigeartú pinsin	(8.2)	10.5	(18.7)
Ábhair agus seirbhísí	(540.0)	(503.5)	(36.5)
Iomlán na gcostas oibriúcháin	(1,104.7)	(1,038.8)	(65.9)
EBITDA	48.3	81.2	(32.9)

Tá an toradh EBITDA €48.3 milliún i gcomhair na bliana 2015 €32.9 milliún níos ísle ná EBITDA na bliana 2014, €81.2 milliún. Is iad na príomhchúiseanna leis an meath ar an EBITDA:

- Áiríodh in EBITDA na bliana 2014 tairbhe shuntasach aonuaire a bhaineann le cistiú breise €12.0 milliún ón Stát. Leis an tsuim sin, a fuarthas amach sa bhliain 2014 trí mheastachán forlíontach, rinneadh cistiú ar timpeall 70% den mhéadú €16.8 milliún ar chothabháil an bhonneagair iarnróid a tharla in 2015.
- Is iad na coigeartuithe cuntasaíochta pinsin is bonn le laghdú €18.7 milliún ar EBITDA ó bhliain go bliain; cé gur mír neamhairgid é an coigeartú, díríonn an méadú aird ar an tábhacht a bhaineann le hathruithe ar phinsin a chur chun feidhme, ar bhonn comhaontaithe, rud a

laghdóidh an baol go n-ardódh costais go mór mar a tharla in 2015. Léiríonn an coigeartú pinsin an difríocht idir na muirir seirbhíse reatha agus na muirir seirbhíse roimhe seo faoi FRS 102 agus na ranníocaíochtaí fostóra iarbhír a íocadh agus is iníoctha sa bhliain.

Nuair a chuirtear na tosca sin san áireamh, léiríonn an fheidhmíocht bhunúsach EBITDA dea-fheidhmíocht ghnó mar gheall ar na tosca seo a leanas:

- Dea-fheidhmíocht ioncaim ar fud na n-oibríochtaí go léir tráth a chuir Grúpa CIÉ 6.5 milliún lena líon paisinéirí go dtí 241.0 milliún aistear paisinéirí, rud a léiríonn méadú 3.6%.
- Léiríonn an méadú ar chostais phárolla i rith na bliana an earcaíocht ba ghá chun freastal ar an éileamh breise, mar aon le béim níos mó ar chothabháil riachtanach leanúnach seachas ar oibreacha tionscadail nua.
- Tháinig méadú €10.7 milliún sa bhliain ar na costais phárolla roimh choigeartú pinsin. Le linn 2015, spáráil foireann Iarnród Éireann €5.6 milliún trí scéim dheonach laghdaithe pá. Tháinig deireadh le clár den chineál céanna, a bhí i bhfeidhm i mBus Éireann, i mí na Nollag 2014 agus dá bhrí sin tháinig méadú €5.0 milliún ar na costais phá ó bhliain go bliain.

Cabhraíonn na treochtaí dearfacha i dtaobh ioncaim ó tháillí linn tabhairt faoin dúshlán leanúnach a bhaineann le hóc as cothabháil an bhonneagair iompair phoiblí agus na bhflíteanna de réir na gcaighdeán cúí:

- Chuir an Rialtas €36.2 milliún leis an tacaíocht uaidh don infheistíocht i gcothabháil an bhonneagair iarnróid; bhí an méid sin de bhreis ar chistiú €12.0 milliún a cuireadh ar fáil in 2014 le haghaidh cláir chothabhála pleanáilte a rinneadh in 2015. Cuireadh €16.8 milliún san iomlán le costas iomlán chothabháil an bhonneagair iarnróid, gan an cistiú san áireamh, in 2015.
- Áirítear leis an infheistíocht mhéadaithe sin i dtaca le cothabháil an bhonneagair iarnróid cláir mhór-athnuachana ar bhallasta ráillí díghrádaithe agus athchóiriú riachtanach ar fhoirgnimh stáisiúin, rud a thacóidh le haistir níos tapa agus níos fearr don phobal taistil.

Ar deireadh, laghdaíodh cistiú na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) i rith 2015 – déanann an laghdú €22.2 milliún fritháireamh, agus tuilleadh, ar na feabhsuithe ar ioncam ó tháillí. Mar thoradh air sin, níor fheabhsaigh an EBITDA de bharr na ngnóthachan a baineadh amach i rith na bliana, trí phaisinéirí breise a iompar den chuid is mó.

Athbhreithniú Airgeadais 2015 (ar lean)

Ioncam

Ba é €1,153.0 milliún ioncam Ghrúpa CIÉ in 2015 agus is féidir miondealú a dhéanamh air sin de réir cuideachta agus gníomhaíocht gnó mar seo a leanas:

Ioncam ó Tháillí, Ioncam Tráchtála agus Ioncam OSP

	2015	2014	Athrú
	€m	€m	€m
Iarnród Éireann	233.9	217.6	16.3
Bus Éireann	303.0	297.9	5.1
Bus Átha Cliath	228.1	216.0	12.1
Eile (CIÉ Tours, Maoin agus an Lónra Fógraíochta Comaitéirí)	81.0	93.6	(12.6)
Ioncam ó tháillí agus ioncam tráchtála	846.0	825.1	20.9
Ioncam ó na conarthaí OSP			
Iarnród Éireann	98.2	117.4	(19.2)
Bus Éireann	33.7	34.4	(0.7)
Bus Átha Cliath	57.7	60.0	(2.3)
Ioncam ó na conarthaí OSP	189.6	211.8	(22.2)
Cistiú eile ón Stát	117.4	83.1	34.3
Ioncam iomlán	1,153.0	1,120.0	33.0


Ioncam ó Tháillí agus Ioncam Tráchtála

Tháinig méadú ar an ioncam ó tháillí agus an ioncam tráchtála i ngach ceann de na cuideachtaí iompair phoiblí, rud ba chúis le feabhas €33.5 milliún in 2015 ar a n-ioncam foriomlán. I gcás ioncam €20.1 milliún ó Mhaoin agus ó ghníomhaíocht Fógraíochta, a bhíodh leithdháilte i bpáirt do na cuideachtaí oibríochta roimhe seo, déantar é a leithdháileadh ina iomláine anois ionas go bhfaigheann gníomhaíochtaí OSP na gcuideachtaí oibríochta lántairbhe na gníomhaíochta coimhdí. Tháinig laghdú €5.2 milliún ar ioncam CIÉ Tours mar gheall gur laghdaigh líon na bpaisinéirí.

Tá áthas ar CIÉ a thuairisciú go n-eascraíonn cion níos airde den fhás ioncaim ón éileamh níos mó ar a chuid seirbhísí ná mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe seo. Tháinig méadú 2.7% ar an ioncam foriomlán ó tháillí, agus bhí 1.8% de sin

a bhuí leis an méadú ar líon na gcustaiméirí. Tháinig méadú €25.1 milliún ar an ioncam ó tháillí, méadú a d'eascair as líon méadaithe aistear paisinéirí (€15.2 milliún), agus arduithe táillí a cheadaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair in 2014 (€9.9 milliún).

Tháinig laghdú ar líon paisinéirí CIÉ Tours i rith 2015. Thaistil 43,403 chuariteoir go hÉirinn agus go dtí na Breataine Móire le CIÉ Tours i rith na bliana, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na tionscnóirí turas is mó atá ag tabhairt turasoírí isteach sa tír.




Ioncam ó na Conarthaí OSP

Tháinig laghdú ar an ioncam ón na conarthaí OSP i gcás gach cuideachta oibríoch in 2015.

I gcás Iarnród Éireann, bhíodhas in ann glacadh leis an laghdú ar an ioncam ón gconradh OSP mar gheall ar an mborradh faoin ioncam agus mar gheall gur leanadh den dianrialú ar chostais. Mar thoradh ar an laghdú, áfach, ní dharna Iarnród Éireann brabús réasúnta ar a chonradh OSP in 2015. Cé gur éascaigh an laghdú ar an OSP do chistiú méadaithe le haghaidh an bonneagar a chothabháil, chuir an laghdú ar ioncam ón gconradh OSP leis an méadú ar an easnamh a thabhaigh Iarnród Éireann in 2015.

I mBus Éireann, tháinig laghdú 2% ar ioncam OSP agus níor leor é chun brabús réasúnta a dhéanamh ar a ghníomhaíocht OSP i rith na bliana.

Is mór ag CIÉ feidhmíocht oibríochtúil láidir Bhus Átha Cliath. D'éirigh go geal le Bus Átha Cliath i dtaobh fás ioncaim i rith na bliana. Toisc gur bhain paisinéirí leas as ticéid LEAP arbh fhearr a luach ná ticéid eile, is ar bhonn éileamh breise ar sheirbhísí iompair phoiblí atá an méadú ioncaim go léir beagnach. D'éirigh le Bus Átha Cliath leibhéal méadaithe seirbhíse a chur ar fáil agus an costas díreach atá ar an Stát i leith an chonartha OSP á laghdú aige.



De bharr an fheabhais leanúnaigh ar éifeachtúlacht na seirbhísí iompair phoiblí arna soláthar ag Grúpa CIÉ, bhíothas in ann glacadh le laghdú breise ar an ioncam ón gconradh OSP in 2015. Mar sin féin, sháraigh an laghdú ar ioncam OSP an tairbhe a fuarthas ón líon breise paisinéirí nuair a cuireadh san áireamh na costais mhéadaithe, go háirithe i dtaobh chothabháil an bhonneagair. Tharla creimeadh eile fós ar bhonn caipitil an Ghrúpa dá bharr sin. Ionas go mbeidh an Ghrúpa inmharthana san fhadtréimhse, ní mór an t-ioncam OSP a shocrú ar leibhéal a ghinfidh toradh réasúnta ionas go mbeidh an neart airgeadais ag an ngnó chun leanúint ar aghaidh ag tabhairt faoina chuid dúshlán gnó.

Cistiú eile ón Stát

Baineann an Cistiú Eile ón Stát den chuid is mó le cistiú d'Iarnród Éireann i ndáil le costais chothabhála an bhonneagair iarnróid. In 2014, chomhaontaigh Iarnród Éireann Conradh Ilbhliantúil leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, arna riar ag an Roinn agus faoi mhonatóireacht an Údarás Náisiúnta Iompair, faoina ndéantar cistiú ar an gcaiteachas ar chothabháil agus athnuachan an Bhonneagair Iarnróid.

In 2015 caitheadh céatadán níos mó den chistiú ón gConradh Ilbhliantúil ar chothabháil riachtanach agus caitheadh céatadán níos lú ar athnuachan. Dá thoradh sin, áirítear céatadán níos mó den chistiú mar Dheontas Ioncaim agus tá na costais chothabhála ghaolmhara luaite leis na Costais Oibriúcháin.

Fáiltíonn CIÉ roimh an ngealltanas cistiú breise a chur ar fáil do chothabháil riachtanach an bhonneagair agus tá sé féin tar éis acmhainní a ghealladh de bhreis ar an gcistiú díreach atá ar fáil chun a chinntiú go ndéanfar an bonneagar a chothabháil de réir na gcaighdeán is airde is féidir faoi réir na srianta airgeadais atá ar CIÉ agus ar an Státchiste araon.

Tá toradh oibriúcháin Iarnród Éireann laghdaithe in 2015 mar gheall ar an nglanchaiteachas breise €16.8 milliún a rinne CIÉ ar chothabháil an bhonneagair. Faoin meastachán forlíontach, a cuireadh ar fáil amach sa bhliain 2014, soláthraíodh €12.0 milliún den chistiú don infheistíocht mhéadaithe sin. Níl mór tiomantas níos

fadtéarmaí a bheith ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do chothabháil an bhonneagair chun cloí leis na hardchaighdeán sábháilteachta agus iontaofachta oibríochtúla atá fúinn a bhaint amach ar bhonn leanúnach.

Costais Oibriúcháin

Tháinig méadú €66.0 milliún in 2015 ar chostais oibriúcháin an Ghrúpa roimh chostais eisceachtúla, ó €1,038.8 milliún in 2014 go dtí €1,104.8 milliún in 2015.

Seo thíos achoimre ar an ngluaiseacht i gcostais oibriúcháin ó 2014 go dtí 2015:

- Tá na costais phinsin a chuir achtúirí an Ghrúpa in iúl san áireamh sna ráitis airgeadais chun teacht le riachtanais chuntasaíochta FRS 102 i dtaobh pinsin sochar sainithe. I gcomparáid le 2014, tháinig méadú €18.7 milliún ar an gcoigearú neamhairgid i leith costais phinsin.
- I mí Dheireadh Fómhair 2014, ghlac foireann Iarnród Éireann le scéim dheonach um laghdú pá. Feidhmíodh an scéim dheonach sin um laghdú pá laistigh de CIÉ freisin, rud a d'fhág gur tháinig laghdú €5.3 milliún ar na costais oibriúcháin i gcomparáid le 2014.
- Tá áthas orainn a thuairisciú gur chuir Grúpa CIÉ 191 duine le líon na bhfostaithe in 2015 chun freastal ar an éileamh níos mó ó phaisinéirí. Is é €11.0 milliún an costas breise dá bharr sin.
- Tá Iarnród Éireann ag streachailt leis an gcaighdeán is fearr is féidir a bhaint amach lena chuid acmhainní teoranta i dtaobh chothabháil an bhonneagair. Sa chomhthéacs sin, tá cion níos mó dár n-acmhainn saothair féin tiomanta do chothabháil seachas caipiteal, agus d'fhág sé sin go raibh €4.6 milliún breise den chostas iomlán párolla san áireamh leis na costais oibriúcháin i leith na bliana.
- Tá méadú mór tagtha ar chaiteachas ar chothabháil an bhonneagair in 2015 i gcomparáid le 2014. Méadú pleanáilte atá i gceist agus fuarthas cistiú breise nach beag ina leith ón Stát.
- Tá méadú fós ag teacht ar an líon leanaí a úsáideann an tSeirbhís Iompair Scoile a chuireann Bus Éireann ar fáil.



- Mar gheall ar an méadú ar líon na n-aistear paisinéirí, agus ar líon na n-éileamh bainteach, tá soláthar CIÉ i leith éileamh sa bhliain méadaithe aige.
- Ar deireadh, sábháladh costas €7.2 milliún a chuimsíonn €3.3 milliún a bhaineann le laghdú ar líon na gcustaiméirí de chuid CIÉ Tours agus éifeacht na dtionscnamh eile sábhála costais ar fud an Ghrúpa.

Seo thíos achoimre ar an athrú ó bhliain go bliain:

	€m	
EBITDA 2014		81.2
Méadú ioncaim	20.9	
Laghdú ar ioncam OSP	(22.2)	(1.3)
Glanchaiteachas breise ar chothabháil iarnróid a ndearnadh cistiú uirthi ó acmhainní dílse		(16.8)
Coigeartú neamhairgid ar chostais phinsin		(18.7)
Athruithe eile – glanluach		3.9
EBITDA 2015		48.3

Léiríonn an achoimre go ndearna an Grúpa dul chun cinn an-mhaith i dtaobh cur lena bhonn ioncaim táillí in 2015. Tá an laghdú ar chistiú OSP á chur i gcoinne an fheabhsaithe sin, áfach, agus á shárú.

Glactar leis go ginearálta anois go bhfuil an leibhéal cistithe atá ar fáil do chothabháil an bhonneagair iarnróid faoi bhun an leibhéil atá riachtanach chun an gréasán a chothabháil ionas nach dtiocfaidh meath air. Dá bhrí sin, bhíomar sásta cistiú breise cothabhála €35.4m a fháil in 2015, agus nuair a chuirtear san áireamh leis sin an cistiú breise €12.0 milliún a cuireadh ar fáil in 2014, rinneadh maoiniú leis ar oibreacha cothabhála breise nach beag. Ina theannta sin, chuir CIÉ €4.8 milliún dá chuid acmhainní féin ar fáil chun cothabháil an bhonneagair a chistiú.

Tá tionchar mór ag rátaí úis fadtéarmacha ar an gcostas san fhadtréimhse i dtaobh sochair na bpinsean sochar sainithe

a sholáthar. De réir mar a laghdaigh rátaí úis, tháinig méadú ar an gcostas a bhaineann le hioncam seasta a sholáthar.

Easnamh don Bhliain

Thuairiscigh Grúpa CIÉ glaneasnamh €26.4 milliún in 2015. Bhí sé sin i gcomparáid le glaneasnamh €3.3 milliún in 2014, meath €23.1 milliún.

	2015	2014	Change
	€m	€m	€m
EBITDA	48.3	81.2	(32.9)
Ioncam/(costais) neamhoibriúcháin			
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta	1.5	1.9	(0.4)
Costais eisceachtúla	(2.8)	(4.5)	1.7
	(1.3)	(2.6)	1.3
Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas	(55.8)	(61.2)	5.4
Glanchostas airgeadais (gan na pinsin san áireamh)	(3.3)	(4.6)	1.3
Costais airgeadais a bhaineann le pinsin	(14.0)	(14.9)	0.9
	(73.1)	(80.7)	7.6
lomlán an ioncaim agus na gcostas neamhoibriúcháin	(74.4)	(83.3)	8.9
Muirear cánachais	(0.2)	(1.3)	1.1
Glaneasnamh	(26.4)	(3.3)	(23.1)

Rinneadh cuid den mheath €32.9 milliún ar an EBITDA a fhritháireamh de bharr feabhas €8.9 milliún ar ioncam agus costais eile an Ghrúpa. Tháinig laghdú ar na costais eile den chuid ba mhó mar gheall ar ghlannhuirir laghdaithe dhímheasa agus amúchta.

Laghdaíodh na glanchostais airgeadais, gan costais airgeadais a bhaineann le pinsin san áireamh, de réir mar a laghdaigh na meán-iasachtaí in 2015, rud a léiríonn an cistiú forlíontach a cuireadh ar fáil in 2014 agus ag deireadh na bliana 2015.

Ar deireadh, tá baint ag an muirear cánachais níos ísle leis an laghdú ar an mbrabús a rinne CIÉ Tours.

Saoráidí Baincéireachta

Ó 2008 i leith, tá an Grúpa tar éis maoiniú a dhéanamh ar easnamh €208.7 milliún in ioncam ó na conarthaí OSP, agus é ag coimeád seirbhísí ar bun, trí dhíol sócmhainní (€121.0 milliún) agus trí chur lena chuid glan-iasachtaí. In 2013 d'éirigh le CIÉ saoráid bhaincéireachta 5 bliana €160.0 milliún a fháil.

Cuimsítear sna saoráidí baincéireachta iasacht théarmach cúig bliana ar fiú €80.0 milliún í agus saoráid imrothlach €80.0 milliún. Tá an iasacht théarmach in-aisíochta ag ráta €13.0 milliún in aghaidh na bliana; tá dhá aisíocaíocht déanta agus beidh aisíocaíocht bhliantúil eile dlite i mí Iúil 2016.

Tá na saoráidí sin bunaithe ar ghnáthshocruithe tráchtála lena gceanglaítear go gcoifídh CIÉ le roinnt cúnant caighdeánach airgeadais de chuid an mhargaidh – go háirithe gan an ceangaltas a shárú i ndáil le coibhneas an Ghlanfhéich le EBITDA thar shaol na saoráide.

Mar gheall ar an gceanglas maidir le fiach a laghdú tríd an iasacht théarmach a laghdú thar shaol an chomhaontaithe, tá an Grúpa dírithe ar thionscnaimh a fhorbairt chun a áirithiú go mbeidh toradh sách maith ar a chuid Conarthaí OSP ionas go mbeidh ar chumas an Ghrúpa a chuid oibleagáidí faoin gcomhaontú saoráide baincéireachta a chomhlíonadh. I measc na dtionscnamh sin tá cláir tiomsaithe ioncaim agus cláir um shrianadh costais.



Dul chun cinn maidir le Costais a Laghdú

Is dúshlán nach beag do CIÉ é costais phá a bhainistiú i ngeilleagar iomaíoch a bhfuil borradh faoi. I rith na bliana, rinne an Grúpa dul chun cinn mór eile maidir le cláir spriocdhírthe um rialú costas a chomhlíonadh.

- Sa dara leath den bhliain 2014, chuir Iarnród Éireann chun feidhme comhaontú 25 mhí um laghdú pá.
- Tá comhaontú dá shamhail um laghdú pá curtha chun feidhme i gCuideachta Sealbhaíochta CIÉ ar bhonn deonach.
- Idir an dá bheart sin, sábháladh €5.3 milliún in 2015.

Cistiú Iomlán ón Stát

Is gá cistiú a dhéanamh ar iompar poiblí atá iontaofa, éifeachtúil. Le linn 2015 b'fhíú €446.6 milliún san iomlán an cistiú poiblí do na conarthaí OPS agus don infheistiúocht chaipitiúil, laghdú ó €500.1 milliún in 2014. Léiríonn na graif seo a leanas an treocht sa chistiú OPS agus sa chistiú stáit eile le blianta beaga anuas.



Tugann CIÉ aitheantas don tacaíocht ón Aire, ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Údarás Náisiúnta Iompair. Is é an príomhról atá ag CIÉ seirbhís iompair poiblí a chur ar fáil a thacaíonn le comhtháthú geilleagrach agus sóisialta leis an Stát. Léiríonn an graf

Athbhreithniú Airgeadais 2015 (ar lean)




fianaise láidir ar théarnamh i dtaobh líon na n-aistear paisinéirí agus aithnítear ann an dúshlán a bhaineann le cistiú cuí a áirithiú chun tacú le soláthar seirbhísí cuimsitheacha iompair phoiblí chun freastal ar an éileamh méadaithe.

Tá meath suntasach ar an gcistiú i dtaobh infheistíocht chaipitiúil agus i dtaobh an fhóirdheontais i leith seirbhísí iompair phoiblí atá inmhianaithe i leith a ngné shóisialta ach nach bhfuil inmharthana ar bhonn geilleagrach.

Caiteachas Caipitiúil

Tá Grúpa CIÉ ag leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun na deiseanna is fearr a aithint i dtaobh infheistíocht chaipitiúil sa ghréasán iompair phoiblí. Baineann an-suntas le hinfeistíocht chaipitiúil chomh fada is a bhaineann le feabhas a chur ar shábháilteacht an ghréasáin agus ar chompond ár gcustaiméirí. Tá sí ina bhunchloch freisin maidir le costais oibriúcháin a laghdú a thuilleadh.



In 2015 rinne an Grúpa infheistíocht ar bhfiú €173.0 milliún í i sócmhainní seasta. Tá treocht anuas shuntasach le sonrú san infheistíocht i sócmhainní an chórais iompair phoiblí arna mbainistiú ag Grúpa CIÉ ó 2008 i leith. Tharla sé sin den chuid is mó de bharr srianta airgeadais ar an Stáchtiste, agus fágann sé go bhfuil an infheistíocht in iompar poiblí in Éirinn cuid mhór faoi bhun an mheáin AE. Tá acmhainní níos teoranta agus níos teoranta á ndíriú ar na sócmhainní bonneagair atá ann faoi láthair a chothabháil.

Ioncam ó na Conarthaí OSP 2008-2015

Oibríonn Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann (Cuideachtaí Oibríocha) seirbhísí iompair phoiblí atá inmhianaithe i leith a ngné shóisialta ach nach bhfuil

inmharthana ar bhonn geilleagrach faoi chonarthaí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair.

I rith 2015, mar a bhí amhlaidh gach bliain ó thosaigh an ghéarchéim airgeadais in 2008, bhí gach Cuideachta Oibríoch ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun laghduithe breise ar ioncam ó na conarthaí OSP sin a iompar agus iad ag coimeád ar bun seirbhísí iompair phoiblí sna trí chuideachta, ó thaobh minicíochta agus cáilíochta de.

Le linn 2015, choinnigh an Grúpa leis an dul chun cinn a rinne sé in 2014 mar seo a leanas:

- Méadú ar líon na nAistear Paisinéirí,
- Laghdú Costais, agus
- Arduithe Táillí.

Mar sin féin, ní raibh brabús réasúnta le déanamh ar chonarthaí OSP an Ghrúpa. In ainneoin gur laghdaíodh a ioncam ón gconradh OSP, d'éirigh le Bus Átha Cliath brabús beag a dhéanamh ar a chonradh OSP; ní raibh sa ráta fáiltas ar a ioncam ach 2.6%.

Thabhaigh Bus Éireann agus Iarnród Éireann araon cailiteanas ar a gconarthaí OSP i leith na bliana. Áirítear leis an gcaillteanas a rinne Iarnród Éireann an glantoradh ar ghníomhaíocht Bainistíochta Bonneagair, lena áiríodh méadú nach beag ar chaiteachas neamhchistithe ar chothabháil. Rinne conradh OSP Bhus Éireann cailiteanas toisc gur laghdaíodh a ioncam ón gconradh OSP i gcomparáid le 2014.

Ba é €5 mhiliún an glanchailiteanas comhiomlán ó chonarthaí OSP in 2015 agus fágann sé sin go raibh easnamh carnach na bliana 2008 méadaithe go dtí €208 milliún.

Ag obair dúinn i gcomhpháirt lena Scairshealbhóir, leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus gan tábhacht an iompair phoiblí sa gheilleagar trí chéile a ligean i ndearmad, tá CIÉ fós ag seasamh na gcaillteanas agus méid, caighdeán agus minicíocht sheirbhísí an Ghrúpa á bhfeabhsú aige.

Rinne CIÉ cistiú ar an easnamh carnach sa tréimhse sin trí mhéadú ar an nglanfhiachas agus trí mhíreanna suntasacha ó phunann réadmhaoine CIÉ a dhíol, le fáiltas €121 mhiliún dá bharr. Ainneoin a theoranta atá an deis ioncam suntasach a fháil as tuilleadh sócmhainní réadmhaoine a dhíol sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, baineann fóirtheacht le feidhmíocht dhearfach oibriúcháin a bhaint amach (trí líon na n-aistear paisinéirí a mhéadú, costais a rialú agus leibhéal cuí ioncain ó chonarthaí OSP a chothabháil) chun bonn caipitil an Ghrúpa a chur ar ais ar leibhéal cuí.

Cailteanas Carnach ar Chonarthaí OSP ó 2008 i leith

Is féidir anailís a dhéanamh ar an gcaillteanas carnach ar chonarthaí OSP ó 2008 i leith mar seo a leanas:

	Aistir Phaisinéirí OSP	Ioncam ó Sheirbhísí Poiblí	Costas na Seirbhísí Poiblí	Ioncam ó Chonarthaí OSP	Cailteanas ar Chonarthaí OSP
	€m	€m	€m	€m	€m
2008	227.7	469	(817)	309	(39)
2009	200.8	441	(771)	303	(27)
2010	186.4	402	(721)	276	(43)
2011	182.9	389	(700)	265	(46)
2012*	180.6	406	(724)	278	(40)
2013	179.7	440	(682)	226	(16)
2014	186.1	465	(669)	212	8
2015	192.3	489	(683)	190	(5)
Cailteanas Carnach ar Chonarthaí OSP					(208)

* agus iocaíocht OSP neamhphleanáilte €36 mhilliún san áireamh

** níl sonraí na bliana roimhe athshonraithe chun teacht le cur chuige FRS 102; ba é an tionchar carnach a bheadh ag an athshonrú sin timpeall €4.8 milliún a chur le cailteanas carnach na seirbhísí poiblí.

Forbairtí Airgeadais Suntasacha Eile

Tá dhá scéim pinsean ranníocach le sochar sainithe á reáchtáil ag Grúpa CIÉ, atá á gcistiú ag ranníocaíochtaí ó CIÉ, óna fhochuideachtaí agus ó fhostaithe. Tá na sochair scoir atá á soláthar faoi na scéimeanna sin á gcistiú ag sócmhainní suntasacha atá infheistithe i gcistí arna riar ag iontaobhaithe.

Tá leasú déanta ar mhodh ríofa an chostais bhliantúil a bhaineann le sochair phinsin le sochar sainithe a sholáthar de réir riachtanais FRS 102. Glactar leis go bunúsach anois sa mhodh ríofa go bhfuil na torthaí sa todhchaí ó shócmhainní agus dliteanais an chiste pinsin ailínithe ar bhonn rátaí úis fadtéarmacha. Tá an-tionchar ag torthaí an mhargaidh airgeadais ar chostas foriomlán na sochar sainithe. Riosca nach beag is ea an neamhchosaint ar luaineachtaí costais ar an gcaoi sin, agus déanfaidh an Grúpa iarracht an riosca sin a mhaolú trí thograí a chur chun cinn le comhaontú leis na páirtithe leasmhara go léir.

Tá an glaneasnamh sa chiste pinsean ag deireadh na bliana laghdaithe go mór i gcomparáid le tús na bliana. Áirítear sa laghdú foriomlán ar an easnamh, ó €702 mhilliún go €288 milliún, an tionchar dearfach a bhí ag an athrú ar

thoimhde maidir le fás sa todhchaí ar phá inphinsin mar aon le méadú ar an ráta lascaire a úsáidtear chun luach dliteanais pinsean sa todhchaí a ríomh.

Léiríonn an taithí le linn 2015 luaineacht na luachála pinsean agus na rioscaí móra a bhaineann leis na gealltanais pinsean atá déanta ag an nGrúpa. Tá sé fíor-riachtanach mar sin go ndéanfar bearta, ar bhonn comhaontaithe, lena chinntiú go laghdófar an leibhéal riosca i leith sochair pinsean amach anseo.

Chuir iontaobhaithe Scéimeanna Pinsean CIÉ plean cistithe pinsean i bhfeidhm in 2013, a bhí faofa ag an mBord Pinsean, lena bhfuiltear ag súil fáil réidh leis an easnamh sna scéimeanna faoi 2023. In ainneoin an fheidhmíocht a bheith ag teacht lena bhfuil luaite sa phlean sin ag deireadh 2015, má leantar leis na treoachtaí a tugadh faoi deara go luath in 2016, d'fhéadfadh riosca a bheith i gceist nach mbeidh an fheidhmíocht iarbhir ag teacht le riachtanas an phlean cistithe pinsean le linn 2016.

An Príomhoifigeach Oibriúcháin



Athbhreithniú ar Oibríochtaí 2015



Buaicphointí

Ráiteas an Chathaoirigh

Athbhreithniú

Ráitis Airgeadais

Líon na nAistear Custaiméirí

Líon na nAistear Custaiméirí	2015 €m	2014 €m	Athrú €m
Iarnród Éireann	39.7	37.8	1.9
Bus Átha Cliath	122.4	118.6	3.8
Bus Éireann	37.9	37.2	0.7
Iomlán na nAistear Custaiméirí	200.0	193.6	6.4
Iompar Scoile	41.0	40.9	0.1
Iomlán na nAistear Custaiméirí	241.0	234.5	6.5

Tháinig méadú 2.8% ar líon iomlán na n-aistear custaiméirí in 2015, ó 234.5 milliún aistear in 2014 go dtí 241.0 milliún aistear in 2015. Rinneadh dul chun cinn maith i rith na bliana maidir leis an ngnó a cailleadh i rith an chúlaithe gheilleagraigh a mhealladh ar ais. Tá líon iomlán na n-aistear ag druidim anois le leibhéal na bliana 2009, ach tá cuid mhór le déanamh fós chun filleadh ar na buaicleibhéal a baineadh amach in 2008 nuair a chuir Grúpa ClíÉ 282.1 milliún aistear ar bun. Tá achoimre anseo ar an bhfás ar fud na gcuideachtaí oibríochta ar leith:

- Tá Iarnród Éireann tar éis tógáil arís ar an dul chun cinn a rinne sé in 2014 trí 5% a chur le líon na n-aistear custaiméirí. Sin é an ráta fáis is airde a baineadh amach i measc na gcuideachtaí oibríochta agus d'fhéadfaí a mheas gur fianaise láidir é ar an téarnamh geilleagraich a bheith ag leathnú amach as Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.
- Bhí Bus Átha Cliath ar an gcéad cuideachta sa ghrúpa ar tháinig téarnamh ar líon na n-aistear custaiméirí dá cuid (in 2013) agus lean an téarnamh sin ar aghaidh in 2015 le méadú 3.2% ar líon na n-aistear.
- Bhí borradh seasta faoi na seirbhísí go léir de chuid Bhus Éireann.

Rannpháirtíocht leis na Custaiméirí agus Feabhas ar Cháilíocht Seirbhíse

I measc na dtionscnamh a cuireadh i gcrích in 2015 chun feabhas a chur ar chúrsaí do chustaiméirí, áirítear iad seo a leanas:

- Cuireadh feachtas ar bun i gcomhar le Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus an Luas, chun tairbhe na Scéime TaxSaver a chur ar a súile d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon.
- Coinníodh leis an dea-phoncúlacht, in ainneoin roimh dálaí aimsire an-dona i dtreo dheireadh na bliana, agus is léir go bhfuil na riachtanais atá sonraithe i gconradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) Iarnród Éireann

Athbhreithniú ar Oibríochtaí 2015 (ar lean)

á sárú ag na bealaí iarnróid ar fad arís eile – tugadh poncúlacht 95% faoi deara i bhformhór na gcásanna agus bhíothas in am níos minice ná an riachtanas poncúlachta 90% atá luaite sa chonradh OSP i ngach cás.



- Ag teannadh le deireadh na bliana, cuireadh i mbun seirbhíse an chéad traein athchóirithe sa fhlíit Enterprise ar bhealach Bhéal Feirste/Bhaile Átha Cliath, le tacaíocht ó chistiú Interreg AE tríd an bhForas um Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh ('FCSAE'). Cuireadh an flít go léir ar ais i mbun seirbhíse in 2016, agus feabhas nach beag ar shaoráidí do chustaiméirí agus ar chompord.
- Ag teannadh le deireadh na bliana 2016, cuireadh tús leis an infheistíocht i líne Thollán Pháirc an Fhionnuisce, chun seirbhísí díreacha a chur ar bun idir Cill Dara agus Duga na Canálach Móire mar aon le hoibreacha athchomharthaíochta leanúnacha i lár na cathrach.
- Infheistíocht in oibreacha rianta a laghdóidh achar ama na n-aistear do chustaiméirí. Go háirithe, athnuachan mhór ar 21 mhíle de bhallasta díghrádaithe ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh, idir Collchoill agus Port Laoise, rud a éascóidh d'uasghrádú luais ar stráice mór den líne sin go dtí 100mph in 2016.
- Osclaíodh an droichead nua ag trasnú Uí Raghallaigh don phobal ar an 24 Feabhra 2015. Cuireadh é sin in áit an chrosaire chomhréidh, XG002, ar dúnadh go foirmiúil é ar an 27 Márta 2015, rud a d'fhág feabhas ar shábháilteacht i gcás trácht iarnróid, trácht ar an mbóthar agus coisithe.
- Rinne Iarnród Éireann infheistíocht sa chlár Customer First, faoina ndéanfar athrú ó bhonn ar an rannpháirtíocht lenár gcustaiméirí, agus é á chinntiú gurb é an custaiméir croílár an ghnó.
- Táthar fós i mbun pleanála le Belmond chun traein só a oibriú ar fud na hÉireann ó Ráithe 3 2016, a chomhlíonfaidh an comhaontú comhpháirtíochta a síníodh in 2014.
- Cuireadh chun feidhme tionscnaimh nua um bainistiú Cúraim Custaiméirí i mBus Átha Cliath agus i mBus Éireann chun díriú ar ár gcuspóirí i leith cairt chustaiméirí a chomhlíonadh, cuspóirí atá ag teacht leis na hoibleagáidí atá orainn faoin gconradh Dírdhámhachtana leis an Údarás Náisiúnta Iompair.
- Leanadh le scáileáin Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí a chur i bhfeidhm ag stadanna i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i gcathracha Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge in 2015. Tugadh isteach an córas sin freisin ag gach stad i ngréasán Bus Éireann tríd an Aip Fíor-ama Transport for Ireland.
- Feabhas ar sheirbhísí ar fud ghréasán bealaí Expressway agus OSP Bhus Éireann chun feabhas nach beag a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí ó thaobh amanna aistir agus nascachta.
- Cuireadh an Cárta Leap chun feidhme i Luimneach agus i bPort Láirge, rud a fhágann go bhfuil bealach níos saoire, níos solúbtha agus níos áisiúla ag custaiméirí chun taisteal ar na busanna.
- Tugadh isteach suíomh gréasáin nua de chuid Bhus Éireann ina gcuimsítear nuálaíocht i dtaobh ríomh-thráchtála, eolas fíor-ama agus oiriúnú do ghléasanna soghluaiste.
- Ag tógáil ar an bhflít nua a tugadh isteach in 2014, monaraíodh 40 cóiste Expressway eile le linn 2015 lena gcur ar an mbóthar sa chéad ráithe de 2016.
- Maidir le seirbhísí OSP, cuireadh 57 mBus agus cóiste nua ar an mbóthar in 2015. Cuireadh isteach orduithe breise gar do thús na bliana 2015 ar 43 fheithicil OSP eile, lena n-áirítear 12 bhus dhá stór chun cur leis an acmhainn ar bhealaí cathracha réigiúnacha, 16 bhus cathrach aon stóir do sheirbhísí chathair Chorcaí agus 15 chóiste comaitéireachta dhá stór do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.
- D'iompair Bus Éireann tuairim is 113,000 leanbh ar níos mó ná 6,500 bealach chuig 3,000 scoil, lena n-áirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. In 2015, d'fhorbraíomar clár sábháilteachta mealltach d'fhonn a spreagadh go mbainfí níos mó úsáide as criosanna sábhála agus d'fhonn feabhas a chur ar chúrsaí sábháilteachta ar bhusanna. Is ar leanaí bunscoile a bhí an clár sin dírithe. Thacaigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Cumann Múinteoirí Éireann leis an bhfeachtas agus díritear aird leis ar ár dtiomantas don tsábháilteacht ar fud gach ceann dár seirbhísí.



- Leanadh ar aghaidh leis an leathnú ar an Scéim Iompair Scoile i dtéarmaí líon na seirbhísí nua a cuireadh ar fáil le linn na bliana, agus bhí costas na scéime sin ar an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhair na bliana 2015 ní ba lú ná mar a bhí in 2014.
- I mBaile Átha Cliath rinneadh mór-iarrachtaí comhordaithe, trí phróiseas ilghníomhaireachta faoi chathaoirleacht an Údarás Náisiúnta Iompair, i gcomhar leis an nGarda Síochána, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus príomhchonraitheoirí an tionscadail, chun éascú don Luas Traschathrach a thógáil gan cur isteach ar chustaiméirí.
- Cuireadh feabhas ar luas oibríochta ghréasán Bhus Átha Cliath trí chur chun feidhme an tionscadail Tosaíochta ag Soilse Tráchtá, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Cuireadh 90 bus nua dhá stór le flít Bhus Átha Cliath in 2015 chun tacú le soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá áisiúil, compordach agus inbhuanaithe do mhuintir Bhaile Átha Cliath. Tá na busanna nua lán-inrochtana agus tá gnéithe feabhsaithe iontu lena n-áirítear spás ar leith do chathaoirleach rothaí agus do bhugaithe.
- Fuarthas infheistíocht chaipitiúil i leith 110 mbus nua dhá stór do Bhus Átha Cliath, a bheidh le seachadadh in 2016.
- Úsáideadh Cártaí Leap i gcás díreach faoi bhun 70% de na haistir paisinéirí ar Bhus Átha Cliath (lena n-áirítear pasanna taistil leasa shóisialaigh saor in aisce) faoi mhí na Nollag 2015, méadú ó 50% ag tús na bliana. Spárálann an Cárta Leap cuid mhaith airgid ar chustaiméirí: tá táillí airgid ar bhusanna ar a laghad 20% níos daoire ná an Chárta Leap.

CIÉ

Feidhmíonn CIÉ trí aonad gnó shuntasacha, an Líonra Fógraíochta Comaitéirí, CIÉ Tours agus Maoin Ghrúpa agus soláthraíonn sé seirbhísí tacaíochta d'fhochuideachtaí oibríochá an Ghrúpa.

An Líonra Fógraíochta Comaitéirí (LFC)

Is maith mar a d'éirigh le hioncam LFC in 2015: tháinig méadú níos mó ná 21% air, go dtí €6.7 milliún. De réir mar a d'fheabhsaigh dálaí geilleagracha, tháinig an margadh fógraíochta As Baile ar ais chuige féin. Mar thoradh air sin, tuairiscíodh méadú 7% i leith an mhargaidh As Baile; sa chomhthéacs sin bhí feidhmíocht LFC an-mhaith, le fás ioncaim 21% luaite leis.

Ba é príomhspreagthóir an fháis ar an ioncam LFC ná an tionchar a d'imir mórchlár infheistíochta faoina ndearnadh uasghrádú ar eastát fógraíochta CIÉ i rith 2014 agus 2015, go háirithe feidhmiú céimneach na teicneolaíochta digití. Is léir go bhfuil borradh faoin margadh As Baile go fóill agus tá LFC i riocht maith chun leas a bhaint as an téarnamh sin.

Chomh maith leis an sruth ioncaim sin ón eastát fógraíochta, is maith an leas a bhain na cuideachtaí oibríochá as an meán sin in 2015 dá gcríocha margaíochta féin.

CIÉ Tours

	2015	2014	Athrú
	€m	€m	€m
Ioncam ó Thurais	81.0	86.2	(5.2)
Barrachas Oibriúcháin	0.9	2.9	(2.0)

Tar éis roinnt blianta ina raibh borradh mór faoi, cuireadh dúshlán CIÉ Tours in 2015 nuair a thuill sé ioncam €81.0 milliún, laghdú timpeall €5.2 milliún ar ioncam na bliana 2014.

Ar an drochuair, tharla na heachtraí sceimhlitheoireachta ag deireadh na bliana 2014 agus tús na bliana 2015, mar aon leis an ráig Ebola, le linn phríomhthréimhse áirithe fhorhóir na gcustaiméirí atá ag CIÉ Tours. Sna cásanna sin, bheartaigh a lán de chustaiméirí féideartha CIÉ Tours a gcuid pleananna taistil a chur siar.

Chomh maith leis an laghdú ar ioncam, bhí ollchorraigh faoi bhrú freisin mar gheall ar an ngá a bhí ann praghsanna speisialta a leathnú isteach sa phríomhshéasúr idir mí Eanáir agus mí Aibreáin. B'éigean an méid sin a dhéanamh mar gheall ar mhargadh na dturas cóistí a bheith an-íomáoch ar fad.

In ainneoin na ndúshlán thuas, bhí brabús fós le déanamh as gníomhaíocht CIÉ Tours agus gineadh barrachas oibriúcháin €0.9 milliún le linn 2015. Dealraíonn sé go mbeidh cúrsaí níos fearr in 2016, agus tá na háirithe chun tosaigh ar leibhéal na bliana 2015 cheana féin.



Maoin Ghrúpa

Bhí laghdú beag ar an ioncam iomlán i gcomparáid le 2014 mar gheall ar an gcomhdhlúthú leanúnach i dtionscal na teileachumarsáide. B'ionann an t-ollioncam cíosa agus €13.4 milliún, thíos ó €13.7 milliún in 2014.

Le linn 2015, d'éirigh le tairiscint a rinne CIÉ i leith Comhaontú Forbartha don suíomh ar Shráid na Teamhrach, lena soláthraítear d'fhorbairt ionchasach an tsuímh thar théarma cúig bliana le sruth ioncaim/sciar cíosa nach beag amach anseo. Tá tuilleadh suíomhanna i bpunann mhaoine CIÉ a d'fhéadfaí a fhorbairt á n-ullmhú lena gcur ar an margadh.

Dealraíonn sé go bhfuil margadh forbartha na réadmhaoine tráchtála ag teacht chuige féin agus beidh athbhreithniú á dhéanamh againn ar ár bpunann réadmhaoine sa chomhthéacs sin, agus béim ar leith á leagan againn ar Stáisiún Uí Chonghaile agus Stáisiún Heuston, Duga Spencer, Sráid an tSirriam, Sráid na Mainistreach, Sráid na Teamhrach agus an Fhaiche Mhór, Gaillimh.

Tá Maoin Ghrúpa fós ag soláthar seirbhísí gairmiúla do thionscadail éagsúla bhonneagair de chuid Iarnród Éireann.



Bus Átha Cliath

Rinne Bus Átha Cliath agus na custaiméirí agus na pobail ar a bhfreastalaíonn sé dul chun cinn nach beag in 2015. Tugadh méadú leanúnach faoi deara sa líon paisinéirí i rith na bliana, rud a d'fhág gur iompair an chuideachta 122.4 milliún paisinéir, méadú 3.2% i gcomparáid le 2014.

Thuill Bus Átha Cliath glanbharrachas €10.2 milliún in 2015 de bharr fás ioncaim agus bearta leanúnacha um rialú costais párolla agus forchostas, bearta atá ríthábhachtach chun cobhsaíocht airgeadais leanúnach a bhaint amach sna blianta atá romhainn. Tá sé sin i gcomparáid le barrachas €11.6 milliún in 2014. Ar phríomhghnéithe na dtorthaí airgeadais tá méadú ioncaim €12.1 milliún, méadú €10.2 milliún ar chostas oibriúcháin agus laghdú €2.3 milliún ar íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP). Tháinig méadú ar an ioncam oibriúcháin iomlán ó €216.0 milliún go €228.1 milliún (5.6%) in 2015. Gineadh an méadú ioncaim tríd an méadú foriomlán 3.2% ar éileamh ó chustaiméirí agus tacaíodh leis freisin de bharr chinneadh táillí an Údaráis Náisiúnta Iompair a cuireadh chun feidhme i nDeireadh Fómhair/Samhain na bliana 2014.

Agus méadú ag teacht ar éileamh ó chustaiméirí, sholáthair Bus Átha Cliath buaicshuibhísí agus seirbhísí eile breise. Faoin gcur chuige sin, chuir sé busanna breise ar an mbóthar agus d'fhostaigh sé 137 mball foirne nua

(méadú 4.3%). Sa chéad leath de 2015, aisiompaíodh roinnt de na bearta pá ardráta a bhí cuimsithe sa tríú clár laghdaithe costais a aontaíodh leis an bhfoireann i mí na Samhna 2013. Bhí raon leathan athruithe ar chleachtais oibre san áireamh i gclár laghdaithe costais na bliana 2013 freisin. Tháinig méadú €1.5 milliún ar chaiteachas párolla in 2015 mar gheall ar an aisiompú ar roinnt de na bearta pá. Tháinig méadú ar iomlán na gcostas párolla ó €5.5 milliún (3.3%) go dtí €172.6 milliún.

Cuireadh breis is €2.5 milliún le soláthairtí in aghaidh timpistí tromchúiseacha de bharr gur tháinig méadú ar líon na n-éileamh agus go raibh costais socraíochta níos airde i gceist. Is údar imní atá ag dul i méid iad na costais socraíochta.

I bhfianaise ár bhfeidhmíochta láidre in 2015, fuair Bus Átha Cliath íocaíochtaí OSP dar luach €57.7 milliún in 2015; laghdú €2.3 milliún i gcomparáid le 2014. Ní mór an brabús tar éis íocaíochtaí OSP a chothú chun na cuspóirí criticiúla seo a bhaint amach: cobhsaíocht airgeadais do Bhus Átha Cliath, airgead a ghiniúint don infheistíocht riachtanach, soláthar seirbhísí iompair a chinntiú, inbhuanaitheacht na fostaíochta agus cuidiú díothú a dhéanamh ar na cailleanais a tabhaíodh le linn na lagtrá eacnamaíochta.

Tá sé i gceist ag an gcuideachta leanúint ar aghaidh ar bhóthar an téarnaimh trí bhorradh leanúnach faoi sheirbhísí gréasáin agus trína thuilleadh éifeachtúlachtaí

Athbhreithniú ar Oibríochtaí 2015 (ar lean)

oibríochtúla a bhaint amach. Áirítear le cúiseanna an éilimh mhéadaithe ó chustaiméirí ar ár seirbhísí bus an gréasán leasaithe seirbhísí agus an feabhas ar iontaofacht na seirbhísí a baineadh amach trí Network Direct, Wifi, Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí agus Ticéadú Comhtháite, agus an méadú ar líon na bhfostaithe, rud a gcuirimid fáilte roimhe. Tapófar na deiseanna sin trí ghníomhaíocht mhargáíochta bhreise i leith na mbealaí lárnacha agus feachtais spriocdhírthe maidir le tráthanna seachbhuaice agus na deirí seachtaine, chomh maith le feabhas a chur ar acmhainní cosanta ioncaim Bhus Átha Cliath. Mar gheall ar an treocht dhearfach i dtaobh líon na bpaisinéirí, lean Bus Átha Cliath ar aghaidh lena fheachtas earcaíochta. Fostaíodh 170 tiománaí bus nua in 2015 chun freastal ar an éileamh a bhí ann agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil seirbhís ar ardchaighdeán á cur ar fáil do chustaiméirí.

Choinnigh an chuideachta lena tiomantas do sheirbhísí a fheabhsú do chustaiméirí trí roinnt forbairtí éagsúla a rinneadh i rith na bliana. Ina measc siúd, ceapadh Bainisteoir um Fheabhsú Seirbhísí do Chustaiméirí, d'fhonn caighdeán fheabhsaithe seirbhíse a chur chun feidhme i ngach cuid den ghnó agus i ngach áit, cuireadh le líon na gcomharthaí Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí ag stadanna bus, cuireadh feabhas ar an Uathchóras Aimsithe Feithicle agus tugadh faoi fhorbairtí breise chun luach níos fearr ar airgead a bhaint amach do chustaiméirí tríd an gCárta Leap. Leis na Cártaí Leap tugtar lascainí breis is 20% ar tháillí airgid thirim agus úsáideadh iad i gcás beagán faoi bhun 70% de gach aistear paisinéirí ar Bhus Átha Cliath (lena n-áirítear pasanna taistil leasa shóisialaigh saor in aisce) faoi mhí na Nollag 2015.

I mí Aibreáin 2015, chuir Bus Átha Cliath ceistneoir réamhcháilíochta isteach chuig an Údarás Náisiúnta Iompair mar chuid den phróiseas tairisceana d'oscailt an mhargaidh laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. I mí na Nollag 2015, d'fhógair an tÚdarás Náisiúnta Iompair gur roghnaíodh Bus Átha Cliath mar cheann de na hiarrthóirí a bheadh ag dul ar aghaidh chuig an chéad bhabhta eile agus tá an próiseas fós ar bun in 2016.

In 2015, bhí oibreacha tógála an Luas Traschathrach fós ag cur as go mór do Bhus Átha Cliath, agus bhí drochthionchar acu ar amanna taistil agus iontaofacht na n-aistear trí lár na cathrach. Mar sin féin, a bhuí le pleanáil chríochnúil agus cumarsáid leis na páirtithe bainteacha go léir, rinneamar íoslaghdú ar an drochthionchar ar na custaiméirí. Tá an pleanáil le haghaidh tuilleadh oibreacha tógála i rith 2016 faoi lánseol tríd an bpróiseas ilghníomhaireachta faoi chathaoirleacht an Údarás Náisiúnta Iompair, i gcomhar leis an nGarda Síochána, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bonneagar Iompair Éireann agus príomhchonraitheoirí an tionscadail.

Bhí Seirbhísí Tráchtála Bhus Átha Cliath an-ghnóthach in 2015 agus d'éirigh go geal leo. Iompraíodh beagnach 2.6 milliún paisinéir ar na Seirbhísí Tráchtála in 2015, méadú 9.7% ar fhigiúir na bliana 2014. Ba é €15.1 milliún láimhdeachas na bliana 2015. I measc na bpleananna do 2016 tá turas nua chun eachtraí 1916 a chomórath, a seoladh i mí Feabhra 2016, bealach nua Airlinik agus tuilleadh busanna ar an mbealach Airlinik atá ann cheana chun freastal ar éileamh níos mó ó chustaiméirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Coinníodh leis an infheistíocht sa fhlít in 2015 agus cuireadh 90 bus nua ar an mbóthar in áit seanfheithiclí. Áiríodh leis an gcaiteachas suntasach eile cláir athchóirithe flít d'fhonn cáilíocht agus iontaofacht na seirbhísí a áirithiú chun tairbhe an chustaiméara. Leanadh leis an infheistíocht chun seirbhísí a fheabhsú le cúnamh ó chistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair, lena n-áirítear infheistíocht €33.5 milliún i leith na mbusanna nua.

Trí Thionscnamh an Spioraid Pobail, lean Bus Átha Cliath lena ról gníomhach sna pobail ina bhfeidhmíonn sé. Bhí Dámhachtainí Spiorad Pobail Bhus Átha Cliath ar siúl ar an 25 Meán Fómhair, ag Staidiam Pháirc an Chrócaigh, agus ba é Niall Quinn an patrún agus fear an tí. Ba é sin an 11ú huir a cuireadh an ócáid sin ar bun. Bronnadh deontais €1,000, €2,000 nó €5,000 ar 85 charthanas agus ghrúpa dheonacha ó Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath an oíche sin, agus tá deontais faighte ag breis is 1,800 carthanas agus eagraíocht áitiúil ó bunaíodh na dámhachtainí.

Ní mór na costais a bhainistiú i margadh iomaíoch

Ba é téama ár gComórtas Ealaíne do Leanáí agus na Féilire don bhliain 2016 ná 'Tá Bus Átha Cliath i gcroílár an phobail'. Cuireann an comórtas chun cinn luach an iompair phoiblí i bpobail áitiúla do phaisinéirí óga agus cruthaíonn sé feachtas ina leith sin. Ghlac 25 bhunscoil ó na limistéir seo a leanas páirt sa chomórtas i mbliana: Baile Gall, Baile Formaid, Baile Munna, Gort na Silíní, Cluain Dolcáin, Cromghlinn, Fionnghlas, Ráth Miontáin, Inse Chór, Cnoc na Fuisceige, Sord agus Tamhlacht. Foilsíodh na pictiúir ab fherr i bhFéilire Ealaín na Leanáí 2016. Chuir Bus Átha Cliath ar bun taispeántas de chuid de na pictiúir ab fherr i gCé an Adhmaid chun féilire 2016 a sheoladh. Seoladh leagan athdheartha den DLúthdhiosca Scoileanna dár gcuid ag an ócáid freisin agus beidh an dlúthdhiosca á úsáid ag na comhordaitheoirí scoile in 2016 mar uirlis oideachais chun a chur ina luí ar leanáí an tábhacht a bhaineann le meas a bheith acu ar a gcuid seirbhísí áitiúla bus.

Ag féachaint chun cinn go dtí 2016, tá idir dhúshlán agus dheiseanna romhainn amach. Tá ról lárnach ag Bus Átha Cliath i dtaobh inmharthanacht shóisialta agus gheilleagrach Chathair Bhaile Átha Cliath. Is maith an riocht ina bhfuilimid chun cabhrú le fás inbhuanaithe a chothú sa chathair. Beidh na boinn láidre ar a n-oibríonn an chuideachta ina gcabhair i leith an fás sin a bhaint amach idir seo agus 2020.



Bus Éireann

Forbhreathnú

Bhí timpeallacht oibríochta dhúshlánach fós le sárú ag Bus Éireann in 2015 agus cé gur leanadh in 2015 leis an mborradh a bhí faoin ngnó in 2014, thabhaigh an chuideachta easnamh €5.6 milliún roimh mhíreanna eisceachtúla, i leith seirbhísí tráchtála den chuid is mó. Níl an toradh sin inbhuanaithe agus tá impleachtaí tromchúiseacha aige i leith chobhsaíocht na cuideachta sa todhchaí.

Toradh oibríocháin roimh mhíreanna eisceachtúla agus tar éis ús iníoctha agus ús infhaighte

	2015	2014
	€m	€m
Seirbhísí OSP	(0.2)	4.1
Seirbhísí Tráchtála Expressway	(5.3)	0.6
Seirbhísí Scoile	(0.0)	2.3
Seirbhísí Tráchtála eile	(0.1)	0.2
Iomlán	(5.6)	7.2

Bhí deiseanna nua le tapú i dtaobh ioncain in 2015 tar éis blianta fada den chúlú geilleagrach. Lean an chuideachta ag cur leis an rath a bhí uirthi in 2014: tháinig méadú 1.7% ar an ioncam in 2015 agus tháinig méadú 1.8% ar líon na n-aistear paisinéirí ar bóthar. Cé gur spreag an geilleagar an borradh sin, bhí neart ár mbranda agus caighdeán ár seirbhíse ina mbonn leis chomh maith. Tá an clú atá ar Bhus Éireann ag brath go mór ar phaisean agus tiomantas ár bhfoirne.

Leis an téarnamh sa gheilleagar, cuireadh dúshlán nua faoin earnáil iompair. Orthu sin bhí brú tráchtála ní ba mheasa. Meastar gur tháinig méadú idir 5% agus 7% ar achar ama na n-aistear tráth ardbhrú tráchtála in 2015 i gcomparáid le 2014. Tá Bus Éireann fós i mbun rannpháirtíocht ghníomhach le páirtithe leasmhara agus é sa tóir ar bhearta tosaíochta bus a laghdóidh an t-achar ama a thógann aistear.

Ar bhealaí tráchtála, eisíodh ceadúnais nua d'oibreoirí príobháideacha ar roinnt bealaí a bhfreastalaíonn Expressway orthu faoi láthair. Beidh sé ríthábhachtach i dtaobh chothabháil na leibhéal seirbhíse ar na conairí sin go mbeidh cinntí ceadúnaithe ailínithe go han-stuama leis an éileamh iarbhír, lena chinntiú go mbeidh gnó inbhuanaithe ag gach oibreoir. Ní mór do Bhus Éireann a chinntiú freisin go mbeidh na costais fós ailínithe le hiomaíocht mhéadaithe sa mhargadh.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí 2015 (ar lean)

Spreagann feidhmíochta airgeadais neamh-inbhuanaithe Expressway in 2015 an fócas atá againn in 2016 i dtaobh plean gnó a chur chun feidhme, ar bhonn comhaontaithe, faoina mbainfear amach uaimhianta na cuideachta i ndáil le fás, infheistíocht, éifeachtúlachtaí agus forbairt daoine, agus riachtanais chorparáideacha ár bpáirtithe leasmhara éagsúla ar gach leibhéal á gcur san áireamh. Chuaigh an chuideachta i mbun athbhreithniú cuimsitheach ar shamhail oibríochta Expressway in 2015 agus beidh sí ag dul i mbun rannpháirtíochta leis na páirtithe leasmhara go léir maidir leis an chéad chéim eile sa phróiseas i dtreo Expressway a bheith ag déanamh brabúis arís.

Sábháilteacht

Tá an tsábháilteacht fós i gcoilár gach a ndéanann Bus Éireann agus coinníodh leis an mbéim sin ar shábháilteacht in 2015. Mar gheall ar scála mór ár soláthar seirbhíse, bímid seasta ag feabhsú agus ag leathnú ár gcaighdeán ard ag teacht leis an deimhniúchán oiliúna agus an teicneolaíocht is déanaí. Bhí sé ina aidhm againn in 2015 feacht a mhúscailt agus caighdeán a ardú lena chinntiú go sáróidh ár gcuid prótacal sábháilteachta na dúshláin amach anseo agus go gcomhlíonfaidh siad aon reachtaíocht nua, agus creidiúnú foirmiúil a bhaint amach. Chuimsigh an infheistíocht inár bhflít nua gnéithe sábháilteachta nua a dearadh chun cur le sábháilteacht agus compord ár bpaisinéirí. Cuireadh feachtas nua ar bun a bhí dírithe ar leanaí lenar spreagadh úsáid criosanna sábhála ar gach seirbhís bhus

Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

Sonraítear sa Chonradh Iompair Phoiblí reatha idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bus Éireann (2014-2019) caighdeán na feidhmíochta oibríochtúla agus na seirbhíse do chustaiméirí nach mór do Bhus Éireann a chothú. Fuair an chuideachta €33.7 milliún in 2015 (2014: €34.4 milliún) mar íocaíocht i leith a seirbhísí OSP. Ina theannta sin, fuair an chuideachta deontas ioncaim nach beag de €4 mhilliún maidir le Seirbhísí OSP i rith na bliana, chun íoc as cothabháil bhreise.

Bhí borradh mór faoin ioncam OSP go fóill, agus tháinig méadú suas le 11.4% air i gcás seirbhísí réigiúnacha cathrach. Tháinig méadú 3.7% ar an ioncam ó sheirbhísí Cóiste, rud a léiríonn feidhmíocht láidir ós rud é nach raibh an dlús céanna faoin téarnamh geilleagrach lasmuigh de na príomhcheantair uirbeacha. Bhí tionchar ag an méadú ar chostais phárolla ar an mbonn costais OSP in 2015. Mar chuid den chomhaontú i dtaobh airgead a shábháil, tugadh isteach laghduithe párolla ón 1 Meitheamh 2013 mar chuid de mhaolú 19 mí ó théarmaí agus coinníollacha a bhí i

**Rannpháirtíocht
le páirtithe
leasmhara ionas
go mbeidh brabús
á dhéanamh ag
Expressway arís.**

bhfeidhm. Chuaigh an tréimhse 19 mí sin in éag ar an 31 Nollaig 2014 agus cuireadh na téarmaí agus na coinníollacha bunaidh ar ais i bhfeidhm. Tháinig méadú ar chostais i leith éileamh freisin in 2015.

Tá sé i gceist ag an gcuideachta leanúint ar aghaidh lena cuid oibre d'fhonn deireadh a chur le heasnamh oibriúcháin ar Sheirbhísí OSP faoin mbliain 2016, agus cé gur taifeadadh easnamh €0.35 milliún i leith OSP in 2015 i ndiaidh míreanna eisceachtúla, tá súil ag an gcuideachta go mbainfear cóimheá airgid amach i leith Seirbhísí OSP in 2016.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag dul ar aghaidh lena gcuid pleananna le haghaidh Oscailt an Mhargaidh Busanna agus tá an chuideachta tiomanta do bheith páirteach go hiomlán sa phróiseas sin.

Expressway

Ba mhargadh an-iomaíoch é an margadh busanna idir cathracha in 2015. Thuairiscigh an chuideachta méadú 1% ar ioncam agus ar líon na bpaisinéirí sa chomhthéacs iomaíoch sin, ach tá sí ag díriú ar mhéadú níos suntasaí in 2016. Bhí costais phárolla bhreise ar an mbonn costais Expressway freisin, tar éis gur tháinig deireadh leis an gcomhaontú pá 19 mí leis an bhfoireann, agus bhí costais ní b'airde air i leith éileamh freisin.

Nuair a cuireadh 20 feithicil nua ar an mbóthar go luath in 2015, tháinig feabhas nach beag ar phróifíl an fhlíit. Ba é an toradh glan le haghaidh Expressway in 2015 ná easnamh €5.3 milliún (barrachas 2014: €0.6 milliún). Chuaigh an chuideachta i mbun athbhreithniú cuimsitheach ar shamhail oibríochta Expressway in 2015 agus beidh sí ag dul i mbun rannpháirtíochta leis na páirtithe leasmhara go léir maidir leis an chéad chéim eile sa phróiseas i dtreo Expressway a bheith ag déanamh brabúis arís.

Iompar Scoile

Lean an chuideachta ar aghaidh ag soláthar seirbhísí iompair scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Leanadh ar aghaidh ag soláthar Seirbhísí Iompair Scoile trí sheirbhísí inmheánacha agus seirbhísí arna soláthar ar bhonn seachtrach. Baineadh cóimheá airgid amach i leith Seirbhísí Iompair Scoile in 2015. Rinneadh cuid den chostas a bhain le seirbhísí nua na bliana 2015 a fhritháireamh trí laghduithe costais a baineadh amach san atheagrú bliantúil ar sheirbhísí, riarachán, agus ceanteidil chostais eile lena n-áirítear an costas a bhaineann le flít busanna scoile Bhus Éireann a rith.

Seirbhísí Tráchtála Eile

Tá Bus Éireann i mbun seirbhísí tráchtála eile freisin lena n-áirítear fruiliú príobháideach, turais lae, Eurolines agus seirbhísí coimhdeacha eile. Gineann na gníomhaíochtaí sin ollchorrlach don chuideachta. Chomh maith leis sin, ídionn siad céatadán d'fhorchostais iomlána na cuideachta, rud a fhágann gur féidir laghdú a dhéanamh ar an leithdháileadh forchostas a bhaineann le gníomhaíochtaí eile laistigh den chuideachta.

Infheistíocht Chaipitiúil

Leanann Bus Éireann ag tabhairt tús áite d'infheistíochtaí a fheabhsóidh eispéireas na gcustaiméirí agus iad ag taisteal

leis an gcuideachta. Tá an infheistíocht sa fhlít, i saoráidí, i gcórais TF agus i ngléasra agus innealra garáiste dírithe ar fheabhas leanúnach a chur ar na seirbhísí a thairgimid do chustaiméirí. In 2015 thug an chuideachta isteach busanna nua le haghaidh seirbhísí Expressway agus seirbhísí OSP araon, rud a fhágann go bhfuil feabhas nach beag ar an tseirbhís a fhaigheann na custaiméirí. Bhí an caiteachas caipitiúil cothrom le €18.5 milliún in 2015, agus sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú i bhfoirm deontas caipitiúil €7.2 milliún.

Ár gcuid Daoine

Tá Bus Éireann tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chuid foirne agus tugadh faoi roinnt tionscadal forbartha foirne in 2015. Lean an chuideachta ar aghaidh ag cur chun feidhme roinnt tionscnamh nua a d'eascair as an suirbhé rannpháirtíochta foirne in 2014.

In 2015 rinne Bus Éireann nuashonrú ar a Bheartas Comhionannais agus Éagsúlachta agus ar an mBeartas Dínite agus Measa. Mar a cheanglaítear faoin Acht um Míchumas 2005, lean an chuideachta uirthi ag déanamh monatóireachta ar líon na bhfostaithe atá faoi mhíchumas. Ó cuireadh tús leis an bpróiseas monatóireachta sin, tá méadú tagtha ar líon na bhfostaithe atá faoi mhíchumas. Ina theannta sin, ghlac Bus Éireann páirt san fheachtas frithchíníochais is mó in Éirinn a seoladh ar fud an ghréasáin iompair phoiblí i mí Aibreáin 2015. D'óstáil Bus Éireann ócáid de chuid CIÉ i gcomhair Lá Idirnáisiúnta na mBan in 2015. Ba é 'Make It Happen' téama na bliana sin, faoinar spreagadh gníomhaíocht éifeachtúil i dtaobh mná a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt dóibh.

Na Custaiméirí agus an Pobal

In 2015 lean Bus Éireann ar aghaidh ag tabhairt eolais agus teachtaireachtaí lárnacha do chustaiméirí, don phobal, do na meáin agus do pháirtithe leasmhara. Foilsíonn an chuideachta an scéala is déanaí faoina cuid seirbhísí ar an suíomh gréasáin, ar chainéil na meán sóisialta agus ar na meáin réigiúnacha agus náisiúnta. Tugadh isteach foireann nua seirbhíse Cúraim Custaiméirí in 2015 chun feabhas a chur ar eispéireas na gcustaiméirí. Ina theannta sin, ghlac Bus Éireann páirt in os cionn 50 tionscnamh maidir le Freagracht Shóisialta Chorporáideach (FSC) in 2015. Bhí a bhformhór siúd i bpobail áitiúla lena n-áirítear tionscnaimh mar Thionscadal Ceartais Chnoc na hAoine i gCorcaigh, agus Féile Ealaíon Spraoi Phort Láirge. Samplaí díobh siúd is ea an feachtas bliantúil #Stop Racism le cuideachtaí iompair phoiblí eile agus tacú le hiarrachtaí tiomsaithe airgid ar son an tionscnaimh 'Change for Charity'.

CIÉ ag spreagadh gníomhaíocht éifeachtúil i dtaobh mná a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt dóibh.



Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin 2015

Ioncam oibriúcháin

€303.0m 2015
€297.9m 2014

EBITDA

€2.0m 2015
€13.1m 2014

Líon na n-aistear a rinne custaiméirí

78.9m 2015
78.1m 2014

Líon na bhfostaithe

2,487 2015
2,456 2014

Conraitheoirí eile

€127.7m 2015
€124.2m 2014

(Easnamh)/barrachas oibriúcháin

(€5.4m) 2015
€4.3m 2014

An párolla agus costais ghaolmhara

€130.7m 2015
€123.9m 2014

Ranníocaíocht don státhiste i gcánacha

€59m 2015
€61m 2014



Scoileanna ar Freastalaíodh orthu ar bhonn Náisiúnta in 2015

approx 3,000

Leanaí a lompraíodh in aghaidh an Lae ar Sheirbhísí Scoile in 2015

approx 113,000

Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu a lompraíodh in aghaidh an Lae in 2015

approx 10,000



Iarnród Éireann

Tá sé ina chuspóir ag Iarnród Éireann seirbhísí iompair a chur ar fáil a fhreastalaíonn go leanúnach ar riachtanais ár gcustaiméirí agus a chabhraíonn le forbairt gheilleagraich na hÉireann a spreagadh.

Is iad seo a leanas luachanna na cuideachta:

- Seasta Sábháilte
- Gurb iad na custaiméirí croílár an ghnó
- Meas ar ár ndaoine
- Iarnród Éireann – Foireann Amháin
- Bródúil as a bhfuil déanta againn, paiseanta faoina bhfuil romhainn amach

I measc bhuaicphointí na bliana 2015 bhí:

- 1.9 milliún aistear breise iarnróid, a d'fhág go ndearnadh 39.7 milliún aistear san iomlán.
- Méadú ar an ioncam ónár ngnó lasta iarnróid agus Europort Ros Láir, de 2.3% agus 3.0% faoi seach.
- Méadú 4.9% ar ioncam ó phaisinéirí.
- Clár tionscnamh sábháilteachta lena chinntiú go bhfuil an tsábháilteacht ina príomhthosaíocht ag an bhfoireann go léir.
- Dea-phoncúlacht, agus gach bealach ag feidhmiú ar leibhéal níos fearr ná mar atá ceangailte faoi na conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí.
- Tús curtha leis an infheistíocht i líne Thollán Pháirc an Fhionnuisce, chun seirbhísí díreacha a chur ar bun idir Cill Dara agus Duga na Canálach Móire mar aon le hoibreacha athchomharthaíochta leanúnacha i lár na cathrach.
- Infheistíocht in oibreacha rianta a laghdóidh achar ama na n-aistear do chustaiméirí.

- Infheistíocht sa chlár Customer First dár gcuid, clár faoina ndéanfar athrú ó bhonn ar an teagmháil idir muid féin agus ár gcustaiméirí, agus faoina gcinnteofar gurb é an custaiméir croílár an ghnó.
- Athbhunú cláir printíseachta do mheicneoirí díosail, leictreoirí, feisteoirí agus táthairí.
- Béim leanúnach ar fheasacht a spreagadh i dtaobh ceisteanna meabhairshláinte trí chomhpháirtíochtaí le Mí an Ribín Ghlais, Samáraigh Éireann agus Cycle against Suicide.

An tSábháilteacht

Creideann Iarnród Éireann go daingean gur cheart dúinn a bheith sábháilte i gcónaí thar aon rud eile. Chun é sin a áirithiú, tá ár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta ina bhonn taca ag gach ní a dhéanaimid, agus déanann an Coimisiún um Rialáil Iarnród maoirseacht neamhspleách air.

Sheol Iarnród Éireann sraith tionscnamh in 2015 chun cur le cultúr na sábháilteachta agus le ceannaireacht sábháilteachta ar fud na heagraíochta. Ina measc siúd, bhí siad seo a leanas:

- Oiliúint i dtaobh Ceannaireacht Sábháilteachta do na bainisteoirí agus na maoirseoirí go léir
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin sábháilteachta, agus na fostaithe cuí go léir páirteach sa phróiseas
- Díriú as an nua ar an ról atá ag na hionadaithe sábháilteachta i dtaobh tacú le fostaithe
- Tuairiscí faoi rún ar neaschionóiscí a chur i bhfeidhm

Is é an teachtaireacht fhoriomlán atá á cur in iúl ar fud na heagraíochta ná "Is Fútsa é Timpistí a Chosc", trína ndírítear ar an ról atá ag gach duine aonair chun na caighdeáin sábháilteachta is airde a bhaint amach don chuideachta ina hiomláine.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí 2015 (ar lean)

Cúrsaí Airgeadais

Is ionann an toradh foriomlán don bhliain agus easnamh €7.7 milliún i gcomparáid le heasnamh €2.2 milliún a tuairiscíodh i leith na bliana 2014. Tá méideanna comparáideacha 2014 athshonraithe chun léiriú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais nua (FRS 102). Is é toradh athshonraithe na bliana 2014 easnamh €7.0 milliún, agus eascraíonn an t-athrú de bharr an athshonraithe den chuid is mó as athruithe ar an gcur chuige cuntasáiochta i dtaobh shócmhainní seasta Iarnród Éireann. Déantar anailís mhionsonraithe ar na hathruithe sin sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Tá méadú ó bhliain go bliain tagtha ar ioncam ó phaisinéirí, seirbhísí Ros Láir, maoin, fógraíocht agus ioncam tríú páirtí, gan coigeartuithe aon uaire in 2014 san áireamh. Tháinig méadú ar ioncam lasta freisin in ainneoin líon beagán níos ísle a bheith i gceist. Bhí éileamh ar sheirbhísí de bharr an téarnaimh gheilleagraigh, mar aon leis na tionscnaimh mhargaíochta spriocdhírithé atá fós ar bun againn, ag cur go mór leis an toradh sin. Tá an t-ioncam iomlán €233.9 milliún níos airde de €16.4 milliún ná ioncam na bliana roimhe sin, agus sáraíonn sé na leibhéil ioncaim a baineadh amach i lár na 2000í.

Tá bearna cistithe de thart ar €60 milliún in aghaidh na bliana fós ann i dtaobh ár sócmhainn bhonneagair a chothabháil agus a athnuachan. Má leantar leis an ngannchistiú ar an tsócmhainn bhonneagair, beidh dúshlán leanúnacha le sárú againn maidir le caighdeáin sábháilteachta a chomhlíonadh. Mura dtéitear i ngleic leis an mbearna cistithe sin, rachaidh an fheidhmíocht oibriúcháin in olcas agus i ndeireadh an lae cosnóidh an chothabháil fhrithghníomhach níos mó ná mar a chosnódh clár cothabhála sócmhainní a bhí cistithe go cuí.

Fuarthas cistiú forlíontach nua €38 milliún in 2015 ón Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt chun an rothstoc a chothabháil agus chun oibreacha sábháilteachta a dhéanamh ar an tsócmhainn bhonneagair.

Ár gCustaiméirí

Arís eile in 2015, chomhlíonamar agus sháraíomar ár spriocanna Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ar gach bealach, agus baineadh amach poncúlacht 95% ar a laghad ar fhorhmór na mbealaí. Bhí sé sin in ainneoin dálaí aimsire an-dona i dtreo dheireadh na bliana.

In 2015 tugadh fás suntasach faoi deara ar an líon aistear paisinéirí agus ar ioncam ó phaisinéirí, 5.5% agus 4.9% faoi seach. San iomlán, mhéadaigh líon na n-aistear paisinéirí ó 37.8 milliún go dtí 39.7 milliún, an bhliain ab fhearr ó 2008. Tugadh fás faoi deara sna gnóthaí go léir – Intercity, DART agus Seirbhísí Comaitéara ag 2.3%, 3.6% agus 7.8% faoi seach.

Thuairiscigh monatóir neamhspleách Iarnród Éireann um Shástacht Chustaiméirí leibhéal sástachta foriomlán 93%, an leibhéal is airde fós.

Lasta

Áiríodh iad seo a leanas i measc phríomhthráchtanna lasta na Cuideachta in 2015:

1. Mian since ó Mhianaigh na Teamhrach chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath
2. Traenacha coimeádán ó Bhéal an Átha chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath agus Port Láirge
3. Adhmad ó Chontae Mhaigh Eo chomh fada le muileann laín Phort Láirge

Mhéadaigh an t-ioncam lasta iarnróid agus an t-ioncam loingseoireachta ó €8.6 milliún go dtí €8.8 milliún in 2015, agus laghdaíodh líon na dtonnaí in aghaidh an chiliméadair ó 99.8 milliún go 96.4 milliún, mar gheall ar an laghdú ar an méid méine mianraí den chuid ba mhó.

Táthar ag díriú ar roinnt deiseanna nua gnó, agus tá sé ina aidhm againn traenacha níos faide a chur ar na ráillí chun costas aonaid an lasta iarnróid a laghdú do chustaiméirí.

D'éirigh go hiontach arís eile in 2015 le gnó Loingseoireachta Lasta Iarnród Éireann, a bhailíonn agus a dháileann páirteanna carranna. Bhí an t-ioncam uaidh 2% chun cinn ar an ioncam a bhí réamh-mheasta agus bhí 99.4% de na seachadtaí go léir in am ar fud oileán na hÉireann.

Europort Ros Láir

Is é Iarnród Éireann an t-údarás calafoirt ag Europort Ros Láir, an dara chalafort farraige is gnóthaí sa Stát ó thaobh cuairteanna loinge, trácht turasoireachta agus lasta aonadaithe.

Bhí méadú foriomlán 3% ó bhliain go bliain ar an ioncam, ag €10.4 milliún, rud a léiríonn méadú 2% ar ghluaisteáin paisinéirí agus méadú 4% in aonaid lasta róró, agus bhí méadú 39% ar allmhairiú feithiclí trádála agus feithiclí trádála éadroma.

In 2015 freisin, cheap Iarnród Éireann cuibhreas sainchomhairleoirí chun scrúdú a dhéanamh ar spéis an mhargaidh i socrú lamháltais maidir le hoibríochtaí a bhainistiú ag Europort Ros Láir, mar a moladh i dTuarascáil Indecon. Tá Iarnród Éireann ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir i Ros Láir tríd an bpróiseas sin.

Ár nGréasán

I measc fhoinsí ioncaim an ghnó Bainistíochta Bonneagair tá cistiú ó Chonradh Ilbhliantúil agus muirir i dtaobh rochtana ar na rianta ó oibríochtaí traenach, idir oibríochtaí paisinéirí agus oibríochtaí lasta, ar fiú €175.4 milliún iad.

Forbhreathnú ar Ídiú Fuinnimh an Ghrúpa in 2015

Áirítear iad seo a leanas le hídiú fuinnimh an Ghrúpa:


- Ola dhíosail d'fhlíteanna bus Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, do charráistí Intercity Iarnród Éireann agus sna Traenacha Díosail Ilaonad.
- Leictreachas a úsáidtear ar sheirbhís DART Iarnród Éireann, i gcrosairí comhréidhe uathoibríocha, i stáisiúin traenach agus bhus, i seomraí trealamh, i gceardlanna agus i dtaobh riachtanais ghinearálta oifige.
- Gás nádúrtha agus ola théimh le haghaidh oifigí agus ceardlanna a théamh.

Tá an phróifíl úsáide do 2015/2014 leagtha amach sa tábla thíos.

Próifíl ídithe fuinnimh an Ghrúpa	MWhr 2015	MWhr 2014
Ola dhíosail le haghaidh tarraingt feithiclí	976,730	981,412
Leictreachas le haghaidh tarraingt feithiclí	20,500	19,200
Leictreachas le haghaidh cuspóirí eile	47,936	48,453
Gás	23,744	21,868
Ola théimh	1,047	595
Tomhaltas Fuinnimh Iomlán	1,069,957	1,071,528

Is dearfach an rud é an laghdú leanúnach in ídiú fuinnimh i gcomhthéacs na n-aistear custaiméirí mar a léirítear anseo.

Fomhaltas Fuinnimh le hais Aistir Chustaiméirí



Bearta a glacadh chun Costais Fuinnimh a Laghdú

Rinneadh sábháil ar fud an Ghrúpa in 2015 maidir le costais fuinnimh, agus áirítear leo sin:

Iarnród Éireann

Gníomhartha a rinneadh in 2015 agus atá pleanáilte le haghaidh 2016

I measc na dtionscnamh atá dírithe ar chostais fuinnimh a laghdú in Iarnród Éireann tá siad seo a leanas:

- Clár tástála chun fíorú a dhéanamh ar éifeachtúlacht tairge a éilítear ina leith go laghdaíonn sé ídiú breosla in innill fhrithingeacha díosail. Tá an clár sin tar éis bogadh anois chuig suíomh tástála iomláine ag Iosta Chorcaí agus tá súil le freagra cinnte in 2016.
- Tá tionscadal ar bun chun innill éifeachtacha nua-aimseartha, ar lú iad ná na sean-inill, a chur in ionad na n-inneall traenach 2-stróc atá idir 20 agus 40 bliain d'aois. Tá múchadh uathoibríoch mar ghné chaighdeánach sna hinnill nua. Tá staidéar féidearthachta déanta maidir le córas tomhais, a fuair tacaíocht ón Scéim Creidmheasanna Fuinnimh. Déanfar trealamh chun an tomhaltas fuinnimh a thomhais a fheistiú in 2016 agus cuirfear tús le tomhais bhonnlíne. Táthar ag súil go mbeidh an próiseas tairisceana i gcomhair fhliú "201" ar siúl in 2016.
- Tá tuilleadh modhnuithe ar na Bogearraí Rialaithe Tarraingthe curtha siar go dtí go mbeidh an tseirbhís "DART 10 nóiméad" curtha chun feidhme agus í socraithe síos. Tá athruithe ar na leibhéil Uasacmhainne Iompórtála curtha siar freisin; agus b'fhéidir gur gá cur leo sin chun freastal ar ualaí níos mó le linn na mbuaicthréimhsí.
- I gcás thart ar 600 stáisiún agus foirgneamh lasmuigh, tá téitheoirí leictreacha insocraithe nua feistithe agus coimisiúnaithe. Tá téitheoirí uisce nua feistithe freisin sna foirgnimh ina raibh gá leo. Beidh na tionscnaimh sin á leathnú chuig foirgnimh Bhonneagair.

Bus Átha Cliath

Gníomhartha a rinneadh in 2015 agus atá pleanáilte le haghaidh 2016

In 2015 thug Bus Átha Cliath faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Leathnú ar mhonatóireacht ar ídiú breosla an fhliú de réir bealaigh;
- Feidhmiú leanúnach ar an monatóireacht ar éici-thiomáint de réir bealaigh i ngach iosta;



- Feithiclí nua a cheannach atá feistithe le hinnill ar chaighdeán Euro 6 – inneall níos lú agus níos éifeachtaí a úsáidtear le fonnadh níos éadroime chun ídiú breosla a laghdú, rud a fhágann go bhfuil siad 20% níos éifeachtaí ná na busanna a dtógann siad a n-áiteanna;
- VigilVanguard, teicnící éicitiomání, oiliúint do thiománaithe;
- Coinneáil leis an monatóireacht ar fhuinneamh ag gach áitreabh de chuid Bhus Átha Cliath;
- Bailiú báistí i gcomhair uisce chun fonnaidh na mbusanna a ghlanadh sna hiostaí; agus
- Clár oiliúna ISO 50001.

In 2016 tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú a thuilleadh trí na tionscnaimh seo a leanas a chur i gcrích:

- Trialacha éici-thiomána agus leas á bhaint as teicneolaíocht ar bord;
- 110 bhfeithicil nua a cheannach a bheith feistithe le hinnill ar chaighdeán Euro 6. Tógfaidh na feithicil nua sin áit seanfheithicil nach bhfuil chomh héifeachtach leo;
- Uathchóras bainistíochta breosla a shuiteáil i ngach iosta;
- Triail a bhaint as soilse dé-óid astaithe solais (LED) in ionaid arda sna ceardlanna; agus
- An Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a chur chun feidhme.

Bus Éireann

Gníomhartha a rinneadh in 2015 agus atá pleanáilte le haghaidh 2016

In 2015 thug Bus Éireann faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Cuireadh tús le clár comhair faoi stiúir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann d'fhonn creidiúnú ISO50001 a

chur chun feidhme agus a bhaint amach;

- Cur chun cinn leanúnach ar Fheachtais Feasachta Fuinnimh, a bhí dírithe go háirithe ar laghdú a dhéanamh ar ídiú breosla de bharr réchasadh neamhriachtanach innill;
- Méadú ar líon na bhfeithicil sa fhlít atá feistithe le córais uathoibríocha chun innill a stopadh agus iad díomhaoin;
- Tabhairt isteach feithicil a bhfuil inneall níos éifeachtaí iontu;
- Cláir uasghrádaithe um Éifeachtúlacht Soilsithe trí chórais soilsithe nua-aimseartha ísealfuinnimh LED a chur in ionad na teicneolaíochta atá as dáta; agus
- Monatóireacht agus tuairiscí feabhsaithe ar ídiú breosla an fhlít trí úsáid a bhaint as Bogearraí Córas Gnó agus SAP.


In 2016 tá sé ar intinn ag Bus Éireann breis feabhais a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh mar seo a leanas:

- Tabhairt isteach córais teileamaitice do 97 bhfeithicil eile, rud a fhágfaidh go mbeidh an córas sin suiteáilte ar 153 fheithicil san iomlán, a bheidh feistithe le huathchórais a stopfaidh an t-inneall agus é díomhaoin agus córas teileamaitice i dtaobh ídiú breosla;
- 25 bus dhá stór le toilleadh innill 5 lítear a chur in ionad busanna aon stóir le toilleadh innill 7 lítear;
- An córas breoslaithe frithdhóirte scoir thirim a chur i bhfeidhm i leith na bhfeithicil in iostaí mhóra eile;
- Leanúint leis na cláir uasghrádaithe i ndáil le héifeachtúlacht soilsithe trí chórais soilsithe nua-aimseartha, ísealfuinnimh a chur in áit na seanteicneolaíochta; agus
- Tuilleadh clár feasachta fuinnimh a chur chun feidhme a bheidh ag teacht le moltaí agus dea-chleachtas nua an tionscail.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí 2015 (ar lean)

Cúrsaí Fostaíochta sa Ghrúpa

Bhí 9,837 nduine ar an meán fostaithe ag Grúpa CIÉ in 2015, méadú 189 nduine ó 2014.



Ó 2008 go 2014, bhí an Grúpa ag crapadh ar bhonn leanúnach agus é ag iarraidh cur i gcoinne an drochthionchair ón laghdú ar an bhfóirdheontas agus ó líon na bpaisinéirí a bheith ag titim. Sa tréimhse idir 2008 agus 2014 tháinig laghdú 18.5% ar líon na mball foirne, idir daoine ag fágáil ar an ngnáthbhealach agus daoine ag glacadh le pacáistí téarfa dheonaigh. Tá costas an chlár téarfa dheonaigh á chistiú ó acmhainní an Ghrúpa, agus ba é an clár sin an ghné ba mhó a chuir leis an laghdú ar chostais oibriúcháin sa tréimhse sin.

Le teacht an téarnaimh, tá áthas orainn go bhfuil baill foirne bunlíne á n-earcú arís chun freastal ar an éileamh breise. Earcaíodh breis agus 70% de na hiontrálaithe nua isteach i mBus Átha Cliath.

Rannpháirtíocht Foirne

Is í a chuid foirne príomhshócmhainn Ghrúpa CIÉ. Is é beartas Ghrúpa CIÉ é an leas is fearr is féidir a bhaint as an tsócmhainn sin trí chultúr rannpháirtíochta agus trí obair foirne a spreagadh. Spreagtar na fostaithe uile chun páirt a ghlacadh i reáchtáil Ghrúpa CIÉ trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, i meithleacha oibre agus i dtionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí. Tá ceathrar Comhalta Oibrí ar Bhord CIÉ.

Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá an Grúpa tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina gcaitear le fostaithe agus custaiméirí le dínit agus le meas agus ina mbíonn meas ar dhifriochtaí, a dtéitear in oiriúint dóibh agus a mbíonn meas orthu. Ina theannta sin, tá sé ina aidhm againn timpeallacht a chruthú inar féidir leis na daoine go léir lán a n-acmhainneachta a bhaint amach, agus ina bhfuil meas ar réimse leathan cumas, buanna agus dearcthaí aonair agus a dtacaítear leo.

Trína oifigigh chomhionannais, tá cuideachtaí oibríochta an Ghrúpa ag cur feabhais i gcónaí ar an gcomhionannas san ionad oibre i gcás gach grúpa. Déantar athbhreithniú rialta ar an raon tionscnamh Cothromaíochta Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le heagraíochtaí seachtracha éagsúla chun forbairt a dhéanamh ar a chuid cleachtas agus gnáthamh, trí bheith ina bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht sa Láthair Oibre in IBEC, mar shampla.

Inrochtaineacht

Bímid i mbun caidreamh gníomhach le heagraíochtaí dóibh siúd a bhfuil fadhbanna maol-luaineachta acu chun tosaíochtaí a bhunú i dtaobh rochtana ar fheithiclí, oifigí agus stáisiúin.

Oibríonn Bus Átha Cliath flít busanna anois a bhfuil rochtain ísealurláir iontu uile, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de dhá chuideachta bus ar fud na hEorpa a chuireann an tsaoir sin ar fáil.

Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn CIÉ an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 a áirithiú i ngach gné ábhartha. Bhí sé ina bheartas ar fud an Ghrúpa in 2015 cloí le ceanglais an rialacháin sin.

Beartas Soláthair

Tá Beartas Soláthair i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ lena áirithiú go gcomhlíonfar Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar Poiblí agus Fónais, mar aon le beartais an Bhoird agus an Rialtais. Cuireadh beagnach na soláthairtí uile os cionn na tairisí cáilíochta chun tairisceana oscailte agus cuireadh isteach in Iris an Aontais Eorpaigh iad nuair ba chúil.

Bainistíocht Rioscaí

Tá beartas bainistíochta rioscaí ag Grúpa CIÉ agus tá creat bainistíochta rioscaí ceadaithe ag an mBord a ndéantar athbhreithniú rialta air. Feidhmíonn an creat bainistíochta rioscaí chun na príomhrioscaí a d'fhéadfadh cosc a chur ar chomhlíonadh chuspóirí an Ghrúpa a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Coinníonn gach ceann de na cuideachtaí laistigh den Ghrúpa clár rioscaí ina n-aithnítear na rioscaí éagsúla agus stádas na pleannanna gnímh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.

Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa



Comhaltaí an Bhoird

Luaitear thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina gComhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2015. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina gComhaltaí Boird ón 1 Eanáir 2015 go dtí an dáta ar ar ceadáíodh na ráitis airgeadais seo.

Vivienne Jupp	<i>Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin</i>
Ultan Courtney	
P.J. Drudy	<i>(Ar scor ar an 23 Iúil 2015)</i>
Phil Gaffney	
Bill McCamley*	
Aebhric McGibney	
Frances Meenan	<i>(Ar scor ar an 23 Iúil 2015)</i>
John Moloney*	
Christine Moran	<i>(Ceaptha ar an 7 Iúil 2015)</i>
Aidan Murphy	
Tom O'Connor*	
Ruairí O'Flynn	<i>(Ceaptha ar an 24 Iúil 2015)</i>
Niamh Walsh	<i>(Ceaptha ar an 24 Iúil 2015)</i>
Tommy Wynne*	

* Comhalta Oibrí

Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane

Stáisiún Heuston

Baile Átha Cliath 8

Teileafón + 353 1 703 2008

Facs + 353 1 703 2276

Coistí an Bhoird

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Christine Moran	<i>Cathaoirleach (Ceaptha ar an 2 Meán Fómhair 2015)</i>
P.J. Drudy	<i>(Ar scor ar an 23 Iúil 2015)</i>
Phil Gaffney	
Niamh Walsh	<i>(Ceaptha ar an 7 Deireadh Fómhair 2015)</i>
Folúntas amháin	

An Coiste Airgeadais

Aebhric McGibney	<i>Cathaoirleach</i>
Ultan Courtney	
Frances Meenan	<i>(Ar scor ar an 23 Iúil 2015)</i>
Aidan Murphy	
Christine Moran	<i>(Ceaptha ar an 4 Samhain 2015)</i>

An Coiste Luach Saothair

Niamh Walsh	<i>(Ceaptha ar an 7 Deireadh Fómhair 2015)</i>
Phil Gaffney	<i>(D'éirigh as mar Chathaoirleach ar an 5 Bealtaine 2015)</i>
Vivienne Jupp	
Frances Meenan	<i>(Ar scor ar an 23 Iúil 2015)</i>
Ultan Courtney	<i>(Ceaptha ar an 6 Bealtaine 2015)</i>
Aidan Murphy	<i>(Ceaptha ar an 6 Bealtaine 2015)</i>

An Coiste Sábháilteachta

Phil Gaffney	<i>Cathaoirleach</i>
Frances Meenan	<i>(Ar scor ar an 23 Iúil 2015)</i>
Tom O'Connor	
Niamh Walsh	<i>(Ceaptha ar an 4 Samhain 2015)</i>
Folúntas amháin	

An Coiste Straitéise

Ruairí O'Flynn	<i>(Ceaptha ar an 7 Deireadh Fómhair 2015)</i>
----------------	--

Ultan Courtney

Phil Gaffney

Vivienne Jupp

Aidan Murphy

Bainistíocht an Ghrúpa

Paddy Doherty *Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath (ar scor ar an 30 Meitheamh 2015)*

Ray Coyne *Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath (ceaptha ar an 1 Iúil 2015)*

Cyril Dunne *Príomhoifigeach Oibriúcháin, CIÉ (ceaptha ar an 4 Eanáir 2016)*

Mike Flannery *Príomhoifigeach Oibriúcháin agus Príomhoifigeach Airgeadais, CIÉ (d'éirigh as ar an 6 Samhain 2015)*

David Franks *Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann*

Martin Nolan *Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann*

Brian Stack *Stiúrthóir Bainistíochta, CIE Tours International*

Iniúcháirí

PricewaterhouseCoopers

Uimhir a hAon Duga Spencer

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

Aturnae

Colm Costello

Bridgewater House

Droichead na hInse

Baile Átha Cliath 8

Príomhbhaincээр

Banc na hÉireann

Faiche an Choláiste

Baile Átha Cliath 2

Buaicphointí

Ráiteas an Chathaoirigh

AthBavéwhnú

Ráitis Airgeadais

Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann



Vivienne Jupp *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin*

Ceapadh Vivienne Jupp ina Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin ar CIÉ i mí an Mheithimh 2011. Sainchomhairleoir bainistíochta is ea í agus bhíodh sí ina Stiúrthóir Bainistíochta Domhanda le Accenture. D'fhóin sí i bpoist éagsúla Rialtais, lena n-áirítear a bheith ina Cathaoirleach ar Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus ina Comhalta de Choimisiún Craolacháin na hÉireann. Bhíodh sí ina comhalta den Chomhlacht Athbhreithnithe um Luach Saothair Níos Airde san Earnáil Phoiblí agus ina Comhalta Boird de chuid Fhoras Ospise na hÉireann freisin. Bhain sí céimeanna BComm agus MBS amach in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (UCD). In 2000, bronnadh Gradam an Alumnu den Scoth uirthi ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, UCD.



Ultan Courtney

Ceapadh an tUasal Ultan Courtney ina chomhalta de Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2014. Tá an-taithí aige ar a bheith ag obair sa réimse Acmhainní Daonna agus Caidrimh Thionsclaíoch. Tá sé ag obair mar Stiúrthóir Bainistíochta ar a ghnó comhairleoireachta féin agus roimhe sin bhí sé ag obair le C&C Group Plc, Superquinn, Waterford Foods agus IBEC. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Céim Mháistir san Eacnamaíocht ar Ultan agus tá roinnt cáilíochtaí aige i réimse an dlí fostaíochta, na hidirghabhála, an eadráin agus an rialachais dlí.



Phil Gaffney

Ceapadh Phil Gaffney ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Iarnród Éireann i mí an Mheithimh 2011. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir ar Iarnród Éireann ón mbliain 2006 leith. Innealtóir comharthaíochta iarnróid is ea é. Sula ndeachaigh sé ar scor i mí na Nollag 2005, chaith sé ocht mbliana is fiche leis an MTR i Hong Cong. I rith an ama sin, bhí sé ina Phríomhinnealtóir, ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta. Tá sé ar Bhord Crossrail i Londain freisin, agus ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Crossrail.



Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley ar Bhord CIÉ ar dtús i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Thosaigh Bill i mbun oibre le Bus Átha Cliath in 1974 agus bíonn sé ag obair i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Bhí roinnt post éagsúil aige ina cheardchumann, SIPTU, lena n-áirítear ballraíocht sa Choiste Réigiúnach, sa Choiste Rannach agus sa Choiste Craoibhe. Is comhalta de Choiste na hEarnála Iompair agus de Choiste Dhúiche Bhaile Átha Cliath é faoi láthair. Rinne sé ionadaíocht ar son a cheardchumainn ag roinnt comhdhálacha iompair Eorpacha agus bhí sé ina bhall de Mheitheal na Roinne Dlí agus Cirt maidir le Foréigean Bus (1996). Tá a lán scríofa ag Bill faoi shaincheisteanna iompair agus ceardchumainn, lena n-áirítear leabhar faoi stair oibrithe tram Bhaile Átha Cliath.



Aebhric McGibney

Ceapadh Aebhric McGibney ar Bhord CIÉ i mí Dheireadh Fómhair 2011. Tá sé ina Stiúrthóir Beartais agus Cumarsáide i gComhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil freagracht air as cúrsaí Rialtais agus cúrsaí idirnáisiúnta, caidreamh poiblí agus cumarsáid na mball. Bhí sé ina léachtóir, ina shainchomhairleoir eacnamaíochta agus ina Eacnamaí Sinsir le IBEC roimhe seo. Tá M.Litt. (Eacnamaíocht) aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus bhronn Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, Gradam Liosta an Déin air as ucht a MBA in 2001.



John Moloney

Ceapadh John Moloney ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Ba sa bhliain 1978 a thosaigh John ag obair do Bhus Éireann agus is ag obair mar thiománaí bus i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh atá sé faoi láthair. Is comhalta den NBRU é.



Christine Moran

Ceapadh Christine ar Bhord CIÉ i mí Iúil 2015. Bhí sí ina stiúrthóir feidhmiúcháin roimhe sin le KBC Ireland Bank plc, áit ar fhóin sí i ról shinsearacha cheannaireachta, agus tá an-taithí aici i réimsí na forbartha straitéisí, na hiniúcháireachta, an airgeadais agus na bainistíochta rioscaí. Bhí sí ina stiúrthóir ar roinnt comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí neamhbhrabúis agus eagraíochtaí carthanais, nó ina gcomhalta díobh, lena n-áirítear an Chéad Ghrúpa Comhairleach d'Oifig um Fhorbairt Muirí na hÉireann agus Enactus Ireland. Tá sí ina comhalta d'Údarás Rialaithe Ollscoil Mhá Nuad. Cuireadh oiliúint uirthi mar chuntasóir cairte le PwC (Baile Átha Cliath), cháiligh sí leo, agus is Comhalta de chuid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn í. Tá céim bainte amach aici ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (Baitsiléir Tráchtála agus Dioplóma sa Chuntasáiocht Ghairmiúil) agus is Stiúrthóir Deimhnithe Bainc í.



Aidan Murphy

Ceapadh Aidan ina chomhalta de Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Éireann i mí Iúil 2014. Is é Aidan an Príomhoifigeach Oibriúcháin le Carlow Precast agus tá taithí na mblianta aige ag obair mar ghairmí slabhra soláthair. Roimhe seo bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach le Pulse Logistics, ina Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair le C&C Group, ina Bhainisteoir Ginearálta le Wincanton Ireland agus ina Stiúrthóir Lóistíochta le Allegro Ltd. Ba é Aidan an príomhchainteoir ag roinnt imeachtaí Slabhra Soláthair san Eoraip lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Shlabhra Soláthair na hEorpa agus is Comhalta é den Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn (CILT) agus iar-Uachtarán uirthi.



Tom O'Connor

Ceapadh Tom ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Oibríonn Tom mar thiománaí bus le Garáiste na Rinne. Tá sé i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid, tá sé ina chomhalta den Fheidhmeannas Náisiúnta agus d'fhóin sé mar Rúnaí Brainse Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. Bhíodh sé ag obair roimhe seo sa tionscal leictreachais agus comharthaí.



Ruairí O'Flynn

Ceapadh Ruairí ina chomhalta Boird i mí Iúil 2015. Is comhalta boird é freisin le FBD Holdings plc, Canada Life International Reinsurance, agus Irish Life Investment Managers. Bhíodh sé ina Phríomhfheidhmeannach le Canada Life Ireland agus ina Phríomhfheidhmeannach le Setanta Asset Management agus le Lifetime Assurance. Is le Grúpa Bhanc na hÉireann a chuir sé tús lena ghairmréim agus bhíodh sé ina chomhalta dáimhe lánaimseartha ag an IMI. Tá céim B.B.S agus céim M.Sc. sa Bhainistíocht ag Ruairí ó Choláiste na Tríonóide. Ghlac sé páirt sa Chlár Stiúrthóirí Idirnáisiúnta 2015 ag Scoil Ghnó Insead.

Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann (ar lean)



Niamh Walsh

Ceapadh Niamh ina comhalta Boird ar an 24 Iúil 2015. Tá 25 bliana taithí aici i réimse na Baincéireachta Infheistíochta, taithí a fuair sí i Londain, i Hong Cong agus i mBaile Átha Cliath. Roimhe seo bhí sí ina Príomhoifigeach Riosca le JPMorgan Bank plc i mBaile Átha Cliath agus ina Comh-Phríomhfheidhmeannach le Bear Stearns Bank plc. Tá sí ina comhalta d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta agus d'Institiúid Chairte na Rúnaithe agus na Riarthóirí.



Tommy Wynne

Ceapadh Tommy Wynne ina chomhalta Boird den chéad uair i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Tommy le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar an Rannóg um an Earnáil Iompair agus um Fhóntais agus Thógáil de chuid SIPTU.

Ráiteas Rialachais Chorporáidigh

Leagtar síos sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit na prionsabail rialachais chorporáidigh nach mór do Chomhlachtaí Stáit a ghlacadh. Tacaíonn Córas Iompair Éireann le prionsabail agus forálacha an Chóid Cleachtais.

An Bord

Cuimsíonn an Bord dáréag Comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas. Tá ceathrar Comhalta Oibrí sa dáréag sin atá ceaptha ag an Rialtas ar feadh téarma ceithre bliana, i ndiaidh toghchán i measc fhoireann an Ghrúpa.

Buaileann an Bord le chéile gach mí agus ar ócáidí eile faoi mar is cuí. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord d'ábhair ar leith nach mór dó athbhreithniú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear ceadú na ráiteas airgeadais bliantúil, na buiséid, an plean corparáideach, gnóthachain agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, caiteachas caipitiúil suntasach, ceapacháin lucht ardbhainistíochta agus mórbheartais an Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord ar bhonn míosúil.

Tá rochtain ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Ghrúpa.

Coistí an Bhoird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Is iadsan an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (féach thíos), an Coiste Airgeadais (féach thíos), an Coiste Sábháilteachta, an Coiste Luach Saothair agus an Coiste Straitéise. Tá comhaltaí gach ceann de na coistí liostaithe ar leathanach 29.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an CIR agus tá suas le ceathrar Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin air. Tháinig an Coiste le chéile 5 uaire in 2015.

Áirítear le príomhdhualgais an CIR maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh an Ghrúpa leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar fheidhmíocht an iniúcháora sheachtraigh, táillí iniúcháireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú.

Déanann an CIR plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi thorthaí an iniúchta. Ina theannta sin, déanann an Coiste monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an nGrúpa.

Ceapadh na hiniúchóirí seachtracha, PricewaterhouseCoopers, le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2013 ar feadh tréimhse trí bliana, tar éis próiseas tairisceana iomaíche. Mhol an CIR don Bhord gur cheart iad a athcheapadh go foirmiúil i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2015.

Níorbh ann do cheangaltais chonarthacha ar bith lenar cuireadh srian ar an CIR maidir leis an moladh sin a dhéanamh. De bhreis ar na seirbhísí iniúcháireachta a chuireann PricewaterhouseCoopers ar fáil, chuir an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamh-iniúcháireachta ar fáil don Ghrúpa in 2015, arbh ionann a luach agus €0.2 milliún. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúcháireachta seachtraí, ní mheasann an CIR go dtéann cineál ná fairsinge na hoibre breise a dtugtar fúithi i bhfeidhm ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas an iniúcháora.

Tá rochtain iomlán, neamhsrianta ag na hiniúchóirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa ar an CIR. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe den CIR agus buaileann siad leis an gCoiste gach bliain gan an lucht bainistíochta i láthair chun a chinntiú gur féidir leis na hiniúchóirí aon ábhar a phlé faoi rún.

Coinníonn an CIR faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta riosca an Ghrúpa trí bhualadh go tréimhsiúil le lucht ardbhainistíochta an Ghrúpa. Chomh maith leis sin, ceadáíonn an CIR cláir oibre na hiniúcháireachta inmheánaí don Ghrúpa, buaileann sé go tréimhsiúil le Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla a dtugtar fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo. Coinníonn an CIR faoi athbhreithniú freisin rialuithe, nósanna imeachta agus beartais a bhaineann le comhlíonadh, sceithireacht agus calaois.

An Coiste Airgeadais

Tá ceathrar Comhaltaí Boird ar an gCoiste Airgeadais agus tá téarmaí tagartha i scríbhinn air.

Áirítear leis an bpróiseas ina bhfeidhmíonn an coiste iad seo a leanas: bualadh le Príomhoifigeach Airgeadais agus lucht ardbhainistíochta na bhfochuideachtaí gach mí

Ráiteas Rialachais Chorporáidigh (ar lean)

chun athbhreithniú a dhéanamh ar chistiú chlár caipitiúil an Ghrúpa, an t-ord tosaíochta a thugtar do bhearta caiteachais chaipitiúil na bhfochuideachtaí, dá mbuiséid chaipitiúla agus oibriúcháin bhliantúla, agus beartais chistíochta, soláthair agus diúscartha an Ghrúpa.

Ina theannta sin, déanann an Coiste athbhreithniú ar straitéisí árachais agus airgeadais an Ghrúpa. Tá sé freagrach chomh maith as a áirithiú go n-éascaíonn córais faisnéise bhainistíochta an Ghrúpa do straitéisí airgeadais an Bhoird a chur chun feidhme go héifeachtach.

Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Tá freagracht iomlán ar an mBord as córais rialaithe inmheánaigh airgeadais an Ghrúpa. Níl na córais sin in ann ach deimhniú réasúnta a thabhairt i gcoinne míráiteas ábhartha nó cailteanas ábhartha, agus ní deimhniú iomlán.

Áirítear ar chórais rialaithe iomláin an Ghrúpa:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainithe go soiléir lena ngabhann teorainneacha údaráis i scríbhinn, leithscaradh cuí dualgas agus modhanna tuairiscithe do na hardleibhéil den lucht bainistíochta, do bhoird na bhfochuideachtaí, d'fhochoistí boird agus don Bhoird. Coimeádtar beartais mhionsonraithe ar príomhréimsí atá i mbaol airgeadais lena n-áirítear riosca cistíochta.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhir i gcomparáid leis an mbuiséad a cheadaíodh roimh ré ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus ina ndéantar imscrúdú ar aon treochtaí nó éagsúlachtaí suntasacha. Scaiptear na tuarascálacha sin ar an mBord ar bhonn míosúil le haghaidh athbhreithnithe.
- Bunú treoirilínte soiléire chun an caiteachas caipitiúil a fhorfhéas agus a rialú. Áirítear leo sin ullmhú na mbuiséad bliantúil caipitiúil a cheadaíonn an Bord i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus staidéir mhionsonraithe indéantachta agus measúnaithe ar thionscadail chaipitiúla ar suntasach iad ar bhonn aonair sula bhformheasann an leibhéal cuí údaráis iad (lena n-áirítear an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i gcás tionscadail mhóra). Maidir le mórthionscadail chaipitiúla, ullmhaítear tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn don lucht bainistíochta agus do bhoird na fochuideachta ábhartha. Ní mór páipéar foirmiúil socraíochta a chur i gcrích i leith na mórthionscadal caipitiúil uile.

- Laistigh d'Iarnród Éireann, déanann an Grúpa Comhairleach Bonneagair, ina bhfuil stiúrthóirí agus lucht ardbhainistíochta Iarnród Éireann, athbhreithniú míosúil ar thograí tionscadail, ar phróisis tairisceana agus mheasúnachta arna nglacadh, agus ar an dul chun cinn maidir le mórthionscadail chaipitiúla i gcomparáid le hamchláir agus buiséid na dtionscadal.

Déanann rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa, a gclúdaíonn a ról an grúpa ar fad, athbhreithniú córasach ar rialuithe inmheánacha. Sna hathbhreithnithe sin, leagann rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa béim ar réimsí atá níos mó i mbaol faoi mar a shainaithnítear iad ina creat anailíse riosca. Sainítear ról agus freagrachtaí rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa i gcairt arna ceadú ag an mBord. Tuairiscíonn Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa go foirmiúil don CIR.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an CIR, ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais trí na bearta seo a leanas:

- Athbhreithniú ar chlár na hiniúchóireachta inmheánaí (arna ullmhú tar éis an phróiseas um measúnú riosca iniúchóireachta) agus breithniú ar na mórthorthaí.
- Breithniú ar mhórthorthaí aon imscrúduithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar thuarascáil an iniúcháora sheachtraigh, ina bhfuil sonraí ar aon saincheisteanna rialaithe ábhartha a sainaithníodh mar thoradh ar a iniúchadh ar na ráitis airgeadais.
- Tá próiseas uile-Fhiontair um Bainistíocht Riosca i bhfeidhm chun díriú ar impleachtaí na mór-rioscaí gnó lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibriúcháin, straitéiseacha, guaise agus géilliúlachta. Coinnítear clár rioscaí agus nuashonraítear go ráithiúil é agus tá pleananna gnímh san áireamh ann chun dul i ngleic leis na rioscaí arna n-aithint.

Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a chinneann luach saothair na gComhaltaí Boird i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird.

Óctar luach saothair freisin le Comhaltaí Boird a ceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001, de réir a gconarthaí fostaíochta.

Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Seo thíos liosta de thinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh in 2015.

Comhalta Boird	Bord CIÉ	An Coiste Airgeadais	An Coiste Iniúchóireachta	An Coiste Luach Saothair	An Coiste Sábháilteachta	An Coiste Straitéise
Vivienne Jupp	10/10			8/8		8/8
Ultan Courtney	10/10	10/10		5/5		8/8
P.J. Drudy	6/6		3/3			
Phil Gaffney	10/10		5/5	7/8	4/4	8/8
Bill McCamley	10/10					
Aebhric McGibney	10/10	10/10				
Frances Meenan	6/6	6/6		5/5	2/2	
John Moloney	8/10					
Christine Moran	4/4	1/1	2/2			
Aidan Murphy	10/10	10/10		5/5		8/8
Tom O'Connor	8/10				3/4	
Ruairi O'Flynn	4/4					2/2
Niamh Walsh	4/4		1/1	1/1	1/1	
Tommy Wynne	9/10					

Gnóthas Leantach

Tá na Comhaltaí Boird deimhin go mbeidh dóthain acmhainní ag CIÉ agus ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá réir sin, tá bonn an ghnóthais leantaigh fós á roghnú acu agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Díritear d'aird ar Nóta 1 maidir leis sin.

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp *Cathaoirleach*

Christine Moran *Comhalta Boird*

An 6 Aibreán 2016

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais CIÉ (an mháthair-chuideachta) agus Ghrúpa CIÉ a ullmhú de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Faoi dhlí na hÉireann, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais ina dtugtar léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Ghrúpa CIÉ amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus cailteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais. Faoin dlí sin, d'ullmhaigh na Comhaltaí Boird na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Cuntasáochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn (caighdeán chuntasáochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus i ndlí na hÉireann).

Faoi dhlí na hÉireann, ní dhéanfaidh na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus cailteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird:

- Beartais oiriúnacha chuntasáochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- A shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán chuntasáochta infheidhme agus na caighdeán sin atá i gceist a shainaithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeán sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais;
- Scairsealbhóirí CIÉ a chur ar an eolas i scríbhinn faoi úsáid díolúintí noхта, más ann, faoi FRS 102; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cú a ghlacadh leis go leanfaidh CIÉ agus an Grúpa i mbun gnó.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as taifid chuntasáochta iomchuí a choinneáil ar leor iad chun:

- Idirbhearta CIÉ agus an Ghrúpa a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart;
- A chumasú, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus cailteanas CIÉ a chinneadh go réasúnta cruinn; agus
- A chur ar a gcumas do na Comhaltaí Boird a áirithiú gur ullmhaíodh ráitis airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán chuntasáochta infheidhme agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Chomh maith leis sin, tá na Comhaltaí Boird freagrach as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa. Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

On behalf of the Board

Vivienne Jupp *Cathaoirleach*

Christine Moran *Comhalta Boird*

An 6 Aibreán 2016

Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i leith Chóras Iompair Éireann ("CIÉ")

Tuairisc ar na Ráitis Airgeadais

Ár dtuairim

Is é ár dtuairim, maidir le ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann (na "ráitis airgeadais"):

- go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar chúrsaí an Ghrúpa agus CIÉ amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar chaillteanas agus sreafaí airgid an Ghrúpa don bhliain dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmháodh go cuí iad de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn.

An méid a bhfuil iniúcháireacht déanta againn air

Cuimsítear sna ráitis airgeadais:

- an clár comhardaithe comhdhlúite agus clár comhardaithe CIÉ amhail an 31 Nollaig 2015;
- an cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais don bhliain dar chríoch ar an dáta sin;
- an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach don bhliain dar chríoch ar an dáta sin;
- an ráiteas comhdhlúite agus ráiteas CIÉ ar athruithe cothromais don bhliain dar chríoch ar an dáta sin;
- an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid don bhliain dar chríoch ar an dáta sin;
- na beartais shuntasacha chuntasaíochta; agus
- na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, ina n-áirítear faisnéis mhíniúcháin eile.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm i leith ullmhú na ráiteas airgeadais ná na cleachtais chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn), lena n-áirítear FRS 102 "The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland".

Agus an creat tuairiscithe airgeadais á chur i bhfeidhm acu, rinne comhaltaí an bhoird roinnt breithiúnas suibichtúil, i ndáil le meastacháin shuntasacha chuntasaíochta, mar shampla. Agus na meastacháin sin á ndéanamh acu, rinneadar toimhdí agus bhreithníodar imeachtaí amach anseo.

Ábhair ar aontaíomar tuairisc a thabhairt ina dtaobh

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn.
- Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta CIÉ leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta, cuí a dhéanamh ar ráitis airgeadais CIÉ.
- Tá clár comhardaithe CIÉ ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Nithe nach mór dúinn tuairisc a thabhairt orthu ar bhonn eisceachta

An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), tá ceanglas orainn tuairisciú duit más rud é nach dtugtar léiriú ar chomhlíonadh alt 13.1 (iii) den Chód ag an nGrúpa sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais atá riachtanach faoin gCód, mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorpáraidigh ar leathanach 33 go dtí leathanach 35, nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais. Níl aon eisceachtaí le tuairisciú againn ag éirí as an bhfreagracht sin.

Freagrachtaí as na ráitis airgeadais agus as an iniúchadh

Na freagrachtaí atá orainne agus iad siúd atá ar chomhaltaí an bhoird

Mar a mhínítear ar shlí níos iomláine sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird ar leathanach 36, is iad na comhaltaí boird atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta gur léargas fírinneach cóir a thugtar iontu.

Is muidne atá freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tuairim a thabhairt ina leith, de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIníúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Faoi na caighdeáin sin, ceanglaítear orainn na Caighdeáin Eiticíúla d'Iníúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta a chomhlíonadh.

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha (ar lean)

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear na tuairimí sin, don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus dó sin amháin de réir Alt 34 (2) (a) den Acht Iompair, 1950, agus chun na críche sin amháin. Agus na tuairimí seo á dtabhairt againn, ní ghlacaimid freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dó nó di, nó a gheobhaidh í, seachas sa chás ina dtugaimid ár dtoilíú go sainráite roimh ré i scríbhinn.

Cad atá i gceist le hiniúchadh ar ráitis airgeadais

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus an nochtadh atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide. Áirítear leis an méid sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cé acu an oireann nó nach n-oireann na beartais chuntasaíochta do chúinsí an Ghrúpa agus CIÉ, agus cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go himleor iad;
- a réasúnaí is a bhí na meastacháin shuntasacha chuntasaíochta a rinne na comhaltaí boird; agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Den chuid is mó, dírimid ár gcuid oibre sna réimsí sin trí mheasúnú a dhéanamh ar bhreithiúnais na gcomhaltaí Boird os coinne na fianaise atá ar fáil, trí theacht ar ár mbreithiúnais féin, agus trí mheasúnú a dhéanamh ar an nochtadh sna ráitis airgeadais.

Déanaimid faisnéis a thástáil agus a scrúdú, ag baint úsáide as sampláil agus teicnící iniúcháireachta eile, a mhéid a mheasaimid a bheith riachtanach chun bonn réasúnta a chur ar fáil dúinn le teacht ar chonclúidí. Faighimid fianaise iniúcháireachta trí thástáil a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe, ar nósanna imeachta substainteacha nó ar mheascán den dá rud sin.

Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais go léir agus an fhaisnéis neamhairgeadais go léir atá sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun faisnéis ar bith a shainaithint ar cosúil go bhfuil sí mícheart go hábhartha ar bhonn an eolais a fuairamar le linn dúinn a bheith i mbun an iniúchta seo, nó nach dtagann go hábhartha leis an eolas sin. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhíríteas dhealraitheacha ábhartha nó faoi aon neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha.

PricewaterhouseCoopers

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe

Baile Átha Cliath

An 6 Aibreán 2016

(a) Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine shuíomh gréasáin Chóras Iompair Éireann; ní áirítear na nithe sin san obair a dhéanann na hiniúcháirí agus, dá réir sin, ní ghlacann na hiniúcháirí le freagracht ar bith as aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith tagtha ar na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair ar an suíomh gréasáin den chéad uair iad.

(b) Ní gá gurb ionann an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite CIÉ ar bhonn gnóthas leantach de réir ghnáthchleachtas cuntasaíochta na hÉireann (na Caighdeán Chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais na Ríochta Aontaithe agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn) lena n-áirítear comhlíonadh Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe, agus an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Is é Córas Iompair Éireann (CIÉ) údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt. Ghlac CIÉ FRS 102 den chéad uair sna ráitis airgeadais seo. Nochtar sonraí an aistriú go dtí FRS 102 i Nóta 28..

(a) Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mhodhnú le haghaidh sócmhainní agus dliteanais airgeadais áirithe a thomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus cailteanais.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as príomhthoimhdí áirithe a bhaineann leis an todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilítear freisin go ndéanfadh na Comhaltaí Boird breithiúnas agus beartais chuntasaíochta an Ghrúpa á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (w) na réimsí ina bhfuil ardeibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh toimhdí agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlánluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí nocta áirithe d'eintiteas incháilithe, faoi réir coinníollacha áirithe, ar comhlíonadh iad, lena n-áirítear fógra a thabhairt do

scairshealbhóirí an eintitis i leith na ndíolúintí agus gan aon agóid ina gcoinne a bheith ag na scairshealbhóirí.

Bhain CIÉ, an t-eintiteas, leas as an díolúine ó ráiteas ar shreabhadh airgid a ullmhú, ar an mbonn go bhfuil sé ina eintiteas incháilithe agus go bhfolaíonn an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid, atá ina chuid de na ráitis airgeadais seo, sreafaí airgid an Eintitis.

(b) Bunús an Chomhdhlúite

Is comhdhlúthú iad ráitis airgeadais ann Ghrúpa ar ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann agus a chuid fochuideachtaí:

- Iarnród Éireann – Irish Rail.
- Bus Éireann – Irish Bus.
- Bus Átha Cliath – Dublin Bus.
- CIÉ Tours International Incorporated

Tá deireadh thréimhse airgeadais na bhfochuideachtaí go léir ag teacht le deireadh thréimhse airgeadais CIÉ. Fochuideachtaí is ea na heintitis go léir ar féidir le CIÉ a mbeartais airgeadais agus oibriúcháin a rialú, rud a thagann de ghnáth le scairsheilbh arb ionann í agus níos mó ná leath de na cearta vótála.

(c) Airgeadra Eachtrach

(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe

Is é an euro airgeadra feidhmiúil CIÉ agus gach ceann dá fochuideachtaí agus is é an euro airgeadra tuairiscithe an Ghrúpa, arna ainmniú ag an tsiombail "€". Mura luaitear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair ina mílte (€'000).

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus cailteanais a aithnítear gnóthachain agus cailteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú

Beartais Shuntasacha Chuntasáochta (ar lean)

ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus cailteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus cailteanais faoi 'ús infhaighte agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear i láthair gach gnóthachan agus cailteanas airgeadra eachtraigh eile sa chuntas brabúis agus cailteanais faoi 'costais ábhair agus seirbhíse'.

(d) Ioncam

Cuimsíonn an t-ioncam oll-luach na seirbhísí arna soláthar. Déantar an t-ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear an t-ioncam sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar gach ceann de na príomhshruthanna ioncaim mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncaim le haghaidh gach srutha ioncaim.

Tugtar anonn sna dliteanais na fáltais ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa chuntas brabúis agus cailteanais thar thréimhse an táirge ábhartha. Aithnítear ioncam eile ó iompar poiblí nuair a chuireann an custaiméir an t-aistear i gcrích.

Aithnítear an t-ioncam lasta agus an t-ioncam ó Europort Ros Láir sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithnítear ioncam cíosa ar bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa.

Aithnítear ioncam ó fhógraíocht agus ó ghníomhaíochtaí éagsúla eile le linn thréimhse an chonartha ábhartha. Déantar ioncam ó fhógraíocht a thuilleadh ó chonarthaí dhá mhí agus conarthaí ráithiúla agus faightear an t-ioncam sin ar bhonn riaráisteach.

Aithnítear ioncam ó choimisiúin nuair a sholáthraítear an tseirbhís don chustaiméir.

Aithnítear ioncam eile tríú páirtí tráth a thuillte, nó ag an bpointe seirbhíse, sa mhéid gur aithníodh costais iomchuí a tabhaíodh atá in-aisghabhála i gcoinne an ioncaim sin sa tréimhse.

Díorthaítear ioncam CIÉ Tours International Incorporated ó sholáthar seirbhísí arna dtairiscint lena n-áirítear Turais sceidealta, grúpaí agus Taisteal Coigríche Neamhspleách. Déantar ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fuarthas maidir le soláthar na seirbhísí arna dtairiscint agus aithnítear é nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

(e) Íocaíochtaí oibleagáide Seirbhíse Poiblí, Deontais ón Aontas Eorpach agus Deontais eile ón Stáitchiste

Aithníonn an Grúpa deontais rialtais ag teacht leis an tsamhail fabhraithe faoi FRS 102.

(i) Íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP)

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus cailteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

(ii) Deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil

Déantar deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil eile a chur chun sochair an ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais ar an mbonn céanna ar a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(iii) Deontais Ioncaim

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus cailteanais an tráth céanna a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh.

(iv) Deontas Conartha Ilbhliantúil (CI) i dtaobh Bainistíocht Bhonneagair

Aithnítear deontais mar ioncam iarchurtha nó láithreach mar ioncam sa chuntas brabúis agus cailteanais, trí thagairt don bhonnghníomhaíocht a bhfuil an deontas ceaptha lena cúiteamh. Na deontais chaipitiúla CI a chuirtear chun sochair an ioncaim iarchurtha sa chlár comhardaithe, déantar iad a amúchadh thar shaol eacnamaíoch tuartha na sócmhainní gaolmhara.

(f) Costais ábhar agus seirbhísí

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí an Ghrúpa ó lá go lá, seachas costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus cailteanais, agus tá siad leagtha amach ar shlí níos mionsonraithe i Nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(g) Costais eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa, aithnítear torthaí oibriúcháin ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a mheasann an Bord nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Grúpa go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le nithe den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach' sa sainmhíniú, úsáideann an Bord idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

(h) Ús

(i) Ús infhaighte

Cuirtear an t-ús a thuilltear chun sochair don chuntas brabúis agus cailteanais sa tréimhse inar tuilleadh é.

(ii) Ús iníoctha

Cuirtear costais a bhaineann le hiasachtaí de mhuirear an chuntais brabúis agus cailteanais sa tréimhse inar tabhaíodh iad.

(i) Cáin ioncaim

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus cailteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chothromas leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

(i) Cáin reatha

Is ionann cáin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

(ii) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabús inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascaíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachas sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear cailteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhchaí.

(j) Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Nochtann Grúpa CIÉ idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil faoi úinéireacht iomlán laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá faoi úinéireacht iomlán.

(k) Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus cailteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

(l) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímeas carntha agus cailteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais infheidhme i dtaobh baint ó chéile, tabhairt chun bealaigh agus athchóirithe.

Beartais Shuntasacha Chuntasáochta (ar lean)

(i) *Línte iarnróid agus oibreacha iarnróid*

Gréasán córas atá i gceist leis na línte iarnróid agus na hoibreacha iarnróid.

Meastar gurb ionann an caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a chumas nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus méid breise a chuirtear leis na sócmhainní seasta inláimhsithe, agus déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar a shaol eacnamaíoch úsáideach tuartha. Costais fostaithe chaipitlithe agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne, áirítear iad sna sócmhainní seasta inláimhsithe.

An caiteachas ar an ngréasán reatha, a chinntíonn go bhfuil an acmhainn oibriúcháin ag teacht leis na caighdeáin shonraithe seirbhíse, áirítear mar chothabháil é agus cuirtear é de mhúirear an chuntais brabúis agus cailleanais. Caitear le haon deontas bainteach ar an gcaoi chéanna agus cuirtear i láthair é sa chuntas brabúis agus cailleanais.

(ii) *Rothstoc iarnróid*

Déantar na hinnill traenach (seachas iad sin atá lán-dímheasta nó a fhaightear gan aon chostas), na carranna iarnróid, an stoc cóistí agus na vaigíní a dhímheas ar bhonn a gcostais stairiúil agus é leithdháilte thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(iii) *Feithiclí paisinéirí bóthair*

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa fhliú, ar feadh a saol úsáidigh tuartha, ar bhonn céatadán laghdaitheach a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

(iv) *Feithiclí lasta bóthair*

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn a chostas stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(v) *Talamh agus foirgnimh*

Áirítear le talamh agus foirgnimh talamh agus foirgnimh ruíse, ionaid mhiondíola agus oifigí. Déantar talamh agus foirgnimh a thabhairt anonn ar a gcostas (nó ar a gcostas measta más talamh nó foirgnimh atá i gceist a ndearnadh athluacháil orthu roimhe seo faoi ngnáthchleachtas cuntasaíochta) lúide dímheas carntha agus cailleanais lagaithe charntha.

Tá maoine áirithe laistigh den ghrúpa ar maoine úsáide ilchineálaí iad toisc go bhfaigheann an Grúpa ioncam incriminteach as ucht aonaid mhiondíola sna stáisiúin ar ligean ar cíos le tríú páirtithe agus ioncam cíosa ar mhaoine áirithe eile nach mbaineann an Grúpa lán-úsáid astu. Ós rud é nach féidir luach cóir na comhpháirte maoine infheistíochta a thomhas go hiontaoifa gan costas míchuí nó iarracht mhíchuí a bheith i gceist, áfach, cuirtear na maoine ar fad san áireamh i gcáil mhaoine, innealra agus trealamh de réir Alt 17 de FRS 102.

(vi) *Droichid, dugaí, cuanta agus calaí, comharthaíocht, gléasra agus innealra agus trealamh lónadóireachta*

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostas stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(vii) *Dímheas agus luachanna iarmharacha*

Déantar dímheas ar shócmhainní, ach amháin talamh, a ríomh de réir na modhanna dímheasa agus an tsaol úsáidigh tuartha, mar seo a leanas:

Línte agus oibreacha iarnróid	modh an mhéid chothroim	10-40 bliain
Droichid	modh an mhéid chothroim	120 bliain
Rothstoc iarnróid	modh an mhéid chothroim	4 - 20 bliain
Feithiclí paisinéirí bóthair	modh an chéatadán laghdaitheach	8 - 14 bliain
Busanna scoile	modh an mhéid chothroim	8 - 14 bliain
Feithiclí lasta bóthair	modh an mhéid chothroim	1 - 10 bliain
Foirgnimh ruíse	os cionn 50 bliain	over 50 bliain
Gléasra agus innealra	modh an mhéid chothroim	3 - 30 bliain
Comharthaíocht	modh an mhéid chothroim	10 bliain
Dugaí, cuanta agus céanna	modh an mhéid chothroim	over 50 bliain
Trealamh lónadóireachta	modh an mhéid chothroim	5 - 10 bliain

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, gach bliain airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

(viii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain

Ní dhéantar costais iardain a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair gheilleagracha a bhaineann leis an mír i ndán don Ghrúpa agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Aithnítear suim ghlanluacha aon chomhpháirte ionaid. Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair gheilleagracha agus déantar dímhéas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear deisiúcháin agus obair chothabhála de mhúirear an chuntais brabúis agus cailleanais de réir mar a thabhaítear iad.

(ix) Dí-aithint

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar geilleagrach sa todhchá. Ar dhiúscairt, déantar an difríocht idir na glanfháilt diúscairt agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa chuntas brabúis agus cailleanais.

(m) Sócmhainní Oidhreachta

Tá roinnt sócmhainní oidhreachta ag an nGrúpa, feithicilí a bhíodh sa fhliú den chuid is mó, agus plátaí, suaitheantais agus déantáin éagsúla. Ní dhéantar na sócmhainní a chothabháil díreach as ucht an mhéid a chuireann siad le heolas agus cultúr agus tá go leor iar-shócmhainní oibriúcháin i gceist leo.

Mar gheall ar chineál éagsúil na sócmhainní atá ar seilbh agus an easpa margadhluachanna inchomparáide, bheadh an costas a bhainfeadh le luacháil na sócmhainní oidhreachta chomh mór nach mbeadh sé i gcomhréir leis na sochair a sholáthrófaí d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais.

(n) Lagú na Sócmhainní Neamhairgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh. Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainí ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchá coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear cailleanas lagaithe sa chuntas brabúis nó cailleanais.

Má aisiompaítear cailleanas lagaithe (níl feidhm ag cúiseanna an chailleanais lagaithe a thuilleadh), méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí an meastachán leasaithe ar a méid in-aisghabhála, ach ní mhéadaítear í ach amháin a mhéid nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha leasaithe an tsuim ghlanluacha a bheadh cinnte (iar-dhímheas) dá mba rud é nár aithníodh aon chailleanas lagaithe sna blianta airgeadais roimhe sin. Aithnítear aisiompú cailleanais lagaithe sa chuntas brabúis agus cailleanais.

(o) Infheistíochtaí

Déantar infheistíocht CIÉ i bhfochuideachtaí a thabhairt anonn ar a costas stairiúil lúide cailleanais lagaithe charntha.

(p) Stoic

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna spártha, breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar an stoc a luacháil ar a mheánchostas ualaithe

Beartais Shuntasacha Chuntasáochta (ar lean)

nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus costas láimhseála atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar na stoic a mheas i leith lagaithe agus déantar soláthar i leith stoc a mheastar a bheith lagaithe.

Déantar stoc Innealtóireachta Sibhialta (CCE) agus Comharthaíochta (SET) a aicmiú ina stoc gluaiseachta agus stoc neamhghluaiseachta. Cuirtear soláthar i bhfeidhm ar stoc neamhghluaiseachta, bunaithe ar an bhfad ama ó bhog an stoc le déanaí. Cuirtear soláthar sa bhreis i bhfeidhm ar an chuid bhreise den “stoc gluaiseachta” ag brath ar an leibhéal stoic ar lámh a bhfuil níos mó ná 2 bhliain úsáide bainte as.

Déantar stoc Innealtóireachta Meicniúla (CME) a aicmiú mar stoc straitéiseach, stoc cláir agus stoc inchaite. Cuirtear soláthar i bhfeidhm i leith gach aicme ag brath ar aois an stoic.

I gcás trealamh fuireachais nó mórpháirteanna spártha speisialaithe atá ar seilbh chun críocha athsholáthair agus a cheaptar a mbainfear úsáid astu le linn níos mó ná tréimhse amháin, bíonn siad ar seilbh i gcáil shócmhainní seasta inláimhsithe de réir FRS 102.

(q) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoh le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sna dliteanais reatha. Déantar airgead tirim agus coibhéisí airgid a thomhas ar dtús ar an bpraghas idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta.

Ní airgead tirim ná coibhéisí airgid iad taiscí bainc a bhfuil aibíochtaí bunaidh níos mó ná trí mhí acu agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

(r) Ionstraimí Airgeadais

Roghnaigh an Grúpa forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

(i) Sócmhainní Airgeadais

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an nGrúpa lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúpchuideachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí

airgid, atá taifeadta leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbheart (lena n-áirítear costais an idirbheart), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta ag baint úsáide as modh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil sócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta lagaithe, aithnítear cailteanas lagaithe sa chuntas brabús nó cailteanais. Is ionann an cailteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn méid an cailteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an cailteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an cailteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabús agus cailteanais.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocraítear iad, nó (b) nuair a aistrítear chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais, nó (c) nuair a aistríodh rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil chun an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

(ii) Dliteanais airgeadais

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt dliteanas airgeadais bunúsach ar an nGrúpa, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí, a aithnítear den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart airgeadais é an socrú, agus sa chás sin déantar an dliteanas airgeadais a thomhas ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó fhochuideachtaí, agus dliteanais airgeadais ó shocrúithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta ag baint úsáide as modh an ghlanráta úis.

I gcás táillí arna n-íoc maidir le bunú saoráidí iasachta, aithnítear iad mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid is gur dócha go ndéanfar cuid den tsaoráid iasachta nó í go léir a tharraingt anuas. Sa chás sin, cuirtear an táille siar go dtí go dtarraingítear anuas an iasacht. Sa mhéid nach bhfuil aon fhianaise ann gur dócha go ndéanfar cuid den tsaoráid iasachta nó í go léir a tharraingt anuas, áirítear tá an táille mar réamhíocaíocht i leith seirbhísí leachtachta agus déantar í a amúchadh thar thréimhse na saoráide lena mbaineann sí.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte ó sholáthraithe i ngnáthchúrsa an ghnó. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar mhéideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta ag baint úsáide as modh an ghlanráta úis.

Déantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a bhíonn an dliteanas múchta, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonarhach a urscaoileadh nó a chur ar ceal nó ar dhul in éag di.

(iii) Ionstraimí airgeadais díorthacha agus gníomhaíochtaí fáilaithe

Ní ionstraimí airgeadais bunúsacha iad díorthaigh, lena n-áirítear babhtálacha rátaí úis, réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus conarthaí babhtála tráchtarraí.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ar a luach cóir ar an dáta a ndéantar conradh díorthach agus déantar iad a atomhas ina dhiaidh sin ar a luach cóir.

Cuireann an Grúpa cuntasáíocht fáilaithe i bhfeidhm i gcás babhtálacha rátaí úis, réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus conarthaí babhtála tráchtarraí, agus ainmnítear na díorthaigh sin mar fhálú ar an sreabhadh airgid.

Aithnítear sa chothromas codanna éifeachtacha na n-athruithe ar luachanna cóir na ndíorthach atá ainmnithe mar fhálú ar an sreabhadh airgid agus a cháilíonn amhlaidh. Déantar an gnóthachan nó an cailteanas a bhaineann le haon chuid neamhéifeachtach a aithint láithreach sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Déantar méideanna arna gcarnadh sa chúlchiste fáilaithe a athchúrsáil sa chuntas brabúis agus cailteanais sna tréimhsí ina mbeidh tionchar ag na míreanna fáilaithe ar bhrabús nó cailteanas (mar shampla nuair a tharlóidh an ceannach tuartha a bhfuil fálú déanta ina leith). Má bhíonn sé ina thoradh ar idirbheart tuartha a bhfuil fálú déanta ina leith go n-aithnítear sócmhainn neamhairgeadais (fardal, mar shampla) nó dliteanas, déantar na gnóthachain agus cailteanais a iarchuireadh roimhe sin sa chúlchiste fáilaithe a aistriú ón gcúlchiste agus cuirtear san áireamh iad sa mheastóireacht bhunaidh ar chostas na sócmhainne nó an dliteanais.

Sa chás ina dtéann ionstraim fáilaithe in éag nó ina ndíoltar í, nó sa chás nach gcomhlíonann fálú a thuilleadh na critéir le haghaidh cuntasáíocht fáilaithe, fágfar sa chúlchiste aon gnóthachan nó cailteanas carnach atá sa chúlchiste fáilaithe an tráth sin, agus aithnítear é nuair a aithnítear an t-idirbheart tuartha ar deireadh sa chuntas brabúis agus cailteanais. Nuair nach bhfuiltear ag súil leis a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart tuartha, déantar an gnóthachan nó an cailteanas carnach a tuairiscíodh san ioncam cuimsitheach eile a aistriú láithreach chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais.

(s) Soláthairtí

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an nGrúpa de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochar geilleagar

Beartais Shuntasacha Chuntasáochta (ar lean)

de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáide as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus cailteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar CIÉ ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar CIÉ athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh sé ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Ghrúpa fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí iarnróid agus bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar do chailteanais oibriúcháin sa todhcháil.

(t) Dlíteanais agus Sócmhainní Teagmhasacha

I gcás dlíteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an nGrúpa sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go

hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

(u) Sócmhainní Léasaithe

(i) Léasanna Airgeadais

Faoi léasanna airgeadais, aistrítear rioscaí agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir.

I dtosach an téarma léasa airgeadais, aithníonn an Grúpa a cheart úsáide agus an oibleagáid atá air faoi léas airgeadais mar shócmhainn agus dliteanas ag méid is ionann agus luach cóir na sócmhainne ar léas, nó más rud é gur luach níos ísle atá i gceist, ar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh ar an ráta úis atá intuigthe sa léas. Tá caiteachas caipitiúil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is giorra. Tá sciar caipitiúil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh leis na creidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus cailteanais thar phríomh-thréimhse an léasa.

Déantar sócmhainní faoi léasanna airgeadais a dhímheas thar théarma an léasa nó saol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is giorra. Déantar sócmhainní a mheas maidir le lagú i ndeireadh gach bliana airgeadais.

Déantar na híocaíochtaí léasa íosta a chionroinnt idir an dliteanas amuigh agus na muirir airgeadais, ag baint úsáide as modh an ráta úis éifeachtúil, ionas go mbeidh ráta seasmhach tréimhsiúil úis i bhfeidhm ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas.

(ii) Léasanna Oibriúcháin

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus cailteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a thabhaítear iad.

(v) Sochair Fostaithe

Cuireann an Grúpa roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearachta agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsin faoi seach.

Sochair Iarfhostaíochta

Feidhmíonn an Grúpa dhá phlean sochair shainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochair shainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair shainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair shainithe agus sochar iar-fhostaíochta seachas plean le ranníocaíochtaí sainithe.

Is ionann an dliteanas a aithnítear sa chlár comhardaithe maidir leis na pleananna sochar sainithe agus luach reatha na n-oibleagáidí sochar sainithe ag deireadh gach bliana airgeadais lúide luach cóir shócmhainní an phlean ar an dáta céanna.

Déanann achtúire seachtrach na hoibleagáidí sochar sainithe a ríomh gach bliain ag baint úsáide as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Cinntear luach reatha na n-oibleagáidí sochar sainithe trí lascainiú a dhéanamh ar na híocaíochtaí measta don todhchaí ag baint úsáide as torthaí margaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe in euro agus a bhfuil téarmaí acu ar cosúil iad le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí amach anseo ('ráta lascaine').

I gcás luach cóir shócmhainní an phlean as a bhfuil na hoibleagáidí le glanadh, déantar é a thomhas de réir bheartas cuntasáíochta an Ghrúpa i leith sócmhainní airgeadais. I gcás fhormhór na sócmhainní, is é sin an praghas luaite i margadh gníomhach. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, úsáidtear teicnící luachála cuí chun meastachán a dhéanamh ar an luach cóir.

Cuimsítear iad seo a leanas i gcostas na bpleananna sochar sainithe, arna n-aithint sa chuntas brabúis agus cailteanais, ach amháin má tá siad san áireamh i gcostas sócmhainne:

(a) An méadú ar ghlandlíteanais sochar sainithe a eascraíonn ó sheirbhís fostaithe i rith na bliana airgeadais; agus

(b) An costas a bhaineann le plean a thabhairt isteach, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Cinntear an glanchostas úis maidir le glandlíteanas sochar sainithe tríd an nglanlíteanas sochar sainithe a mhéadú faoin ráta lascaine (mar a chinntear iad ag tús na bliana airgeadais sa dá chás, agus aird á tabhairt ar aon athruithe ar an nglanlíteanas sochar sainithe i rith na bliana airgeadais mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochar). Aithnítear an glanchostas úis sin sa chuntas brabúis agus cailteanais mar 'ús iníochta agus muirir dá shamhail'.

Aithnítear san ioncam cuimsitheach eile gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn ó choigeartuithe ó thaithí agus athruithe ar thiomhdí achtúireacha. Na méideanna sin, mar aon leis an toradh ar shócmhainní an phlean lúide an t-ioncam úis ar shócmhainní an phlean atá ar áireamh sa ghlanchostas úis, cuirtear i láthair iad mar atomhas ar an nglanlíteanas sochar sainithe leis an ioncam cuimsitheach eile.

Glacann na focuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Déantar an glandlíteanas pinsin sochar sainithe do na scéimeanna ina n-iomláine a aithint i gclár comhardaithe eintitis CIÉ.

(w) Breithiúnais Ríthábhachtacha maidir le Beartais Chuntasáíochta an Ghrúpa a Chur i bhFeidhm

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na Comhaltaí Boird meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínte, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasáíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar

Beartais Shuntasacha Chuntasáochta (ar lean)

na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe

Braitheann an muirear amúchta bliantúil ar shócmhainní seasta doláimhsithe agus an muirear dímheasa ar shócmhainní seasta inláimhsithe ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht fisiciúil na sócmhainní. Léirítear thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní seasta doláimhsithe agus inláimhsithe i leith gach aicme sócmhainní leagtha amach i Nóta 13 agus Nóta 14.

(ii) Scéimeanna pinsean sochar sainithe

Tá sé d'oibleagáid ar an nGrúpa sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Is iad achtúirí na scéimeanna a dhéanann na pleananna pinsean a luacháil. Braitheann costas na sochar pinsean agus luach reatha na ndliteanas pinsean ar na toimhdí arna ndéanamh i leith tosca cosúil le hionchas saoil bhaill na scéime, méadú tuarastail na bhfostaithe reatha, leibhéal na méaduithe, más ann dóibh, a dheonaítear do phinsinéirí agus an ráta úis ar a ndéantar lascaíniú ar na híocaíochtaí pinsean sa todhchaí. Úsáideann an Grúpa meastacháin i leith na dtosca sin go léir chun na costais pinsean agus na sócmhainní agus dliteanas arna léiriú sna ráitis airgeadais a chinneadh.

Cinneann an Grúpa an ráta lascaíne cuí ag deireadh gach bliana. Is é sin an ráta úis ba chóir a úsáid chun an luach reatha a chinneadh i dtaobh eis-sreafaí airgid measta don todhchaí a mheastar a bheidh ag teastáil chun na hoibleagáidí pinsean a íoc. Agus an ráta lascaíne cuí á chinneadh aige, measann an Grúpa torthaí bannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe san airgeadra ina n-íocfar na sochair agus a bhfuil téarmaí aibíochta acu atá cosúil le téarmaí na hoibleagáide pinsean a bhaineann leo.

Tá éiginnteacht nach beag fós i gceist maidir le tuarastail deiridh inphinsin a bheidh i bhfeidhm agus na sochair iníochta á gcinneadh. Bíonn tionchar ar mhuirir pinsean freisin de bharr difríochtaí idir toimhdí a rinneadh agus an tairbhí, agus de bharr athruithe ar thoimhdí. Tá tuilleadh mionsonraí i dtaobh scéimeanna pinsean sochar sainithe an Ghrúpa agus na toimhdí a úsáidtear agus na dliteanas pinsean á luacháil leagtha amach i Nóta 24.

Mar gheall ar an luaineacht nach beag sna margáí airgeadais, tá athruithe móra tagtha le roinnt blianta anuas ar luachanna margaidh shócmhainní na scéimeanna pinsean agus ar an ráta lascaíne ar a ndéantar dliteanas pinsean amach anseo a luacháil.

(iii) Soláthair um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íochta ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Ghrúpa fós.

Glacann an Grúpa gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chúil aige maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 21 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2015	Nótaí	2015	2014
		€'000	€'000
Ioncam ó oibríochtaí	2	846,037	825,118
Fáltais ó chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	11	189,575	211,812
Cistiú eile ón Stát	11	112,944	77,429
Deontais ioncaim eile	11	4,490	5,623
Ioncam iomlán	2	1,153,046	1,119,982
Costais phárolla agus costais ghaolmhara	4	(564,716)	(535,284)
Costais ábhar agus seirbhísí	5	(540,044)	(503,517)
Iomlán na gcostas oibriúcháin		(1,104,760)	(1,038,801)
EBITDA roimh chostais eisceachtúla		48,286	81,181
Costais eisceachtúla	6	(2,846)	(4,487)
Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitiúil	7	(55,845)	(61,164)
Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe	8	1,511	1,939
(Easnamh)/barrachas oibriúcháin an Ghrúpa roimh ús agus chánachas		(8,894)	17,469
Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail	9	103	978
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	9	(17,390)	(20,495)
Glanchostas úis		(17,287)	(19,517)
Easnamh don bhliain roimh chánachas		(26,181)	(2,048)
Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí	10	(252)	(1,251)
Easnamh don bhliain		(26,433)	(3,299)

Buaicphointí

Ráiteas an Chathaoirigh

AthBavéithníú

Ráitis Airgeadais

Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2015	Notáí	2015	2014
		€'000	€'000
Easnamh don bhliain		(26,433)	(3,299)
Ioncam cuimsitheach eile:			
Atomhas na ndliteanas sochar iarscoir	24	437,168	(278,110)
Fálú ar an sreabhadh airgid			
Athaicmiú sa chuntas brabúis agus caillteanais		19,743	(2,983)
Athrú ar luach na n-ionstraimí fálaithe		(20,784)	(29,081)
	26	(1,041)	(32,064)
Ioncam/(costas) cuimsitheach eile don bhliain, glan ar cháin		436,127	(310,174)
Ioncam/(costas) cuimsitheach iomlán don bhliain		409,694	(313,473)

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

Amhail an 31 Nollaig 2015	Nótaí	2015	2014
		€'000	€'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta doláimhsithe	13	9,036	12,328
Sócmhainní seasta inláimhsithe	14	3,063,609	3,183,717
Sócmhainní airgeadais	15	–	20
		3,072,645	3,196,065
Sócmhainní reatha			
Fardail	16	57,370	55,273
Féichiúnaithe	17	76,298	72,728
Airgead sa bhanc agus ar láimh		59,404	50,477
		193,072	178,478
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	18	(468,089)	(462,547)
		(275,017)	(284,069)
Glandliteanais reatha			
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha			
		2,797,628	2,911,996
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	19	(45,498)	(63,484)
Ioncam iarchurtha	22	(2,454,036)	(2,545,602)
Soláthairtí in aghaidh dliteanas			
Soláthairtí eile in aghaidh dliteanas	21	(215,982)	(217,115)
Soláthar le haghaidh oibleagáidí sochair iarfhostaíochta	24	(288,403)	(701,780)
		(206,291)	(615,985)
Glandliteanais			
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas brabúis agus cailteanais		(247,358)	(657,052)
Airleacain Stáit neamh-inaisíochta		12,511	12,511
		(206,291)	(615,985)

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp *Cathaoirleach*

Christine Moran *Comhalta Boird*

Buaicphointí

Ráiteas an Chathaoirigh

AthBweithniú

Ráitis Airgeadais

Clár Comhardaithe an Eintitis

Amhail an 31 Nollaig 2015	Nótaí	2015	2014
		€'000	€'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní seasta doláimhsithe	13	66	121
Sócmhainní seasta inláimhsithe	14	769,598	780,245
Sócmhainní airgeadais	15	294,246	295,653
		1,063,910	1,076,019
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	17	3,697	8,054
Airgead sa bhanc agus ar láimh		55,515	48,949
		59,212	57,003
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	18	(261,713)	(238,361)
Glansócmhainní reatha		(202,501)	(181,358)
Sócmhainní iomlána líuide dliteanais reatha		861,409	894,661
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	19	(45,498)	(63,484)
Ioncam iarchurtha	22	(542,272)	(552,245)
Soláthairtí in aghaidh dliteanas			
Soláthairtí eile in aghaidh dliteanas	21	(2,994)	(3,511)
Soláthar le haghaidh oibleagáidí sochair iarfhostaíochta	24	(288,403)	(701,780)
Glandliteanais		(17,758)	(426,359)
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas brabúis agus cailiteanais		(58,825)	(467,426)
Airleacain Stáit neamh-inaisíochta		12,511	12,511
		(17,758)	(426,359)

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp *Cathaoirleach*

Christine Moran *Comhalta Boird*

Ráiteas Comhdhlúite um Athruithe ar Chothromas

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2015	Nótaí	Cúlchiste caipitil €'000	Cuntas brabúis agus cailteanais €'000	Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha €'000	Cothromas iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014	28	28,556	(343,579)	12	(302,512)
Easnamh don bhliain airgeadais		–	(3,299)	–	(3,299)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		–	(310,174)	–	(310,174)
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		–	(313,473)	–	(313,473)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014		28,556	(657,052)	12,511	(615,985)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015	28	28,556	(657,052)	12,511	(615,985)
Easnamh don bhliain airgeadais		–	(26,433)	–	(26,433)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		–	436,127	–	436,127
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		–	409,694	–	409,694
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015		28,556	(247,358)	12,511	(206,291)

Buaicphointí

Ráiteas an Chathaoirigh

Athbavéithniú

Ráitis Airgeadais

Ráiteas um Athruithe ar Chothroimas i gcás Eintiteas CIÉ

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2015	Nótaí	Cúlchiste caipitil	Cuntas brabúis agus cailteanais	Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha	Cothroimas iomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014	28	28,556	(144,248)	12,511	(103,181)
Easnamh don bhliain airgeadais	12	–	(45,068)	–	(45,068)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		–	(278,110)	–	(278,110)
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		–	(323,178)	–	(323,178)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014		28,556	(467,426)	12,511	(426,359)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015	28	28,556	(467,426)	12,511	(426,359)
Easnamh don bhliain airgeadais	12	–	(28,567)	–	(28,567)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		–	437,168	–	437,168
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		–	408,601	–	408,601
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015		28,556	(58,825)	12,511	(17,758)

Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2015	Nótaí	2015	2014
		€'000	€'000
Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	23	65,893	85,849
Cáin ioncaim a íocadh		(987)	(1,206)
Airgead glan arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		64,906	84,643
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannach sócmhainní seasta inlámhsithe		(182,299)	(212,382)
Ceannach sócmhainní seasta dolámhsithe		(1,443)	(3,343)
Diúscairt sócmhainní airgeadais		20	-
Fáltas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inlámhsithe		1,536	3,060
Fáltas ó dheontais stáit agus deontais AE		144,404	217,188
Ús faighte		103	978
Airgead glan (arna úsáid i)/ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(37,679)	5,501
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Aisiócaíocht iasachtaí bainc		(13,000)	(13,000)
Fáltas ó eisiúint iasachtaí bainc		-	(40,000)
Íocaíochtaí léasa airgeadais		(2,078)	(3,662)
Ús íoctha		(3,355)	(5,583)
Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe		(18,433)	(62,245)
Glanmhéadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid		8,794	27,899
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		50,349	22,450
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		59,143	50,349
Cuimsítear san airgead tirim agus sna coibhéisí airgid:			
Airgead sa bhanc agus ar láimh		59,404	50,477
Rótharraingtí bainc		(261)	(128)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		59,143	50,349

Buaicphointí

Ráiteas an Chathaoirigh

AthBavéiríní

Ráitis Airgeadais

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1 Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoina nglactar leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag CIÉ agus ag Grúpa CIÉ chun leanúint ar aghaidh ag oibriú ar feadh ar a laghad 12 mhí ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

Cúlra

Amhail an 31 Nollaig 2015 bhí glandliteanais €206m (2014: €616m) ar ghrúpa CIÉ agus bhí glandliteanais reatha €275m (2014: €284m) air. Áirítear le glandliteanais an Ghrúpa dliteanais i ndáil le hoibleagáidí pinsean sochar sainithe dar luach €288m (2014: €702m) agus ioncam iarchurtha maidir le deontais chaipitil a fuarthas de €2,687m (2014: €2,784m).

I mí Iúil 2013 chuir an Grúpa bailchríoch rathúil ar an gcaibidlíocht le bainc an Ghrúpa i ndáil le hathmhaoiniú a dhéanamh ar na saoráidí bainc éireachta atá ar fáil don Ghrúpa agus iad a mhéadú. Gnóthaíodh saoráidí saintiomanta €160m go dtí Iúil 2018; aisíocadh €26m den mhéid sin ina dhiaidh sin, agus níl sé ar fáil le tarraingt air arís, faoi shaoráid íasachta téarmaí an Ghrúpa. Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí €54m tarraingthe anuas ag an ngrúpa faoi na saoráidí íasachta téarmaí. Ba é €80m an méid neamhtharraingthe a bhí ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráidí creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa.

Cuimsíonn na saoráidí sin roinnt cúnant airgeadais, ar chomhlíon an Grúpa iad ar fad in 2015. Creideann an lucht bainistíochta go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag comhlíonadh na gcúnant atá sonraithe sa chomhaontú saoráide don tréimhse 12 mhí, ar a laghad, ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

Cineál na Neamhchinnteachtaí atá le Sárú ag an nGrúpa

Ainneoin feabhas a bheith tagtha ar fheidhmíocht trádála in 2015, tá an Grúpa fós ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach gnó óna n-eascraíonn neamhchinnteachtaí.

Cé go bhfuil muinín ag an lucht bainistíochta go leanfar ar aghaidh ag comhlíonadh na leibhéal foriomlán airgeadais, lena n-áirítear iad siúd atá de dhíth ionas go gcomhlíonfaidh an Grúpa a chuid cúnant airgeadais, tá feidhmíocht an Ghrúpa sa todhchaí bunaithe ar roinnt spriocanna agus toimhdí dúshlánacha, a éilíonn go ndéanfaidh an lucht bainistíochta monatóireacht agus maoirseacht ar bhonn leanúnach. Glactar leis i mbuiséad an Ghrúpa go dtabhóidh an Grúpa easnamh oibriúcháin arís in 2016.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomh-neamhchinnteachtaí a mbeidh tionchar acu ar thodhchaí an Ghrúpa faoi na ceanteidil seo a leanas:

1. Ioncam

Braitheann comhlíonadh na spriocanna atá luaite le fás ioncaim i bplean gnó 5 bliana an Ghrúpa ar thoisíocht éagsúla a bhaineann le méaduithe ar tháillí ainmniúla, méaduithe ar líon aistear paisinéirí agus an meascán táillí idir tháillí airgid thirim agus tháillí eile. Tá acmhainn an Ghrúpa i dtaobh bhaint amach na méaduithe ar tháillí atá toimhdithe sna pleananna ag brath den chuid is mó ar na cinntí a dhéanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair maidir le táillí, agus tá méaduithe ar an líon aistear paisinéirí ag brath ar an téarnamh gilleagrach a bheith inbhuanaithe.

2. Costais Oibriúcháin

Baineann fóorthábhacht leis na costais oibriúcháin a choimeád ar leibhéal chúí mar atá sonraithe i bplean gnó an Ghrúpa. Is suibiachtúil, de réir a nádúir, iad na toimhdí a úsáideadh agus an plean gnó á ullmhú agus ní mór go ndéanfar dianmhnatóireacht ar fheidhmíocht i gcoinne an phlean, ionas gur féidir gníomhaíochtaí maolaithe, atá aitheanta ag an lucht bainistíochta cheana féin, a chur i bhfeidhm más gá.

3. Costais Infheistíochta

Baineann fóorthábhacht leis an leibhéal cúí infheistíochta a bhaint amach maidir le cothabháil, athnuachan agus feabhsú an bhonneagair iompair phoiblí chun tacú le soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte, éifeachtach agus iontaofa. Dúshlán leanúnach don lucht bainistíochta is ea é a chinntiú go bhfuil an infheistíocht riachtanach á cistiú go cúí ionas nach mbainfidh éileamh infheistíochta oibríochtaí an Ghrúpa an bonn d'inhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa.

Tá pleananna an Ghrúpa don bhliain 2016 ag brath ar thacaíocht cistithe i bhfoirm caiteachas caipitiúil breise ón Státchiste agus ón Údarás Náisiúnta Iompair agus glactar leis go mbeidh infheistíocht cistithe ar fáil ó shreafaí airgeadais oibriúcháin freisin. Braitheann inbhuanaitheacht an Ghrúpa san fhadtréimhse ar leibhéal cúí cistithe a bheith ar fáil ón rialtas chun cistiú a dhéanamh ar na seirbhísí iompair phoiblí a cheanglaítear faoi chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí an Ghrúpa.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1 Gnóthas Leantach (ar lean)

Tá inbhuanaitheacht an Ghrúpa an-leochaileach i dtaobh na neamhchinnteachta a bhaineann le hinfheistíocht sa todhchaí a chistiú. Le linn 2014 thug Iarnród Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi phróiseas chun réitigh fhéideartha ar riachtanais airgeadais Iarnród Éireann a athbhreithniú agus a mheas. Leis an meastachán breise cistithe Rialtais a ceadáíodh i mí na Nollag 2015, feabhsáítear a gcumas i dtaobh riachtanais infheistíochta Iarnród Éireann in 2016 a chistiú ón sreabhadh airgid.

Dúshlán suntasach do gach páirtí leasmhar é cistiú na riachtanas infheistíochta san fhadtréimhse. Sa chás ina mbeidh gannchion sna leibhéil cistithe, beidh an riosca ann nach nginfidh an Grúpa torthaí imleora chun a chobhsaíocht airgeadais a chosaint i rith shaolré an phlean gnó reatha 5 bliana. Sa chás sin, beidh an caipiteal oibre srianta agus beidh gá le monatóireacht leanúnach air. Bheadh gá le gníomhaíochtaí maolúcháin chun a áirithiú nach ndéanfaí sárú ar an gcúnant airgeadais foriomlán, dá bhfuil an Grúpa ceangailte, agus go nginfí sreabhadh airgid imleor i ndiaidh infheistíochta chun oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite.

4 Pinsin

Tá easnamh i scéimeanna pinsean an Ghrúpa. Cé go raibh glandliteanais na scéimeanna pinsean laghdaithe ar an 31 Nollaig 2015, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, tá na margaí airgeadais fós luaineach ó dheireadh na bliana, lena n-áirítear gluaiseachtaí suntasacha i rátaí úis bunúsacha faoina ndéantar dliteanais a thomhas, agus luacháil na sócmhainní atá i seilbh na scéimeanna. Ní mór monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an luaineacht leanúnach i leith luacháil na scéimeanna agus ní mór bearta a shainaithint ar féidir iad a chur chun feidhme, ar bhonn comhaontaithe, chun an riosca a bhaineann leis na scéimeanna a laghdú.

Tá CIÉ i mbun rannpháirtíochta leis an bhfoireann chun bearta a aithint agus a aontú d'fhonn na scéimeanna a thabhairt slán ón riosca.

Gníomhaíochtaí an Lucht Bainistíochta

Tá roinnt gníomhaíochtaí curtha i gcrích agus á gcur i gcrích go fóill ag lucht bainistíochta an Ghrúpa agus CIÉ, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna a bhfuil tionchar acu ar phlean gnó an Ghrúpa.
- Plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an struchtúr cistithe cuí agus leis an nglantionchar airgeadais ar Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath.
- Plé le hionadaithe foirne chun bearta a aontú i dtaobh aghaidh a thabhairt ar staid airgeadais chistí pinsean an Ghrúpa.
- Leanúint le tionscnaimh spárála costais a chur i bhfeidhm agus dianmhonatóireacht a dhéanamh orthu.
- Dianmhonatóireacht á déanamh ag an lucht bainistíochta ar an staid airgid laethúil, seachtainiúil agus míosúil ar fud an Ghrúpa.
- Tionscnaimh chosanta ioncain a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí nua a lorg chun ioncam a ghiniúint.

Litir Thacaíochta

Tá fianaise ar an tacaíocht leanúnach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le fáil sa litir thacaíochta dar dáta an 5 Aibreán 2016.

Deirtear sa litir go leanann an Roinn ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar staid airgeadais CIÉ agus go bhfuil sí i mbun idirphlé le CIÉ maidir le bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint. Bíodh is go sonraítear sa litir nach bhféadfaí glacadh le rud ar bith sa litir mar ráthaíocht ar oibleagáidí nó dliteanais CIÉ, sonraítear inti freisin gurb é beartas an Rialtais go fóill é go bhfuil ar chumas ghnólacht CIÉ a chuid dliteanas a chomhlíonadh i gcónaí, agus go leanfaidh an Stát lena chearta scairshealbhóra a fheidhmiú agus é ina aidhm aige a áirithiú go mbainisteoidh CIÉ a chuid oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas dó a chuid oibleagáidí go léir a chomhlíonadh go tráthúil. Luaitear freisin sa litir nár mhór go mbeadh dlí AE á chomhlíonadh ag aon gníomhaíocht a bheidh le háireamh ag an Stát, lena n-áirítear rialacha a bhaineann le Státchabhair a bhféadfadh fógra agus faomhadh ón gCoimisiún a bheith ag teastáil ina leith.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1 Gnóthas Leantach (ar lean)

Focal Scoir

I ndiaidh fiosrúcháin chuí a dhéanamh, agus na neamhchinnteachtaí thuasluaite a mheas, tá ionchas réasúnach ag na Comhaltaí Boird gur leor an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa agus a shaoráidí bainc mar atá faoi láthair chun cistiú a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha an Ghrúpa agus CIÉ um shreabhadh airgid, agus chun cúnant airgeadais an Ghrúpa faoi shocruithe shaoráidí baincéireachta an Ghrúpa a chomhlíonadh, don tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo. Chomh maith leis sin, tá ionchas réasúnach acu go dtacóidh an Rialtas le bearta chun cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Ar an mbunús sin, chinn na Comhaltaí Boird nach bhfágann na rioscaí thuasluaite gurb ann do neamhchinnteacht ábhartha a chaitheann amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

Tá ionchas réasúnach ag na Comhaltaí Boird, ag féachaint do na nithe thuasluaite, go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an nGrúpa agus CIÉ chun leanúint ag feidhmiú ar bhonn oibríochtúil ar feadh 12 mhí ar a laghad ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo, agus measann siad gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2 Ioncam DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA

Léirínn an t-ioncam na méideanna arna ndíorthú ó sholáthar seirbhísí a thagann faoi réim ghnáthghníomhaíochtaí an Ghrúpa, agus iad luaite glan ar cháin.

Is soláthraí seirbhísí iompair é an Grúpa go príomha, agus tá sé ag feidhmiú in oileán na hÉireann. Tá gach cuid de sheirbhís iompair an Ghrúpa á bainistiú ag eintiteas dlíthiúil ar leith. Feidhmíonn an Grúpa cuideachta a chuireann turais ar bun freisin – CIÉ Tours International Inc.

Déantar anailís mar seo a leanas ar an ioncam:

	CIÉ	CIÉ Tours	Iarnród	Bus	Bus Átha	Iomlán	Iomlán
		International	Éireann	Éireann	Cliath	2015	2014
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Gnóthas iarnróid	-	-	195,641	-	-	195,641	188,395
Rannóg lasta	-	-	4,882	-	-	4,882	5,106
Calafort Ros Láir	-	-	10,439	-	-	10,439	10,086
Seirbhísí iarnróid eile	-	-	22,974	-	-	22,974	13,947
Seirbhísí bóthair do phaisinéirí							
- Cathair Bhaile Átha Cliath	-	-	-	-	228,084	228,084	216,036
- Seirbhísí eile	-	-	-	303,004	-	303,004	297,898
Turais	-	81,011	-	-	-	81,011	86,264
Príomh-ghníomhaíochtaí gnó	2	-	-	-	-	2	7,386
Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí:							
- Ioncam OSP (Nóta 11)	-	-	98,161	33,714	57,700	189,575	211,812
- Deontais eile ón Státchiste (Nóta 11)	-	-	112,944	-	-	112,944	77,429
- Deontais ioncaim (Nóta 11)	-	-	-	4,048	442	4,490	5,623
Ioncam iomlán	2	81,011	445,041	340,766	286,226	1,153,046	1,119,982

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

3 Costais Bhonneagar Iarnróid

Faoi réir Threoir 91/440 ón Aontas Eorpach, rinneadh na costais seo a ríomh mar seo a leanas:

	2015	2014
	€'000	€'000
Cistiú Bonneagair		
Conradh Ilbhliantúil	112,889	75,093
Muirir rochtana rianta	42,860	53,052
Deontais eile ón Státchiste	–	1,523
Ioncam tríú páirtí	19,606	10,238
Ioncam iomlán	175,355	139,906
Costais phárolla agus costais ghaolmhara	(97,027)	(94,631)
Ábhair agus seirbhísí	(78,861)	(29,031)
Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitiúil	(7,261)	(6,080)
Iomlán na gcostas oibriúcháin	(183,149)	(129,742)
EBITDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla	(7,794)	10,164
Costais eisceachtúla	(695)	12
(Cailteanas)/brabús ar dhíol sócmhainní seasta inlámhsithe	(22)	2
(Easnamh)/barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús	(8,511)	10,178
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	(964)	(159)
(Easnamh)/barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí	(9,475)	10,019

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4 Costais Phárolla agus Costais Ghaolmhara

	2015	2014
	€'000	€'000
Cuimsítear sna costais foirne (gan costais athstruchtúraithe san áireamh)		
Pá agus tuarastail	476,879	469,695
Costais leasa shóisialaigh	45,113	44,056
Costais eile sochar scoir	57,814	41,175
	579,806	554,926
Obair dhílis chaipitlithe	(15,540)	(20,096)
Glanchoistais foirne	564,266	534,830
Luach saothair agus díolaíochtaí na gComhaltaí Boird		
- i leith seirbhísí mar Chomhaltaí Boird	211	211
- i leith seirbhísí feidhmiúcháin	239	243
Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na gComhaltaí Boird	450	454
Iomlán na dtuarastal agus na gcostas gaolmhar	564,716	535,284

As na costais iomlána i leith na foirne, tá €15.5m (2014: €20.1m) caipitlithe ina sócmhainní seasta inlámhsithe agus €564.3m (2014: €534.8m) á áireamh mar chostas sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4 Costais Phárolla agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

Cúiteamh daoine tábhachtacha den lucht bainistíochta

Íocadh táillí Stiúrthóra leis na Comhaltaí Boird mar seo a leanas:

	2015	2014
	€	€
Comhalta Boird		
Vivienne Jupp (Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin)	31,500	30,655
Kevin Bonner	–	12,600
Ultan Courtney	19,080	2,554
P.J. Drudy	9,188	15,750
Phil Gaffney	20,520	21,060
Helen Keelan	–	12,295
Paul Mallee	–	8,545
Bill McCamley	15,750	15,750
Aebhric McGibney	15,750	14,860
Frances Meenan	9,187	15,750
John Moloney	15,750	15,750
Christine Moran	7,709	–
Aidan Murphy	21,600	13,476
Tom O'Connor	15,750	15,750
Ruairí O'Flynn	6,925	–
Niamh Walsh	6,925	–
Tommy Wynne	15,750	15,750

Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta na Comhaltaí Boird agus lucht ardbhainistíochta an Ghrúpa. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó is iníoctha leis an bpríomhlucht bainistíochta as ucht seirbhísí fostaithe.

	2015	2014
	€'000	€'000
Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile	1,191	1,220
Costais leasa shóisialaigh	97	95
Costais eile sochar iarscoir	230	182
	1,518	1,497

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4 Costais Phárolla agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

Líon na mBall Foirne

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag CIÉ le linn na bliana airgeadais ná:

	2015	2014
CIÉ	244	246
Iarnród Éireann - Irish Rail	3,793	3,770
Bus Éireann - Irish Bus	2,487	2,456
Bus Átha Cliath - Dublin Bus	3,313	3,176
	9,837	9,648

5 Caiteachas Oibriúcháin Eile

Cuimsítear sna costais ábhar agus seirbhísí:

	2015	2014
	€'000	€'000
Breosla, leictreachas agus bealaidh	102,583	101,899
Cáin bhóthair agus ceadúnais	1,295	1,269
Rátaí	3,762	3,880
Luach saothair na n-iniúcháirí	327	410
Léasanna oibriúcháin ar cíos	4,024	4,517
Conraitheoirí scoile	127,697	124,167
Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí	17,957	13,000
Speansais stiúrthóirí	6	2
Ábhair agus seirbhísí eile	280,843	252,823
Costais oibriúcháin phinsean	1,550	1,550
	540,044	503,517

Luach saothair na n-iniúcháirí:

Seo a leanas an luach saothair (lena n-áirítear speansais) i leith na hiniúcháireachta reachtúla agus na seirbhísí eile a chomhlíon iniúcháirí an Ghrúpa lasmuigh den Ghrúpa:

	2015	2014
	€'000	€'000
Iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa	175	190
Seirbhísí ráthaíochta eile	55	21
Seirbhísí comhairleoireachta cánach	89	106
Seirbhísí eile nach mbaineann le hiniúcháireacht	8	93
	327	410

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5 *Caiteachas Oibriúcháin Eile (ar lean)*

San áireamh sna speansais a cúitíodh leis na Comhaltaí Boird tá:

	2015	2014
	€'000	€'000
Cothabháil/cóiríocht	–	1
Eile	6	1
	6	2

Luaitear an t-easnamh don bhliain tar éis na méideanna seo a leanas a chur de dhochar/(de shochar) na gcuntas:

	2015	2014
	€'000	€'000
Fardal caite	174,409	170,930
Méadú/(laghdú) ar sholáthar i leith dífheidhmeacht fardail	51	(433)
Difríochtaí malairte eachtraí	2,083	918
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta	(1,511)	(1,939)
Léasanna oibriúcháin	4,024	4,517
Costais i dtaobh athstruchtúrú	2,846	4,487
Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe	290,685	289,571
Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe	4,735	4,114
Amúchadh deontas	(239,575)	(232,521)

6 *Costais Oibriúcháin Eisceachtúla*

	2015	2014
	€'000	€'000
Athstruchtúrú Gnó	2,846	4,487
	2,846	4,487

Mar chuid de phlean 5 bliana an Ghrúpa, lean Iarnród Éireann de chlár téarfa dheonaigh agus luathscoir. Is é €2.1 milliún an costas atá luaite le 2015, lena n-áirítear pá téarfa agus costais eile a bhaineann leis an gclár. Lena chois sin, thabhaigh Bus Éireann €0.3m, thabhaigh Bus Átha Cliath €0.3m agus thabhaigh CIÉ €0.1 milliún i dtaobh athstruchtúrú gnó i rith na bliana.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7 Dímheas agus Amúchadh, Glan ar Amúchadh Deontas Caipitiúil

	2015	2014
	€'000	€'000
Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe (Nóta 13)	4,735	4,114
Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe (Nóta 14)	290,685	289,571
Amúchadh na ndeontas caipitiúil (Nóta 22)	(239,575)	(232,521)
	55,845	61,164

Buaicphointí

8 Profit on Disposal of Tangible Assets

	2015	2014
	€'000	€'000
Glanghnóthachan ar dhiúscairt talún agus foirgneamh	828	1,254
Brabús ar dhiúscairt rothstoic, feithiclí, gléasra agus innealra	683	685
	1,511	1,939

Ráiteas an Chathaoirigh

9 Glanchostas úis

(a) *Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail*

	2015	2014
	€'000	€'000
Ioncam úis ar thaiscí gearrthéarmacha	103	978

AthBavéithníú

(b) *Ús iníoctha agus muirir dá shamhail*

	2015	2014
	€'000	€'000
Ús iníoctha ar iasachtaí agus ar rótharraingtí	3,201	5,252
Ús iníoctha ar léasanna airgeadais	66	331
Costas iomlán úis ar dhliteanais airgeadais nach bhfuil á dtomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus cailteanais	3,267	5,583
Glanchoistas úis ar phleananna pinsean sochar sainithe	14,035	14,912
Leachtú soláthairtí lascaine	88	-
Iomlán an úis iníoctha agus na muirear dá shamhail	17,390	20,495

Ráitis Airgeadais

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

9 Glanchostas úis (ar lean)

(c) Glanchostas úis

	2015	2014
	€'000	€'000
Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail	103	978
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	(17,390)	(20,495)
Glanchostas úis	(17,287)	(19,517)

10 Cáin ioncaim

(a) Costas cánach san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais

	2015	2014
	€'000	€'000
Muirear cánach corparáide eachtraí ar an mbrabús don bhliain airgeadais	252	1,251
Costas cánach reatha don bhliain airgeadais	252	1,251
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	252	1,251

(b) Costas cánach a bhaineann le míreanna arna n-aithint san ioncam cuimsitheach eile

	2015	2014
	€'000	€'000
Cáin reatha	–	–
Cáin iarchurtha		
- Cáin iarchurtha ar atomhas an ghlandliteanais sochar sainithe	–	–
Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint san ioncam cuimsitheach eile	–	–

(c) Costas cánach a bhaineann le míreanna arna n-aithint sa chothromas

	2015	2014
	€'000	€'000
Cáin reatha	–	–
Cáin iarchurtha	–	–
Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint sa chothromas	–	–

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

10 Cáin ioncaim (ar lean)

(d) Réiteach an chostais cánach

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an easnamh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015, is é sin 12.5% (2014: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

	2015	2014
	€'000	€'000
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	(26,181)	(2,048)
An t-easnamh méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann i leith na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015, is é sin 12.5% (2014: 12.5%)	(3,273)	(256)
Éifeachtaí de bharr:		
Ioncam nach bhfuil faoi réir cánach	(67,919)	(65,099)
Ráta cánach níos airde ar thuillimh thar lear	168	701
Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críocha cánach	2,101	1,534
Dímheas sa bhreis ar liúntais chaipitiúla	28,217	27,543
Úsáid na gcaillteanas cánach	(381)	–
Cailteanais chánach neamhfhaoisimh arna dtabhairt ar aghaidh	38,268	34,158
Ioncam atá faoi réir ráta cánach níos airde	3,103	2,883
Difríochtaí eile	(32)	(213)
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	252	1,251

Níor aithníodh sócmhainn cánach iarchurtha féideartha €829 milliún (2014: €799 milliún) maidir le cailteanais charntha arna dtabhairt ar aghaidh, mar go bhfuil a n-aisghabháil sa todhchaí i gcoinne brabúis inchánacha éiginnte.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

11 Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus Deontais eile ón Stáitchiste

Tá na deontais is iníoctha le CIÉ i gcomhréir leis na Rialacháin AE ábhartha lena rialaítear cúnamh Stáit do ghnóthais iompair.

Léirítear sa tábla seo a leanas sonraí na ndeontas Stáit €302,519 milliún a fuarthas in 2015 – €189,575 mhilliún faoi Fho-Cheanteideal C1 de Vóta 32 Dháil Éireann agus €112,944 mhilliún a fuarthas faoin gConradh Ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair:

Deontais Stáit a bhaineann le gníomhaíochtaí 2014/2015	2015	2014
	€'000	€'000
Oibleagáid Seirbhíse Poiblí		
Iarnród Éireann - Irish Rail	98,161	117,386
Bus Átha Cliath - Dublin Bus	57,700	60,039
Bus Éireann - Irish Bus	33,714	34,387
Deontais stáit faoi Fho-Cheanteideal C1 Vóta 32 Dháil Éireann	189,575	211,812
Móide:		
Conradh Ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair	112,944	77,429
Deontas Stáit don Phlean Forbartha Náisiúnta	139,847	205,326
Deontais AE um Bonneagar agus um Infheistíocht Chaipitiúil	4,492	15,897
Deontais eile ón Stáitchiste	4,490	5,623
Cistiú Iomlán Eile ón Stát	261,773	304,275
Iomlán OSP agus na nDeontas eile ón Stát	451,348	516,087

Níl aon choinníollacha neamh-chomhlíonta ná teagmhais eile ag gabháil le deontais a aithníodh mar ioncam.

Déanann CIÉ taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhráithe a cheadaítear faoi alt 24 de FRS 102.

Déantar méid agus téarma na ndeontas caipitiúil a amúchadh thar shaol úsáideach na sócmhainní gaolmhara. Breactar deontais ioncain chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite ina n-iomláine sa bhliain ábhartha.

	An Roinn Iompair, Turasoíreachta agus Spóirt	An tÚdarás Náisiúnta Iompair	Iomlán	An Roinn Iompair, Turasoíreachta agus Spóirt	An tÚdarás Náisiúnta Iompair	Iomlán
	2015	2015	2015	2014	2014	2014
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Caipiteal Vóta C2	144,719	111,562	256,281	143,168	144,243	287,411
Inrochtaineacht Vóta C2	9	758	767	–	828	828
Iomlán	144,728	112,320	257,048	143,168	145,071	288,239

Tá foinsé na gcistí ón bPlean Forbartha Náisiúnta a fuarthas le linn na mblianta féilire 2014 agus 2015 teoranta do thionscádaí ar leith.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

12 Glantoradh CIÉ i leith na Bliana

Is ionann glan-easnamh eintiteas CIÉ i leith na bliana agus €28.6 milliún (2014: €45.1 milliún).

13 Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

Grúpa	Bogearraí Ríomhaire €'000	Iomlán €'000
Amhail an 1 Eanáir 2014		
Costas	53,510	53,510
Amúchadh agus lagú carntha	(40,411)	(40,411)
Suim ghlanluacha	13,099	13,099
An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2014		
Suim ghlanluacha thosaigh	13,099	13,099
Breiseanna	3,343	3,343
Diúscairtí	-	-
Amúchadh	(4,114)	(4,114)
Suim ghlanluacha	12,328	12,328
Amhail an 31 Nollaig 2014		
Costas	56,780	56,780
Amúchadh agus lagú carntha	(44,452)	(44,452)
Suim ghlanluacha	12,328	12,328
An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015		
Suim ghlanluacha thosaigh	12,328	12,328
Breiseanna	1,443	1,443
Diúscairtí	-	0
Amúchadh	(4,735)	(4,735)

Eintiteas CIÉ	Bogearraí Ríomhaire €'000	Iomlán €'000
Amhail an 1 Eanáir 2014		
Costas	15,659	15,659
Amúchadh agus lagú carntha	(15,565)	(15,565)
Suim ghlanluacha	94	94
An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2014		
Suim ghlanluacha thosaigh	94	94
Breiseanna	70	70
Diúscairtí	-	-
Amúchadh	(43)	(43)
Suim ghlanluacha	121	121
Amhail an 31 Nollaig 2014		
Costas	15,729	15,729
Amúchadh agus lagú carntha	(15,608)	(15,608)
Suim ghlanluacha	121	121
An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015		
Suim ghlanluacha thosaigh	121	121
Breiseanna	-	-
Diúscairtí	-	-
Amúchadh	(55)	(55)

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

13 Sócmhainní Seasta Doláimhsithe (ar lean)

Grúpa	Bogearraí Ríomhaire €'000	Iomlán €'000	Eintiteas CIÉ	Bogearraí Ríomhaire €'000	Iomlán €'000
Suim ghlanluacha	9,036	9,036	Suim ghlanluacha	66	66
Amhail an 31 Nollaig 2015			Amhail an 31 Nollaig 2015		
Costas	58,117	58,117	Costas	15,729	15,729
Amúchadh agus lagú carntha	(49,081)	(49,081)	Amúchadh agus lagú carntha	(15,663)	(15,663)
Suim ghlanluacha	9,036	9,036	Suim ghlanluacha	66	66

Cuimsítear bogearraí ríomhaire sna sócmhainní doláimhsithe. Déantar bogearraí ríomhaire a thomhas ar an gcostas lúide caillteanais amúchta agus lagaithe charntha. Níor aithníodh aon chailteanais lagaithe sa bhliain (2014: €nialas). Déantar bogearraí ríomhaire a amúchadh thar a shaol úsáideach tuartha, atá idir 3 agus 5 bliana.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Grúpa

	Oibreacha agus línte iarnróid €'000	Rothstoc Iarnróid €'000	Feithicilí Paisinéirí Bóthair €'000	Feithicilí Lasta Bóthair €'000	Talamh agus Foirgnimh €'000	Gléasra agus Innealra €'000	Comharthaíocht €'000	Dugaí, Cuinta agus Céanna €'000	Iomlán €'000
Amhail an 1 Eanáir 2014									
Costas	2,100,122	1,458,624	573,145	2,893	922,156	591,381	594,481	56,452	6,299,254
Dímhéas agus lagú carntha	(1,112,448)	(752,734)	(393,023)	(2,893)	(129,133)	(377,999)	(221,098)	(21,445)	(3,010,773)
Suim ghlanluacha	987,674	705,890	180,122	-	793,023	213,382	373,383	35,007	3,288,481
An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2014									
Suim ghlanluacha thosaigh	987,674	705,890	180,122	-	793,023	213,382	373,383	35,007	3,288,481
Breiseanna	59,398	34,738	53,394	-	6,843	23,496	8,606	34	186,509
Diúscairtí	-	(1,092)	(235)	-	(375)	-	-	-	(1,702)
Dímhéas	(80,872)	(95,743)	(35,913)	-	(16,360)	(41,193)	(18,106)	(1,384)	(289,571)
Suim ghlanluacha	966,200	643,793	197,368	-	783,131	195,685	363,883	33,657	3,183,717
Amhail an 31 Nollaig 2014									
Costas	2,159,520	1,482,942	609,677	2,893	928,624	612,556	603,087	56,486	6,455,785
Dímhéas agus lagú carntha	(1,193,320)	(839,149)	(412,309)	(2,893)	(145,493)	(416,871)	(239,204)	(22,829)	(3,272,068)
Suim ghlanluacha	966,200	643,793	197,368	-	783,131	195,685	363,883	33,657	3,183,717

Ráitis Airgeadais

Athbhreathnú

uáilriocht na seataí

tuairimí

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (ar lean)

An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015									
Suíim ghlanluacha thosaigh	966,200	643,793	197,368	-	783,131	195,685	363,883	33,657	3,183,717
Breiseanna	37,823	33,658	55,082	-	7,399	24,187	13,963	482	172,594
Athaicmiú	-	113	-	-	-	(113)	-	-	-
Diúscairtí	(1,478)	-	(94)	-	(440)	(5)	-	-	(2,017)
Dímheas	(84,300)	(87,455)	(40,893)	-	(16,571)	(41,021)	(19,095)	(1,350)	(290,685)
Suíim ghlanluacha	918,245	590,109	211,463	-	773,519	178,733	358,751	32,789	3,063,609
Amhail an 31 Nollaig 2015									
Costas	2,181,891	1,409,164	637,021	2,893	935,583	634,396	617,050	56,968	6,474,966
Dímheas agus lagú carntha	(1,263,646)	(819,055)	(425,558)	(2,893)	(162,064)	(455,663)	(258,299)	(24,179)	(3,411,357)
Suíim ghlanluacha	918,245	590,109	211,463	-	773,519	178,733	358,751	32,789	3,063,609

I rith na bliana airgeadais, dhiúscair an Grúpa sócmhainní seasta inláimhsithe ag a raibh suim ghlanluacha €2,017,000. Tá costas €153,413,000 luaithe leis na sócmhainní mar aon le dímheas agus lagú carntha €151,396,000. Is é €1,511,000 (2014: €1,939,000) an brabús ar dhiúscairt na sócmhainní seasta inláimhsithe sin.

(a) Roghnaigh an Grúpa leas a bhaint as an tsamhail costais ar dháta an aistrithe chun FRS 102 maidir le talamh agus foirgnimh.

(b) Rinneadh feithicilí paisinéirí bóthair a raibh costas €136,809,000 (2014: €121,730,621) luaithe leo a dhímheas go hiomlán ach tá siad fós in úsáid ag dáta an cláir comhardaithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (ar lean)

(c) San áireamh sna sócmhainní seasta inláimhsithe tá méideanna, mar atá sonraithe thíos, a bhaineann le rothstoc iarnróid agus gléasra agus innealra (trealamh ríomhaireachta) atá ar seilbh faoi léasanna airgeadais, faoinarb amhlaidh gur ag an nGrúpa atá na rioscaí agus an luach saothair go léir nach beag a bhaineann le húinéireacht sócmhainne, seachas an teideal dlí:

	2015	2014
	€'000	€'000
Costas	90,157	93,478
Dímheas carntha	(82,379)	(88,915)
Glanluach de réir na leabhar amháil an 31 Nollaig	7,778	4,563
Dímheas don bhliain	(2,905)	(1,824)

(d) San áireamh sna méideanna breise thuasluaite tá íocaíochtaí ar cuntas a bhaineann le sócmhainní atá sonraithe thíos ach nach raibh in úsáid go fóill:

	2015	2014
	€'000	€'000
Rothstoc Iarnróid	685	115
Feithiclí paisinéirí bóthair	4,584	22,595
	5,269	22,710

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (ar lean)

Eintiteas CIÉ

	Talamh agus Foirgnimh €'000	Gléasra agus Innealra €'000	Iomlán €'000
Amhail an 1 Eanáir 2014			
Costas	918,064	17,305	935,369
Dímheas agus lagú carntha	(128,001)	(16,714)	(144,715)
Suim ghlanluacha	790,063	591	790,654
An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2014			
Suim ghlanluacha thosaigh	790,063	591	790,654
Breiseanna	4,920	1,725	6,645
Diúscairtí	(375)	–	(375)
Dímheas	(16,246)	(433)	(16,679)
Suim ghlanluacha	778,362	1,883	780,245
Amhail an 31 Nollaig 2014			
Costas	922,609	18,791	941,400
Dímheas agus lagú carntha	(144,247)	(16,908)	(161,155)
Suim ghlanluacha	778,362	1,883	780,245
An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015			
Suim ghlanluacha thosaigh	778,362	1,883	780,245
Breiseanna	4,562	2,642	7,204
Diúscairtí	(440)	–	(440)
Dímheas	(16,351)	(1,060)	(17,411)
Suim ghlanluacha	766,133	3,465	769,598
Amhail an 31 Nollaig 2015			
Costas	926,731	21,407	948,138
Dímheas agus lagú carntha	(160,598)	(17,942)	(178,540)
Suim ghlanluacha	766,133	3,465	769,598

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

15 Sócmhainní Airgeadais

Grúpa

	Scaireanna Liostaithe		Scaireanna Neamhliostaithe		Iomlán	
	2015	2014	2015	2014	2015	2014
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas amhail an 1 Eanáir	97	97	13	13	110	110
Soláthar in aghaidh laghdú buan ar an luach	(34)	(77)	(13)	(13)	(47)	(90)
Diúscairt	(63)	-	-	-	(63)	-
Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig	-	20	-	-	-	20

Cuimsítear sna sócmhainní airgeadais scaireanna liostaithe agus scaireanna neamhliostaithe. Baineann na scaireanna le stoic iompair agus stoic cogadh atá i seilbh an Ghrúpa.

Is ionann an soláthar carnach i leith laghdú ar luach sócmhainní airgeadais agus €47,000 (2014: €90,000).

Eintiteas CIÉ

	Fochuideachtaí		Infheistíochtaí Trádála		Iomlán €'000
	Scaireanna Neamhliostaithe	Léasanna Airgeadais	Scaireanna Liostaithe	Scaireanna Neamhliostaithe	
	€'000	€'000	€'000	€'000	
Costas amhail an 1 Eanáir	293,309	2,344	34	13	295,700
Laghdú ar Léasanna Airgeadais	-	(2,344)	-	-	(2,344)
Infheistíocht i CIÉ Tours International Inc.	937	-	-	-	937
Amhail an 31 Nollaig 2015	294,246		34	13	294,293
Soláthar in aghaidh laghdú buan ar an luach amhail an 31 Nollaig 2015	-	-	(34)	(13)	(47)
Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2015	294,246				294,246
Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2014	293,309	2,344			295,653

Cuimsítear sna sócmhainní airgeadais infheistíochtaí trádála agus infheistíochtaí i bhfochuideachtaí.

Cuimsítear san infheistíocht i bhfochuideachtaí scaireanna cothromais in Iarnród Éireann, Bus Éireann, Bus Átha Cliath agus CIÉ Tours International (fochuideachta i SAM) agus léas airgeadais idirghrúpa le Iarnród Éireann. Níl na scaireanna sin á dtrádáil go poiblí.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

16 Stoc

Grúpa

	2015	2014
	€'000	€'000
Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha	27,559	27,578
Stoc bonneagair	15,190	16,319
Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile	14,621	11,376
	57,370	55,273
Stoc a caitheadh le linn na bliana:		
Ábhair agus breosla	172,409	170,930

Áirítear sna méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna nach mór a bheith ar seilbh chun freastal ar riachtanais oibriúcháin fhadtéarmacha. Níl an difríocht idir an costas ceannaigh agus an costas athsholáthair ábhartha.

Luaitear an stoc tar éis soláthair le haghaidh lagú €16,760,000 (2014: €16,849,000) i ndáil le stoc críon agus stoc a bhfuil damáiste déanta dó.

17 Féichiúnaithe

Grúpa

	2015	2014
	€'000	€'000
Féichiúnaithe trádála	24,139	23,295
Méideanna atá dlite ón Roinn Oideachais agus Scileanna	9,359	9,743
Ionstraimí airgeadais díorthacha	179	2,802
Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe	42,621	36,888
	76,298	72,728

Tá na féichiúnaithe uile dlite laistigh de bhliain amháin.

Luaitear na féichiúnaithe tar éis soláthair €1,163,000 (2014: €1,622,000) le haghaidh lagaithe.

Eintiteas CIÉ

	2015	2014
	€'000	€'000
Féichiúnaithe trádála	1,303	850
Ionstraimí airgeadais díorthacha	179	2,802
Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe	2,215	4,402
	3,697	8,054

Tá gach sócmhainn dlite laistigh de bhliain amháin.

Luaitear na féichiúnaithe tar éis soláthair €602,000 (2014: €775,000) in aghaidh lagaithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18 Creidiúnaithe (Méideanna atá Dlite laistigh de Bhliain Amháin)

Grúpa

	2015	2014
	€'000	€'000
Rótharraingt bhainc	261	128
Iasachtaí bainc (<i>Nóta 20</i>)	13,000	13,000
Oibleagáidí léasa airgeadais (<i>Nóta 20</i>)	124	2,078
Creidiúnaithe trádála	68,466	61,204
Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT	10,968	10,110
Árachas sóisialta pá-choibhneasa	6,548	5,751
Cáin bhreisluacha agus cánacha eile	5,217	4,050
Creidiúnaithe eile	38,812	33,816
Fabhruithe	53,389	59,326
Ionstraimí airgeadais díorthacha	26,046	22,545
Ioncam deontais iarchurtha (<i>Nóta 22</i>)	232,730	238,279
Ioncam iarchurtha	12,528	12,260
	468,089	462,547
Creidiúnaithe i leith cánachais agus árachas sóisialta áirithe anseo thuas	22,733	19,911

Buaicphointí

Ráiteas an Chathaoirigh

AthBvèthníní

Ráitis Airgeadais

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18 Creidiúnaithe (Méideanna atá Dlíte laistigh de Bhliain Amháin) (ar lean)

Eintiteas CIÉ

	2015	2014
	€'000	€'000
Rótharraingt bhainc	90	–
lasachtaí bainc (<i>Nóta 20</i>)	13,000	13,000
Oibleagáidí léasa airgeadais (<i>Nóta 20</i>)	124	2,078
Creidiúnaithe trádála	555	626
Méideanna atá dlite d'fhochuideachtaí	200,968	178,580
Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT	930	949
Árachas sóisialta pá-choibhneasa	75	110
Cáin bhreisluacha agus cánacha eile	228	889
Creidiúnaithe eile	7,159	6,992
Fabhruithe	1,471	1,322
Ionstraimí airgeadais díorthacha	26,046	22,545
Ioncam deontais iarchurtha (<i>Nóta 22</i>)	11,067	11,270
	261,713	238,361
Creidiúnaithe i leith cánachais agus árachas sóisialta áirithe anseo thuas	1,233	1,948

Tá na méideanna atá dlite d'fhochuideachtaí neamhurraithe, saor ó ús, níl aon dáta aisíocaíochta socraithe ina leith agus tá siad iníoctha ar éileamh. Cé go bhfuil na méideanna atá dlite d'fhochuideachtaí iníoctha ar éileamh, ní mheasann na Comhaltaí Boird go mbeidh ar CIÉ na méideanna a aisíoc cuíosach luath amach anseo.

19 Creidiúnaithe (Méideanna atá Dlíte tar éis Níos Mó ná Bliain Amháin)

An Grúpa agus Eintiteas CIÉ

	2015	2014
	€'000	€'000
lasachtaí bainc (<i>Nóta 20</i>)	40,632	53,387
Léasanna airgeadais (<i>Nóta 20</i>)	271	395
Cáin bhreisluacha nach bhfuil in-aisghabhála ar léasanna airgeadais (<i>Nóta 20</i>)	53	77
Ionstraimí airgeadais díorthacha	4,542	9,625
	45,498	63,484

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

20 Iasachtaí

An Grúpa agus Eintiteas CIÉ – Iasachtaí Bainc

Tá na hiasachtaí bainc san áireamh leis na creidiúnaithe agus tá siad in-aisíoctha mar a leanas:

	2015	2014
	€'000	€'000
Tráth nach mó ná bliain amháin (<i>Nóta 18</i>)	13,000	13,000
Tar éis bliain amháin agus tráth nach mó ná cúig bliana (<i>Nóta 19</i>)	40,632	53,387
	53,632	66,387

Iasacht théarmach is ea na hiasachtaí bainc, a bheidh aisíoctha ina n-iomláine faoi mhí an Mheithimh 2017. Is é an t-ús ar an iasacht théarmach an ráta céatadánach in aghaidh na bliana, arb ionann é agus comhiomlán EURIBOR móide corrlach. Tá corrlach 2.25% i bhfeidhm ar feadh 2015, mar gheall gur lú ná 2 an coibhneas idir glanfhiach an Ghrúpa agus an EBITDA i leith na bliana.

Amhail dáta an chláir comhardaithe tá iasachtaí ar fiú €53.6 milliún iad (2014: €66.4 milliún) ag an nGrúpa. Tá na hiasachtaí sin tras-ráthaithe ag CIÉ, Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann.

An Grúpa agus Eintiteas CIÉ – Léasanna Airgeadais

Tá na léasanna airgeadais san áireamh leis na creidiúnaithe agus tá siad in-aisíoctha mar a leanas:

	2015	2014
	€'000	€'000
Tráth nach mó ná bliain amháin (<i>Nóta 18</i>)	124	2,078
Tar éis bliain amháin agus tráth nach mó ná cúig bliana (<i>Nóta 19</i>)	271	395
	395	2,473

Baineann na léasanna airgeadais le sócmhainní innill agus sócmhainní crua-earraí ríomhaire (Líonra Limistéar Stórála), atá ar léas ó chuideachtaí léasaithe speisialaithe, arb iad an t-urrús a thug CIÉ i leith an dliteanais léasa airgeadais.

Bhí an léas innill faoi réir ráta úis 6.1%. Íocadh ar ais an léas innill ina iomláine sa bhliain airgeadais. Tá an léas crua-earraí ríomhaire faoi réir ráta 5.78% agus tá sé inaisíoctha i dtráthchodanna ráithiúla thar na 4 bliana atá romhainn, €395,000 san iomlán, agus ag an bpointe sin is féidir é a cheannach ar tháille ainmniúil.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

21 Soláthairtí in aghaidh Dlíteanas agus Muirear

Grúpa

	Dlíteanas Tríú Páirtí agus Dlíteanas Fostóirí	Athstruchtúrú	Comhshaol	Oibríochtaí/ Eile	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2014	173,619	9,652	1,150	26,483	210,904
Úsáidte i rith na bliana	(15,128)	(3,409)	–	(486)	(19,023)
Aistriú ón gcuntas brabúis agus cailteanais	13,000	3,172	3,000	6,062	25,234
larmhéid tugtha ar aghaidh ar an 31 Nollaig, 2014	171,491	9,415	4,150	32,059	217,115
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2015	171,491	9,415	4,150	32,059	217,115
Úsáidte i rith na bliana	(13,186)	(5,030)	(150)	(3,275)	(21,641)
Aistriú ón gcuntas brabúis agus cailteanais	17,957	2,306	66	179	20,508
larmhéid tugtha ar aghaidh ar an 31 Nollaig 2015	176,262	6,691	4,066	28,963	215,982

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

21 Soláthairtí i leith Dliteanas agus Muirear (ar lean)

Eintiteas CIÉ

	Comhshaol	Athstruchtúrú	Oibríochtúil/ Eile	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014	–	824	1,282	2,106
Úsáidte i rith na bliana	–	(184)	(100)	(284)
Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais	1,500	112	77	1,689
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 31 Nollaig, 2014	1,500	752	1,259	3,511
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015	1,500	752	1,259	3,511
Úsáidte i rith na bliana	–	–	(743)	(743)
Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais	–	226	–	226
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 31 Nollaig 2015	1,500	978	516	2,994

Athstruchtúrú an Ghrúpa

Baineann an soláthar athstruchtúraithe le méideanna is iníoctha ag eascairt as tionscnaimh sábhála costais a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach. Táthar ag súil an soláthar sin a úsáid in 2017.

Comhshaol

Tá aoiseanna éagsúla ag an talamh agus na foirgnimh atá á n-áitiú ag cuideachtaí an Ghrúpa. Baineann an soláthar comhshaoil le móroibreacha tógála nach mór a chur i gcrích faoi láthair chun oibleagáidí an Ghrúpa a chomhlíonadh faoi reachtaíocht Chomhshaoil agus faoi reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta.

Oibríochtúil/Eile

Ar an 31 Nollaig 2015 bhí €29.0m (2014: €32.1m) ag an nGrúpa i leith soláthairtí eile. Bhain €10.4m (2014: €12.0m) díobh le díospóidí nach raibh réitithe le tríú páirtí agus fostaithe agus le héilimh dlí, bhain €16.4m (2014: €17.7m) le costais sochar iar-scoir agus bhain €2.2m (2014: €1.4m) le díospóidí eile maidir le pá.

Dlitéanas Tríú Páirtí agus Dlitéanas Fostóirí

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil cumhdaithe ag árachas seachtrach a chur de mhuirear an chuntais brabúis agus caillteanais, agus áirítear méideanna gan íoc sna soláthairtí in aghaidh dliteanas agus muirear.

Léiríonn na soláthairtí atá taifeadta meastachán is fearr na gComhaltáí Boird ar an gcaiteachas a bheidh de dhíth chun na hoibleagáidí a ghlanadh, agus comhairle dlí san áireamh.

Fágann cineál na n-éileamh go bhfuil éiginnteacht éigin i gceist maidir le luach socraíochta. Murab ionann torthaí na n-éileamh agus na toimhdí is bonn le meastacháin is fearr Chomhaltáí an Bhoird, d'fhéadfadh dlitéanas breise a bheith i gceist. Tá tuilleadh mionsonraí sna leathanaigh seo a leanas.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

21 Soláthairtí i leith Dlíteanas agus Muirear (ar lean)

(A) Cumhdach Árachais Seachtrach

Tá an clúdach árachais seachtrach seo a leanas ag CIÉ thar ceann an Ghrúpa:

(i) Iarnród Éireann – Irish Rail

Dlíteanas Tríú Páirtí os cionn barrachais

- a) €5,000,000 ar aon tarlú amháin nó aon sraith tarluithe a eascraíonn as aon eachtra iompair iarnróid amháin; agus
- b) €1,500,000 ar aon tarlú amháin nó aon sraith tarluithe a eascraíonn as aon teagmhas iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás caingne atá faoi réir ag dlínse Stát Aontaithe Mheiriceá áit arb ionann an barrachas agus US\$3,300,000.

(ii) Bus Átha Cliath – Dublin Bus

Dlíteanas tríú páirtí os cionn barrachais €2,000,000 ar aon tarlú amháin nó aon sraith tarluithe a eascraíonn as aon teagmhas iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás caingne atá faoi réir ag dlínse Stát Aontaithe Mheiriceá áit arb ionann an barrachas agus US\$3,300,000.

(iii) Bus Éireann – Irish Bus

Dlíteanas Tríú Páirtí os cionn barrachais

- a) €2,000,000 i gcás busanna scoile agus
- b) €2,000,000 ar aon tarlú amháin nó aon sraith tarluithe a eascraíonn as aon teagmhas iompair bóthair eile, ach amháin i gcás caingne atá faoi réir ag dlínse Stát Aontaithe Mheiriceá áit arb ionann an barrachas agus US\$3,300,000.

(iv) An Grúpa

Dlíteanas Tríú Páirtí os cionn barrachais €2,000,000.

(v) Ina theannta sin, tá clúdach comhiomlán de bhreis ar choinneáil fhéin-árachaithe ag gach ceann de na fochuideachtaí laistigh den Ghrúpa i leith gach tréimhse dhá mhí dhéag. Is é an clúdach comhiomlán don tréimhse ó Aibreán 2015 go dtí Márta 2016 ná:

Iarnród Éireann – Irish Rail	€11,000,000
Bus Átha Cliath – Dublin Bus	€15,000,000
Bus Éireann – Irish Bus	€11,000,000

faoi réir coinneáil fhéin-árachaithe fhoriomlán €27,000,000 don Ghrúpa, agus ina dhiaidh sin beidh aon choinneáil fhéin-árachaithe ar leith sa tréimhse bliana sin cothrom le €50,000.

(vi) Grúpáirachas Dlíteanais Chónasctha, faoi réir slánaíocht fhoriomlán €200,000,000 don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2015 agus Márta 2016, i leith dlíteanais Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile i ndáil le hiompar iarnróid agus bóthair, gan dlíteanas Sceimhlitheoireachta san áireamh.

(vii) Gach Riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chailliúint amháin nó sraith cailliúintí, faoi réir barrachas bliantúil nach mó é ná €5,000,000 sa chomhiomlán, agus ina dhiaidh sin beidh aon bharrachas féin-árachaithe ar leith sa tréimhse bliana sin cothrom le €100,000.

(viii) Is ionann an clúdach slánaíochta um dhamáiste sceimhlitheoireachta don Ghrúpa agus €200,000,000 le barrachas €10,000,000 maidir le gach uile chailteanas ach amháin i gcás rothstoc iarnróid agus rothstoc bóthair agus é faoi bhealach, áit arb ionann an barrachas agus €500,000 maidir le gach uile chailteanas in Éirinn nó i dTuaisceart Éireann agus €250,000 maidir le gach uile chailteanas sa Ríocht Aontaithe (gan Tuaisceart Éireann san áireamh).

(ix) Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Iarnród Éireann i ndáil lena chuid oibríochtaí ag Europort Ros Láir:

- (a) Clúdach Mara €12,500,000 maidir le Dlíteanas Tríú Páirtí ar aon teagmhas amháin ar bith, faoi réir barrachais €150,000 in aghaidh gach teagmhais.

21 Soláthairtí i leith Dlíteanas agus Muirear (ar lean)

- (b) Clúdach €5,000,000 chun Raic a Thabhairt chun Bealaigh i ndáil le haon teagmhas amháin, faoi réir barrachais €12,500 ar aon teagmhas amháin agus 3 lá barrachais i ndáil le héilimh i dtaobh Cailteanas Ioncaim a bhaineann le haon teagmhas amháin.
- (c) Clúdach €25,500 i dtaobh Cailteanas Ioncaim in aghaidh an lae ar feadh uasmhéid 30 lá i gcás aon teagmhais amháin, faoi réir barrachais seacht lá i leith aon teagmhais amháin.
- (d) Clúdach um Thuairt Mhuirí do struchtúir mhionsonraithe ar fiú €28,400,000 san iomlán iad, faoi réir barrachais €25,000 i leith gach uile chaillteanais.
- (e) Clúdach Mara €25,600,000 maidir le Dlíteanas Tríú Páirtí ar aon teagmhas amháin ar bith, faoi réir barrachais €12,500,000 i leith aon teagmhais amháin.
- (f) Clúdach do Leantóirí Neamhthionlactha ar fiú €5,000,000 é d'aon suíomh amháin, faoi réir barrachais €25,000 i leith gach uile chaillteanais.
- (g) Clúdach do mhótarfheithicilí neamhthionlactha ar fiú €635,000 é maidir le haon soitheach nó gléas iompair, €4,450,000 maidir le haon teagmhas amháin, agus €127,500 maidir le haon fheithicil amháin, faoi réir barrachais €625 i leith gach uile chaillteanais.
- (h) Feithicilí inneallghluaiste gan tionlacan nach le ClÉ/larnród Éireann iad agus atá á dtiomáint ag pearsanra larnród Éireann laistigh den limistéar Europort, faoi réir teorann €2,600,000 ar dhamáiste do mhaoin tríú páirtí i gcás feithicilí tráchtála agus faoi réir teorann €30,000,000 i gcás carranna príobháideacha.

Tá socruithe árachais den chineál céanna i bhfeidhm i ndáil le blianta roimhe sin.

(B) Soláthar i dTaobh Éileamh um Dhlíteanas Tríú Páirtí agus Dlíteanas Fostóirí agus Aisghabhálacha Gaolmhara

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Ghrúpa fós.

Áirítear i gcostas measta na n-éileamh na costais a thabófar agus éilimh á réiteach. Glacann an Grúpa gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chúig aige maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dlíteanas bunaidh a cinneadh.

Agus costas measta na n-éileamh neamhíoctha á ríomh, úsáideann an Grúpa teicnící éagsúla meastacháin, lena n-áirítear anailís staitistiúil ar thaithí stairiúil, modh anailíse a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht leis an taithí a bhí ann roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, aon athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le saobhadh na staitisticí bunúsacha, agus athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le costas na n-éileamh gan íoc a mhéadú nó a laghdú i gcomparáid le costas na n-éileamh a íocadh roimhe seo. Samplaí díobh sin is ea athruithe ar phróisis de chuid an Ghrúpa a d'fhéadfadh dlús a chur faoi fhorbairt agus/nó taifeadadh éileamh arna n-íoc nó arna dtabhú, nó moill a chur orthu, athruithe ar an gcomhthéacs dlí, éifeacht an bhoilscithe, athruithe ar mheascán na n-éileamh agus an tionchar atá ag cailteanais shuntasacha.

Agus costas na n-éileamh atá fógartha ach nach bhfuil íoctha á mheas aige, bíonn aird ag an nGrúpa ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh chúirte ar dhlíteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta i gcás éileamh a cuireadh in iúl cheana don Ghrúpa, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi theagmhas an éilimh, ach amháin sna cásanna sin inar glaoth imscrúdaitheoirí go dtí láithreacha na dtimpistí. Is iondúil, i gcás cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán ard dá réir, go léirítear éagsúlachtaí níos mó ina leith idir na meastacháin bhunaidh agus na torthaí deiridh mar gheall ar ghéire na deacrachta a bhaineann leis na cúlchistí sin a mheas.

Déantar soláthairtí i leith éileamh a ríomh mar mhéid comhlán gan aisghabháil athárachais ar bith san áireamh. Aithnítear aisghabhálacha athárachais sa chás inar féidir a leithéid d'aisghabhálacha a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil i dtaobh aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar chineál agus méid chlár athárachais an Ghrúpa in imeacht ama a léiriú.

Chomh maith leis sin, déantar aisghabhálacht an athárachais a mheas ag féachaint d'fhógra a bheith faighte ó bhróicéirí an Ghrúpa maidir le haon athárachóirí a bhfuil cailteanas luaite leo.

22 Ioncam Iarchurtha

Áirítear sa chuntas seo deontais neamh-inaisiocltha ó AE agus ón Státchiste a chuirfear chun sochair an chuntais brabúis agus calliteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas:

Grúpa

Deontais chaipitil	An 1 Eanáir 2014		Faighte agus Infhála		Díúscairtí Sócm-hainní a fuarthas Deontas ina leith		Cuntas Brabúis agus Caillteanais		An 31 Nollaig 2014	
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
	970,918	60,700	-	(80,401)	951,217	(1,446)	(82,790)	905,163		
Rothstoc iarrnóid	604,534	45,030	-	(66,401)	583,163	-	(67,363)	544,519		
Gléasra agus innealra	177,337	20,670	-	(34,114)	163,893	-	(32,866)	146,774		
Comharthaíocht	334,685	8,321	-	(15,711)	327,295	-	(16,447)	324,130		
Dugaí, Cuanta agus Céanna	9,596	-	-	(310)	9,286	-	(310)	8,976		
Talamh agus Foirgnimh	574,240	4,981	(368)	(11,620)	567,233	(430)	(11,675)	559,713		
Feithicilí Paisinéirí Bóthair	128,466	77,486	(206)	(23,964)	181,782	(66)	(28,124)	197,481		
	2,799,776	217,188	(574)	(232,521)	2,783,869	(1,942)	(239,575)	2,686,756		
Ioncam iarchurtha eile	13	-	-	(1)	12	-	(2)	10		
Ioncam iarchurtha iomlán	2,799,789	217,188	(574)	(232,522)	2,783,881	(1,942)	(239,577)	2,686,766		

Cionroinnte mar seo a leanas:

Ioncam iarchurtha – méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin (Nóta 18)

Ioncam iarchurtha – méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin

	2015	2014
	€'000	€'000
Ioncam iarchurtha – méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin	232,730	238,279
Ioncam iarchurtha – méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin	2,454,036	2,545,602
	2,686,766	2,783,881

22 Ioncam Iarchurtha (ar lean)

Eintiteas CIÉ

	An 1 Eanáir 2014 €'000	Faighte agus Infhála €'000	Diús-cairtí Sócm-hainní a fuarthas Deontas ina leith €'000	Cuntas Brabúis agus Caillteanais €'000	An 31 Nollaig 2014 €'000	An 1 Eanáir 2015 €'000	Faighte agus Infhála €'000	Diús-cairtí Sócm-hainní a fuarthas Deontas ina leith €'000	Cuntas Brabúis agus Caillteanais €'000	An 31 Nollaig 2015 €'000
Deontais chaipitil										
Talamh agus foirgnimh	572,464	2,973	(368)	(11,566)	563,503	563,503	1,879	(430)	(11,623)	553,329
Ioncam iarchurtha eile	13	-	-	(1)	12	12	-	-	(2)	10
Iomlán	572,477	2,973	(368)	(11,567)	563,515	563,515	1,879	(430)	(11,625)	553,339

Cionroinnte:

	2015 €'000	2014 €'000
Ioncam iarchurtha – méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin (Nóta 18)	11,067	11,270
Ioncam iarchurtha – méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin	542,272	552,245
	553,339	563,515

Léiríonn an t-ioncam iarchurtha deontais a fuarthas/ís infhaighte chun infheistiúocht chaipitíil a chistiú. Féach Nóta 11 i gcomhair nochtadh breise ar dheontais a fuarthas/ís infhaighte.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

23 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Nótaí a ghabhann leis an ráiteas faoi shreabhadh airgid:

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig	
	2015	2014
	€'000	€'000
Easnamh don bhliain	(26,432)	(3,299)
Cáin ar an easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí	252	1,251
Glanchoistas úis	17,287	19,517
(Easnamh)/barrachas oibriúcháin	(8,893)	17,469
Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe	290,685	289,571
Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe	4,735	4,114
Amúchadh an ioncaim deontais iarchurtha	(239,575)	(232,521)
Méadú/(laghdú) ar dhliteanas sochar iar-scoir	9,756	(8,987)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	(1,511)	(1,939)
<i>Gluaiseacht sa chaipiteal oibre</i>		
- (Méadú)/Laghdú ar stoic	(2,097)	5,897
- Laghdú ar fhéichiúnaithe	763	7,935
- Méadú ar chreidiúnaithe agus soláthairtí	12,030	4,310
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	65,893	85,849

Idirbheart neamhairgid

Sa bhliain roimhe sin, fuair an Grúpa sócmhainní faoi léasanna airgeadais; rinneadh €nialas (2014: €623,000) a chaipitliú mar chostas na sócmhainní seasta inláimhsithe, arb ionann é agus luach reatha na n-íocaíochtaí léasa íosta.

24 Costais sochar iar-scoir

Feidhmíonn an Grúpa pleananna sochar sainithe d'fhormhór na bhfostaithe. Seo a leanas na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais i leith na bpleananna sochar sainithe:

	2015	2014
	€'000	€'000
Luach coir shócmhainní na scéimeanna	1,835,838	1,760,923
Luach reatha dhliteanais na scéimeanna	(2,124,241)	(2,462,703)
Easnamh pinsean	(288,403)	(701,780)

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

24 Costais sochar iar-scoir (ar lean)

Seo a leanas na méideanna atá aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais:

	2015	2014
	€'000	€'000
Curtha de mhuirear an bhrabúis oibriúcháin		
Costas seirbhíse reatha	(57,681)	(34,646)
Riarachán agus costais oibriúcháin eile	(1,550)	(1,550)
Costas seirbhíse roimhe seo	(1,072)	–
Iomlán an mhuirir oibriúcháin	(60,303)	(36,196)
Glanchoistas úis	(14,035)	(14,912)
Muirear iomlán	(74,338)	(51,108)

Seo a leanas an méid a aithnítear sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile:

	2015	2014
	€'000	€'000
Fáltas iarbhír lúide fáltas ionchais ar shócmhainní na scéimeanna pinsean	43,086	173,614
(Caillteanais)/gnóthachain ó thaithí a eascraíonn ar dhliteanais na scéimeanna	(16,557)	388
Athruithe ar na toimhdí is bonn le luach reatha dhliteanais na scéimeanna	410,639	(452,112)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach a aithníodh sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile	437,168	(278,110)

Níltear tar éis aon sócmhainn chánach iarchurtha a aithint maidir leis an easnamh pinsean thuas toisc nach dócha go mbeidh brabúis inchánacha ag an nGrúpa cuíosach luath amach anseo.

Scéim pinsean le sochair shainithe

Tá dhá scéim pinsean le sochair shainithe ag an ngrúpa, agus tá a gcuid sócmhainní ar seilbh i gcistí a ndéantar riaradh ar leithligh orthu. Tugann na scéimeanna sochair scoir ar bhonn thuarastail deiridh na mball. Tá na scéimeanna á riar ag iontaobhaithe neamhspleácha, atá freagrach as a chinntiú go bhfuil na scéimeanna cistithe go cúí chun oibleagáidí atá ann faoi láthair agus oibleagáidí amach anseo a chomhlíonadh. D'aontaigh an Grúpa plean cistithe leis na hiontaobhaithe, trína ndéantar gnáth-ranníocaíochtaí leis na scéimeanna ar bhonn céatadán de thuarastail na bhfostaithe gníomhacha.

Cuirtear athbhreithnithe achtúireacha iomlána i gcrích gach 3 bliana. Rinneadh an t-athbhreithniú achtúireach is déanaí amhail an 31 Nollaig 2014. Ba é €1.76 billiún luach margaidh shócmhainní na scéimeanna ag an dáta sin, arbh ionann é agus 86.0% de na sochair a bhí fabhráithe chuig baill bunaithe ar sheirbhís agus pá inphinsin go dtí dáta an athbhreithnithe. Tá tuarascálacha achtúireacha ar fáil do bhaill na scéimeanna ach ní sholáthraítear iad le haghaidh iniúchadh an phobail.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

24 Costais sochar iar-scoir (ar lean)

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh sna luachálacha:

	An 31 Nollaig 2015	An 31 Nollaig 2014
	% bliantúil	% bliantúil
Ráta Lascaine	2.6	2.1
Ráta an bhoilscithe	1.6	1.6
Ráta ionchais maidir le méadú ar phinsin atá á n-íoc**	1.6	1.6
Ráta ionchais maidir le méaduithe ar thuarastail**	1.6	1.6

** Sosadh pá inphinsin (i.e. méadú 0%) go 2,024 (2014: 2017), ag filleadh ar 1.6% ina dhiaidh sin.

Seo a leanas an meán-ionchas saoil, i mblianta, atá ag ball a bheidh ag imeacht ar scor in aois 65:

	An 31 Nollaig 2015	An 31 Nollaig 2015	An 31 Nollaig 2014	An 31 Nollaig 2014
	Fear	Bean	Fear	Bean
45 bliana d'aois faoi láthair	23.6	25.7	23.5	25.6
65 bliana d'aois faoi láthair	21.1	23.6	20.9	23.5

Ba iad sócmhainní na scéime:

	2015	2014
	€'000	€'000
Gnáthscaireanna	789,975	801,157
Maoin	140,273	121,382
Bannaí	709,932	651,957
Airgead tirim/Roghanna	195,658	186,427
Iomlán	1,835,838	1,760,923

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

24 Costais sochar iar-scoir (ar lean)

Athrú ar luach reatha na ndliteanas i rith na bliana:

	2015	2014
	€'000	€'000
Luach reatha tosaigh na ndliteanas	2,462,703	1,956,134
Costas seirbhíse reatha	57,681	34,646
Riarachán agus costais oibriúcháin eile	1,550	1,550
Costas úis	50,961	73,945
Ranníocaíochtaí na mball	17,817	17,702
Glansochair a íocadh	(73,461)	(72,998)
(Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha ar dhliteanais mar gheall ar athruithe ar thoimhdí	(410,639)	452,112
Caillteanais/(gnóthachain) achtúireacha ar dhliteanais de bharr thaithe na scéimeanna	16,557	(388)
Costas seirbhíse roimhe seo	1,072	–
Luach reatha deiridh na ndliteanas	2,124,241	2,462,703

Eascraíonn dliteanais na scéimeanna uile anseo thuas ó scéimeanna atá lán-chistithe.

Athrú ar luach cóir na sócmhainní i rith na bliana:

	2015	2014
	€'000	€'000
Luach cóir tosaigh na sócmhainní	1,760,923	1,538,389
Toradh ionchais ar shócmhainní na scéimeanna pinsean	36,926	59,033
Ranníocaíochtaí fostóra	50,547	45,183
Ranníocaíochtaí na mball	17,817	17,702
Glansochair a íocadh	(73,461)	(72,998)
Gnóthachain achtúireacha ar shócmhainní	43,086	173,614
Luach cóir deiridh na sócmhainní	1,835,838	1,760,923

Toradh iarbhír ar shócmhainní:

	2015	2014
	€'000	€'000
Toradh ionchais ar shócmhainní	36,926	59,033
Gnóthachain achtúireacha ar shócmhainní	43,086	173,614
Toradh iarbhír ar shócmhainní	80,012	232,647

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

25 Caipiteal agus Ceangaltas eile

	2015	2014
	€'000	€'000
Conradh déanta ina leith	71,696	100,231
Údaraithe ag an mBord ach gan conradh déanta ina leith	217,245	208,109
	288,941	308,340

Tá deontais chaipitiúil ar fiú €229 milliún iad ceadaithe i ndáil leis an gcaiteachas thuasluaite (2014: €258 milliún).

Ag deireadh na bliana airgeadais, ba iad na híocaíochtaí léasa íosta todhchaíocha faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú

	Ar ghléasra agus tre-alamh/mótar fheithiclí	Ar ghléasra agus tre-alamh/mótar fheithiclí
	2015	2014
	€'000	€'000
Laistigh d'aon bhliain amháin	1,934	1,705
Idir bliain amháin agus cúig bliana	5,681	1,227
	7,615	2,932

Buaicphointí

Ráiteas an Chathaoirigh

Athbavéithniú

Ráitis Airgeadais

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

26 Ionstraimí airgeadais

Tá na hionstraimí airgeadais seo a leanas ag an nGrúpa:

	2015	2015	2014	2014
	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus cailteanais				
- Scaireanna liostaithe	-		20	
		-		20
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile				
- Ionstraimí airgeadais díorthacha	179		2,802	
		179		2,802
Sócmhainní airgeadais ar ionstraimí fiachais iad arna dtomhas ar chostas amúchta				
- Méideanna trádála infhaighte	24,139		23,295	
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	9,359		9,743	
- Méideanna infhaighte eile	42,621		36,888	
		76,119		69,926
Airgead tirim agus airgead sa bhanc, ar lámh		59,404		50,477
Sócmhainní airgeadais ar ionstraimí cothromais iad arna dtomhas ar a gcostas lúide lagú				
		-		-
Dliteanais airgeadais ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile				
- Ionstraimí airgeadais díorthacha	30,588		32,170	
		30,588		32,170
Dliteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta				
- Iasachtaí bainc agus rótharraingtí bainc	53,893		66,515	
- Creidiúnaithe trádála	68,466		61,204	
- Creidiúnaithe eile	38,812		33,816	
- Léasanna airgeadais	395		2,473	
		161,566		164,008

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

26 Ionstraimí airgeadais (ar lean)

Tá na hionstraimí airgeadais seo a leanas ag Eintiteas CIÉ:

	2015	2015	2014	2014
	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais				
- Ionstraimí airgeadais díorthacha	179		2,802	
		179		2,802
Sócmhainní airgeadais ar ionstraimí fiachais iad arna dtomhas ar chostas amúchta				
- Méideanna trádála infhaighte	1,303		850	
- Méideanna atá dlite ó fhochuideachtaí	-		-	
- Méideanna infhaighte eile	2,251		4,402	
		3,554		5,252
Airgead tirim agus airgead sa bhanc, ar lámh		55,515		47,116
Sócmhainní airgeadais ar ionstraimí cothromais iad arna dtomhas ar a gcostas lúide lagú				
		-		-
Dliteanais airgeadais ar luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais				
- Ionstraimí airgeadais díorthacha	30,588		32,170	
		30,588		32,170
Dliteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta				
- Iasachtaí bainc agus rótharraingtí bainc	53,722		66,387	
- Creidiúnaithe trádála	555		626	
- Méideanna atá dlite d'fhochuideachtaí	200,969		178,580	
- Creidiúnaithe eile	7,159		6,992	
- Léasanna airgeadais	395		2,473	
		262,800		255,058

Buaicphointí

Ráiteas an Chathaoirigh

Athbavéithníú

Ráitis Airgeadais

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

26 Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Ionstraimí Airgeadais Díorthacha – Réamhchonarthaí

Déanann an Grúpa réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh chun maolú a dhéanamh ar riosca malairte de bharr idirbhearta airgeadais a bheith ainmnithe in airgeadra seachas euro.

Ar an 31 Nollaig 2015, bhí gealltanais tugtha ag CIÉ STG £15.7 milliún a cheannach, US\$5.0 milliún a cheannach, US\$2.5 milliún a dhíol agus AUS \$3.0 milliún a dhíol faoi réamhchonarthaí airgeadra a rachaidh in éag le linn 2016. Is é an luach cóir na gconarthaí sin ar an 31 Nollaig 2015 dliteanas €0.1 milliún (2014: sócmhainn €1.7 milliún).

Déantar na réamhchonarthaí airgeadra a thomhas ar a luach cóir, a chinntear trí theicnící luachála a bhaineann leas as ionchuir inbhraite. Is iad na príomh-ionchuir a úsáidtear agus na díorthaigh á luacháil ná na rátaí réamh-mhalairte i leith EUR:USD, EUR:GBP agus EUR:AUD.

Ionstraimí Airgeadais Díorthacha – Babhtálacha Rátaí Úis

Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí conarthaí fálaithe ráta úis i bhfeidhm ag CIÉ chun ar a laghad 50% den neamhchosaint ráta úis ar a shaoráid iasachta téarmaí a chlúdach.

Faoin socrú fálaithe, socraítear an t-ús iomlán atá iníoctha ar an tsaoráid iasachta téarmaí euro. Rachaidh na conarthaí sin in éag i mí Iúil 2017. Ba é luach cóir na gconarthaí sin amhail an 31 Nollaig 2015 dliteanas €1.0 milliún (2014: sócmhainn €1.1 milliún). Íoctar an sreabhadh airgid ar an iasacht agus ar na babhtálacha rátaí úis go ráithiúil go dtí 2017.

Tá sonraí maidir le haibíocht an fhéich fhadtéarmaigh leagtha amach i Nóta 20.

Ionstraimí Airgeadais Díorthacha – Conarthaí Babhtála Tráchtarraí

Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí ceangal ar CIÉ ola a cheannach faoi chonarthaí babhtála tráchtarraí ar fiú US\$ 74.0 milliún iad, conarthaí a rachaidh in éag in 2016 agus 2017. Ba é an luach cóir na gconarthaí sin amhail an 31 Nollaig 2015 dliteanas €29.3 milliún (2014: dliteanas €30.0 milliún).

27 Dliteanais Theagmhasacha

Dlíthíocht ar feitheamh

Cuirtear imeachtaí dlí éagsúla ar an nGrúpa ó am go chéile. Is é tuairim an Bhoird nach mbeidh cailleanais, más ann dóibh, a eascróidh as na nithe sin níos mó go hábhartha ná na soláthairtí atá sna ráitis airgeadais.

Deontais infhaighte

Tá gach iarratas ar dheontais a dhéantar leis an Aontas Eorpach faoi réir dianphróiseas iniúcháireachta. Tá muinín ag an nGrúpa go bhfuil sé ag cloí le nósanna imeachta agus coinníollacha an Aontais Eorpaigh ach go dtí go mbeidh an tuarascáil deiridh ar fáil beidh an seans ann go measfar gur neamh-incháilithe iad roinnt gnéithe den chaiteachas atá le héileamh nó atá éilithe cheana féin. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cuid den chistiú nó iomlán an chistithe i leith tionscadail áirithe infhaighte agus d'fhéadfadh roinnt deontas a fuarthas go dtí seo a bheith in-aisíoctha; féach Nóta 11 le do thoil le haghaidh tuilleadh sonraí i ndáil le deontais a fuair an Grúpa.

Déantar caiteachas caipitiúil an Ghrúpa i leith an fhliú bus OSP a chistiú trí Dheontais Chaipitiúil ón Údarás Náisiúnta Iompair. Cuirtear an cistiú sin ar fáil ag teacht le forálacha an Chonartha Dírdhámhachtana, a síníodh ar an 1 Nollaig 2014, agus eascraíonn dliteanais theagmhasacha áirithe faoi na comhaontuithe sin. Creideann na Comhairle Boird gur fíorbheag é an baol go bhfeidhmeoidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair a chearta faoi na comhaontuithe a bhaineann leo.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

28 Aistriú chuig FRS 102

Is é seo an chéad bhliain inar chuir an Grúpa agus CIÉ i láthair a gcuid ráiteas airgeadais faoi FRS 102. Is i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2014 a bhí na ráitis airgeadais dheireanacha faoin ngnáthchleachtas cuntasáochta in Éirinn. Ba é an 1 Eanáir 2015 dáta an aistrithe go dtí FRS 102. Leagtar amach thíos na hathruithe ar na beartais chuntasáochta lena réitítear an brabús don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2014 leis an gcothromas iomlán amhail an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014, idir an gnáthchleachtas cuntasáochta in Éirinn roimhe seo agus FRS 102.

Grúpa

	Nótaí	2014 €'000	2014 €'000
Cuntas brabúis agus cailteanais			
Réiteach an bhrabúis don bhliain airgeadais			
An gnáthchleachtas cuntasáochta in Éirinn – Mar a tuairiscíodh roimhe seo			9,821
Scéim pinsean sochar sainithe	A	(7,667)	
Sócmhainn sheasta inláimhsithe	B	(4,816)	
Réamhíocaíochtaí fógraíochta	C	(637)	
Coigeartú iomlán ar an mbrabús roimh cháin don bhliain airgeadais			(13,120)
FRS 102			(3,299)

Grúpa

	Nótaí	2014 €'000
Ioncam cuimsitheach eile		
Réiteach an ioncaim chuimsithigh eile		
An gnáthchleachtas cuntasáochta in Éirinn – Mar a tuairiscíodh roimhe seo		(285,777)
Athrú ar dhliteanais sochar iar-scoir	A	7,667
Athrú ar luach na hionstraime fálaithe	D	(32,064)
FRS 102		(310,174)

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

28 Aistriú chuig FRS 102 (ar lean)

Grúpa

		An 1 Eanáir 2014	An 31 Nollaig 2014
Cothromas	Notaí	€'000	€'000
Réiteach an Chothromais			
An gnáthchleachtas cuntasáochta in Éirinn - Mar a tuairiscíodh roimhe seo		(302,235)	(578,191)
Scéim pinsean sochar sainithe	A	-	-
Sócmhainní seasta inláimhsithe	B	(2,717)	(7,533)
Athrú ar luach na hionstraime fálaithe	D	2,696	(29,368)
Réamhíocaíochtaí fógraíochta	C	(256)	(893)
FRS 102		(302,512)	(615,985)

Eintiteas CIÉ

		An 1 Eanáir 2014	An 31 Nollaig 2014
Cothromas	Notaí	€'000	€'000
Réiteach an Chothromais			
An gnáthchleachtas cuntasáochta in Éirinn - Mar a tuairiscíodh roimhe seo		312,124	305,682
Scéim pinsean sochar sainithe	A	(417,745)	(701,780)
Athrú ar luach na hionstraime fálaithe	D	2,696	(29,368)
Réamhíocaíochtaí fógraíochta	C	(256)	(893)
FRS 102		(103,181)	(426,359)

(a) Scéim pinsean sochar sainithe

Faoin ngnáthchleachtas cuntasáochta in Éirinn roimhe seo níor aithníodh an glandliteanas pinsean sochar sainithe ach amháin i gclár comhardaithe comhdhlúite an Ghrúpa. Faoi FRS 102 aithnítear an glandliteanas pinsean sochar sainithe i ráitis airgeadais aonair CIÉ.

Faoin ngnáthchleachtas cuntasáochta in Éirinn roimhe seo, d'aithin Grúpa CIÉ toradh ionchais ar leithligh ar shócmhainní an phlean sochar sainithe sa chuntas brabúis agus cailteanais. Aithníodh an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní an phlean agus an toradh iarbhir mar chuid den ngnóthachan nó an cailteanas achtúireach ar phinsin sochar sainithe.

28 Aistriú chuig FRS 102 (ar lean)

Faoi FRS 102, ceanglaítear glanchostas úis, bunaithe ar an nglanlíteanas sochar sainithe agus an ráta lascaine a cinneadh ag tús na bliana, a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais. Is iad na hathruithe a rinneadh ar bheartais chuntasaíochta an Ghrúpa ná glanmhéid úis arna ríomh tríd an ráta lascaine a chur i bhfeidhm ar an nglanlíteanas sochar sainithe (sócmhainn) a chur in ionad an chostais úis agus an toraidh ionchais ar shócmhainní a áiríodh roimhe seo sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Níor tháinig aon athrú ar an dlíteanas sochar sainithe amhail an 1 Eanáir 2014 ná an 31 Nollaig 2014. Is é an éifeacht a bhí ag an athrú ar an gcaoi a gcinntear an glanchostas úis ná €7.7 milliún a chur leis an gcostas pinsean sochar sainithe sa chuntas brabúis agus caillteanais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2014 agus laghdú den mhéid céanna a dhéanamh ar atomhas an ghlanlíteanais sochar sainithe san ioncam cuimsitheach eile.

(b) Dímheas na sócmhainní seasta inlámhsithe

Baineann an tionchar is ábhartha atá ag Alt 17 'Property, Plant and Equipment' de FRS 102 leis an gcuntasaíocht i leith sócmhainní bonneagair laistigh den Ghrúpa. Faoin ngnáthchleachtas cuntasaíochta in Éirinn, coinníodh cuntas ar na sócmhainní sin de réir na rialacha cuntasaíochta um athnuachan atá ceadaithe faoi FRS 15 'Tangible Fixed Assets'. Ní cheadaítear cuntasaíocht ar bhonn athnuachana faoi FRS 102 agus dá bhrí sin b'éigean athrú a dhéanamh ar an gcaoi a gcoinnítear cuntas ar na sócmhainní ar aistriú go dtí FRS 102.

Faoin gcuntasaíocht ar bhonn athnuachana, mar a ceadaíodh faoi FRS 15, glacadh leis gur sócmhainní aonair iad na gréasáin bhonneagair iarróid agus b'ionann an muirear dímheasa agus leibhéal measta an chaiteachais bhliantúil a bhí riachtanach chun acmhainneacht oibríochta na ngréasán a chothabháil.

Ní cheadaítear cuntasaíocht ar bhonn athnuachana faoi FRS 102. Tá luach anonn na sócmhainní bonneagair athríoifa dá bharr sin amhail is nár glacadh cuntasaíocht ar bhonn athnuachana riamh.

Faoi FRS 102, rinneadh an caiteachas bonneagair a chomhlíonann na critéir aitheantais i leith sócmhainní seasta inlámhsithe a chaipitliú ar a chostas agus a dhímheas thar a shaol tuartha. Tá an caiteachas a bhaineann le deisiú nó cothabháil curtha síos mar chaiteachas.

I gcás deontas agus ranníocaíochtaí i leith bonneagar, a cuireadh i láthair roimhe seo mar asbhaintí ón gcostas bonneagair faoi FRS 15, sannadh iad don ioncam iarchurtha agus rinneadh iad a amúchadh thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainní gaolmhara.

Faoi FRS 102 roghnaigh an Grúpa na sócmhainní bonneagair a thomhas amhail an 1 Eanáir 2014, arb é dáta an aistrithe go dtí FRS 102, ar a gcostas coinneála ar an dáta sin arna choigeartú i leith saol úsáideach tuartha amhail is gur glacadh FRS 102 i gcónaí.

Níl aon difríochtaí suntasacha idir FRS 15 agus Alt 17 de FRS 102 maidir leis na sócmhainní seasta eile seachas an t-aicmiú ar leithligh ar shócmhainní áirithe mar shócmhainní dolámhsithe seachas sócmhainní inlámhsithe de réir Alt 18 'Intangible Assets' de FRS 102.

Tá na sócmhainní curtha i ngrúpaí de réir cineáil, agus tá dímheas déanta orthu thar a saol úsáideach tuartha.

(c) Réamhíocaíochtaí fógraíochta

I gcás costais fógraíochta áirithe a aithníodh roimhe seo mar réamhíocaíochtaí, cláraítear mar chaiteachas iad ar aistriú go dtí FRS 102. Éilíonn FRS 102 go gclárófar mar chaiteachas gach caiteachas ar fhógraíocht agus ar ghníomhaíochtaí promóisin sa bhliain ina dtabhaítear é.

(d) Ionstraimí airgeadais díorthacha

Níor ceanglaíodh ar CIÉ roimhe seo ionstraimí airgeadais díorthacha a aithint ar a chlár comhardaithe. Aithníodh éifeachtaí na n-ionstraimí airgeadais díorthacha sa chuntas brabúis agus caillteanais nuair a socraíodh iad.

28 Aistriú chuig FRS 102 (ar lean)

Faoi FRS 102, éilítear go n-aithneofaí ionstraimí airgeadais díorthacha mar shócmhainn airgeadais nó mar dhliteanas airgeadais, ar a luach cóir, nuair a thiocfaidh CIÉ chun a bheith ina pháirtí i bhforálacha conarthacha na n-ionstraimí airgeadais díorthacha. Déantar ionstraimí airgeadais den sórt sin a thomhas ina dhiaidh sin ar a luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile sa chás ina bhfuil siad incháilithe agus ainmnítear iad mar ionstraimí fálaíthe ar an sreabhadh airgid nó sa chuntas brabúis agus cailteanas sa mhéid is go bhfuil siad neamhéifeachtach nó nach gcáilíonn siad do chuntasáocht faoina ndéantar fálú ar an sreabhadh airgid.

(e) Coigeartuithe eile

De réir FRS 102, i gcás bogearraí ríomhaire le glanluach €12.3 milliún de réir na leabhar ar an 31 Nollaig 2014, tá athaicmiú déanta orthu ina sócmhainní seasta doláimhsithe sa bhliain reatha.

Tá méideanna comparáideacha áirithe a bhaineann le blianta roimhe sin athaicmithe ar bhonn a thagann leis an mbliain reatha chun cur chuige Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) a chomhlíonadh.

29 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

I ngnáthchúrsa gnó, ceannaíonn an Grúpa earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, Banc na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó an Ghrúpa.

Tá an Grúpa díolmhaithe ó cheangaltas nochta alt 33.9 de FRS 102 maidir le hidirbhearta leis na heintitis ar páirtí gaolmhar iad de bhua smacht, comhrialú nó tionchar suntasach a bheith ag an Stát céanna ar an eintiteas tuairiscithe agus ar an eintiteas eile.

30 Ballraíocht an Ghrúpa

Ainm	Príomhghníomhaíocht
Cuideachta sealbhaíochta:	
Córas Iompair Éireann	- Seirbhísí iompair poiblí
Fochuideachtaí (ar fochuideachtaí iad ar fad atá faoi úinéireacht iomlán)	
Iarnród Éireann – Irish Rail	- Seirbhísí iarnróid poiblí (paisinéirí agus lasta)
Bus Éireann – Irish Bus	- Seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí
Bus Átha Cliath – Dublin Bus	- Seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí
CIÉ Tours International Incorporated	- Turais

Is cuideachtaí corpraithe iad Iarnród Éireann – Irish Rail, Bus Éireann – Irish Bus agus Bus Átha Cliath – Dublin Bus, agus bíonn siad ag feidhmiú go príomha i bPoblacht na hÉireann. Tá na trí chuideachta sin corpraithe faoi fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, 2014, mar fhochuideachtaí faoi úinéireacht iomlán Chóras Iompair Éireann de réir Alt 6 den Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986. Is gnáth-scairchaipiteal atá i leasanna ar fad an Ghrúpa sna fochuideachtaí.

Tá CIÉ Tours International corpraithe i Nua-Eabhrac agus bíonn sé ag feidhmiú i Meiriceá Thuaidh. Is é an príomhghníomhaíocht atá aige ná turais cóiste in Éirinn, mar aon le gníomhaíochtaí coimhdeacha, a dhíol agus a chur chun cinn i margaí áirithe lasmuigh d'Éirinn. Ceannaíonn sé na pacáistí turais ó CIÉ.

Seo a leanas oifigí cláraithe na bhfochuideachtaí:

Iarnród Éireann – Irish Rail	Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1
Bus Éireann – Irish Bus	An Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7
Bus Átha Cliath – Dublin Bus	59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1
CIÉ Tours International Incorporated	10 Park Place, Suite 510, P.O. Box 1965, Morristown NJ 07962-1965

Buaicphointí

31 Imeachtaí ó dheireadh na bliana airgeadais

Níl na Comhaltaí Boird ar an eolas faoi aon imeachtaí ó dheireadh na bliana airgeadais a fhágann nach mór coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais nó nochtadh a dhéanamh iontu.

32 Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais ar an 6 Aibreán 2016.

Ráiteas an Chathaoirigh

Athbavéithniú

Ráitis Airgeadais

